



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



Tuarascáil
Bhliantúil

2022

Réamhrá

Tá gliondar croí orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Dhún na nGall don bhliain 2022 a chur i láthair, ina dtugtar chun solais ár n-éachtaí le 12 mhí anuas agus ina dtugtar cuntas ar an scóip fhairsing ghníomhaíochtaí, sheirbhísí agus thacaíochtaí faoina dtugann Comhairle Contae Dhún na nGall chun tacú leis na pobail ar a bhfreastalaimid.

Léiríomar an cumas atá againn le chéile seirbhísí a oiriúnú, a nuálú agus a chothú agus éiginnteacht agus cruachás i gceist. Tháinig a dhúshlán féin aníos in 2022, go háirithe roimh ghnólachtaí, tráth ina raibh costais i bhfad ní b'airde fuinnimh ann, inar thit an ghéarchéim chostais maireachtála amach, ina raibh ardbhoilsciú ann, den chuid ba mhó, agus inar lean tionchar geilleagrach an chogaidh san Úcráin á imirt.

Aithnímid sárobair na n-oibríthe deonacha agus na ngníomhaireachtaí go léir a bhí bainteach i bhFóram Freagartha Pobail na hÚcráine i nDún na nGall, a bunaíodh i Márta 2022 le freagairt chomhordaithe a sholáthar chun tacú le dídeanaithe a bhí ag teacht ón Úcráin, a nglacann gach ceann díobh le ról ríthábhachtach chun dídeanaithe Úcránacha a fháiltiú chuig ár dtír.

In ainneoin na timpeallachta leanúnaí dúshlánaí in 2022, thug Comhairle Contae Dhún na nGall aghaidh ar réimse fairsing príomhthionscadail bhonneagracha, faoi mar a dtugtar cuntas air sa tuarascáil seo.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar ar fud Dhún na nGall, agus críochnaíodh scéimeanna nua i mBun Cranncha agus i nDún Fionnachaidh. Críochnaíodh éadálacha lándéanta i mBaile Dhún na nGall agus i mBéal Átha Seanaidh araon. Bunaíodh foireann thiomnaithe um éadail talún le tailte a shainaithe agus a éadail ar fud an chontae le haghaidh tithíocht shóisialta agus díriú ar chuspóirí "Tithíocht do Chách" - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn a bhaint amach.

Rinneadh Swan Park i mBun Cranncha a chríochnú agus a oscailt in 2022 tar éis go ndearnadh díobháil fhorleathan dó le linn na dtuillte millteanacha a thit amach in 2017. Bronnadh €1.7m ar an tionscadal tríd an Chiste Athghiniúna Tuaithe agus sholáthair an Chomhairle comhchistiú €500,000.

Tosaíodh an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae 2018-2024 in 2022, agus rinneadh breithniú ar phleananna do Bhun Dobhráin, Bealach Féich/Srath an Urláir agus Bun Cranncha, agus cuireadh plean chun cinn do Leitir Ceanainn, ar Ionad Fáis Réigiúnach ainmnithe é.

Bunaíodh Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil in 2022 atá freagrach as líon tionscadail mhóra chaipitil a bhainistiú agus a sholáthar ar fud an chontae trí na céimeanna mionsonraithe dearaidh agus tógála, Tionscadal Turasóireachta an Dúin Riabhaigh, an Tionscadal Athghiniúna ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór agus Tionscadal Abhann an tSratha Báin/Leifir.

I ngeall gur saincheist shainiúil ár linne é athrú aeráide, tá oiriúnú don aeráid agus maolú fite fuaite go smior san obair agus sna seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle seo ar bhonn laethúil. Tá Grúpa Forbartha an Réigiúin Thiar Thuaidh, ina bhfuil Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Ceantair an tSratha Báin, tiomanta d'obair le chéile mar a shonraítear i Straitéis Fuinnimh an Réigiúin Thiar Thuaidh agus é ina uailmhian ár gcórais fuinnimh a dhícharbónú agus é ina aidhm astaíochtaí carbóin atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoin bhliain 2045. Chuige seo, tá Gníomhaireacht Fuinnimh an Réigiúin Thiar Thuaidh á bunú faoi láthair agus gníomhóidh sí mar ionad ilfhreastail do shaoránaigh, gnólachtaí agus pobail ar mian leo aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus tacaíochtaí AE agus Náisiúnta a fháil atá ar fáil, trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) san áireamh.



An tAire Heather Humphries TD ag oscailt Pháirc Swan go hoifigiúil

Nuair a baineadh na srianta, ba bhuaicphointe in 2022 gurbh fhéidir arís eile fáiltiú Cathartha/Méara a chur ar siúl le héachtaí daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí agus an méid a chuireann siad leis an tsochaí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta a aithint. Bronnadh onóir Shaoirse an Chontae ar an Laoch Gailf Éireannach, Paul McGinley in 2022 ag Fáiltiú Cathartha speisialta an 15 Lúnasa 2022 in Óstán agus Ionad Gailf Mhachaire Loiscthe sna Dúnaibh, mar aitheantas ar a éachtaí gailf agus ar an ollmhéid a chuir sé le Dún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe gailf. Thit an fáiltiú seo amach i gcomhthráth le Comórtas Gailf Laochra na hÉireann, arbh í Comhairle Contae Dhún na nGall an comhpháirtí oifigiúil agus chuir an Chomhairle Féile Ghailf ar siúl i gcomhthráth leis an chomórtas seo.

Ábhar mór bróin dúinn an tragóid ollmhór a aithint a thit amach sa Chraoslach Dé hAoine, an 7 Deireadh Fómhair 2022, tráthnóna a bhain stangadh as an náisiún ar fad agus níos faide i gcéin. Guímid ar son teaghlach iad siúd inar maraíodh daoine muinteartha agus ar son Phobal iomlán an Chraoslaigh agus smaoinímid orthu.

Léirímid ómós ar ár seirbhísí éigeandála agus ar fhoireann na Comhairle a rinne an tarrtháil a stiúradh faoi chúinsí deacra agus dúshlánacha, agus go deimhin orthu siúd go léir a chabhraigh ar bhealach ar bith. Léirigh an tragóid seo an neart, an teacht aniar agus an aontacht as cuimse atá ag pobal nuair a thagann sé le chéile chun cabhrú agus tacú lena chéile agus tubaiste i gceist.

Aithnímid go n-imreoidh an tragóid seo tionchair ar feadh go leor blianta agus geallaimid, mar Chomhairle, go dtabharfaimid tacaíocht leanúnach do Phobal an Chraoslaigh sna blianta amach romhainn.

Fad a thugaimid ár gcosa linn as na dúshláin a bhí romhainn le blianta beaga anuas, aithnímid an tábhacht a bhaineann le leanúint le ceannas a ghlacadh ar chomhpháirtíochtaí ar leibhéal áitiúil, caidreamh a athnuachan agus a fhorbairt idir saoránaigh agus seirbhísí poiblí agus cur le hacmhainn an phobail a forbraíodh.

Geallaimid inár bPlean Corparáideach do leanúint lenár n-obair le gach comhpháirtí le dícheall a dhéanamh riachtanais reatha, athraitheacha agus amach anseo Dhún na nGall agus ár bhfís chomhroinnte a sholáthar don chontae. Táimid ag tnúth le forbairt leanúnach ár gcontae in 2023 ar mhaithe leis an ghlúin reatha agus na glúnta amach anseo.

Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh le baill thofa, bainistíocht agus foireann na Comhairle, a bhfuil páirt lárnach ag a dtiomantas agus a ndúthracht in “Oibriú le sochaí láidir inbhuanaithe agus ionchuimsitheach i nDún na nGall a thógáil ina bhfuil geilleagar iomaíoch agus nuálach agus pobail faoi rath, ina gcothaítear sárchaighdeán beatha atá saibhir ó thaobh cultúir de”



John G. McLaughlin

John G. McLaughlin
Príomhfheidhmeannach




Liam Blaney

An Cllr Liam Blaney
Cathaoirleach

Clár na nÁbhar

Réamhrá	1
Ceantair Bhardasacha Dhún na nGall	4
Baill Chomhairle Contae Dhún na nGall	5
Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall	8
Cruinnithe na Comhairle in 2022	9
Onóracha/Fáilithe Cathartha 2022	10
Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála	11
Corparáideach, Tithíocht, agus Cultúr	37
Forbairt Gheilleagrach, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála	55
Airgeadas	75
Bóthar agus Iompar	81
Uisce agus Comhshaol	91

Ceantair Bhardasacha Dhún na nGall



Baill Chomhairle Contae Dhún na nGall

Ceantar Bardasach Dhún na nGall



An Comh. Tom Conaghan
Neamhspleách



An Comh. Noel Jordan
Sinn Féin



An Comh. Niamh Kennedy
Neamhspleách



An Comh. Michael McMahon
Sinn Féin



An Comh. Mícheál Naughton
Fianna Fáil



An Comh. Barry Sweeny
Fine Gael

Ceantar Bardasach na nGleannta



An Comh. Marie Therese
Gallagher
Sinn Féin



An Comh. Mícheál Cholm
Mac Giolla Easbuig
Neamhspleách



An Comh. Michael
McClafferty
Neamhspleách



An Comh. Noreen
McGarvey
Neamhspleách



An Comh. Anthony
Molloy
Fianna Fáil



An Comh. John Shéamuis
Ó Fearraigh
Sinn Féin

Ceantar Bardasach Inis Eoghain



An Comh. Paul Canning
Fianna Fáil



An Comh. Nicholas Crossan
Neamhspleách



An Comh. Terry Crossan
Sinn Féin



An Comh. Albert Doherty
Sinn Féin



An Comh. Rena Donaghey
Fianna Fáil



An Comh. Martin Farren
Páirtí an Lucht Oibre



An Comh. Martin McDermott
Fianna Fáil



An Comh. Johnny McGuinness
Fine Gael



An Comh. Jack Murray
Sinn Féin

Ceantar Bardasach Leifir/Shrath an Urláir



An Comh. Gerry Crawford
Fianna Fáil



An Comh. Gary Doherty
Sinn Féin



An Comh. Liam Doherty
Sinn Féin



An Comh. Martin Harley
Fine Gael



An Comh. Frank McBrearty
Neamhspleách



An Comh. Patrick McGowan
Fianna Fáil

Ceantar Bardasach Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach



An Comh. Liam Blaney
Fianna Fáil



An Comh. Ciaran Brogan
Fianna Fáil



An Comh. Kevin Bradley
Neamhpháirtí



An Comh. Donal Coyle
Fianna Fáil



An Comh. Jimmy Kavanagh
Fine Gael



An Comh. Michael McBride
Neamhspleách



An Comh. Ian McGarvey
Neamhspleách



An Comh. Gerry McMonagle
Sinn Féin



An Comh. John O'Donnell
Neamhspleách



An Comh. Donal
Mandy Kelly
Fianna Fáil

Struchtúr Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall



Cruinnithe na Comhairle 2022



Leanadh le meascán de chruinnithe hibrídeacha agus fisiciúla a chur ar bun in 2022 agus tionóladh roinnt in ionaid thraidisiúnta agus cinn eile in Ionad Fóillíochta an Aura. Tionóladh cruinnithe tar éis na paindéime, sa ráithe dheireanach in 2022, arís eile i Seomra na Comhairle i gCeanncheathrú na Comhairle i Leifear.

Grúpa Cruinnithe	Líon na gCruinnithe	Grúpa Cruinnithe	Líon na gCruinnithe
Cruinnithe na Comhairle	20	Coiste Sláinte Dhún na nGall	1
Grúpa Beartais Chorporáidigh	8	Coiste an Bhreathimeachta	0
CB Dhún na nGall	11	Coiste Sásaímh Míoca	3
CB na nGleannta	11	Bord Comhairleach Óige Dhún na nGall	0
CB Inis Eoghain	10	Coiste na Gaeilge	3
CB Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach	12	CFPÁ/GÁG	10
CB Leifir/Shrath an Urláir	7	An Coiste um Luach ar Airgead	1
An CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol	4	Comhchoiste Póilíneachta Chomhairle Contae Dhún na nGall	4
An CBS Pobail, Sóisialta agus Cultúir	3	An Coiste Iniúcháireachta	4
An CBS Bóithre agus Iompair	4	An Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe	1
An CBS Tithíochta agus Corparáideach	4	An Coiste Iascaigh	3
An CBS Pleanála	4	Coiste na nOileán	4
An CBS Forbartha Geilleagraí, Fiontair agus Éigeandála	3	Fóram Oidhreachta Dhún na nGall	4
An Coiste Freagartha Éigeandála	3	An Grúpa Oibre um Athrú Bunreachtúil	1
An Coiste Talmhaíochta	4		
Total		147	

Onóracha/Fáiltithe Cathartha 2022



Saoirse an Chontae do Paul McGinley

Bronnadh onóir Shaoirse an Chontae ar an Laoch Gailf Éireannach, Paul McGinley ag Fáiltiú Cathartha speisialta an 15 Lúnasa 2022 in Óstán agus Ionad Gailf Mhachaire Loiscthe sna Dúnaibh, mar aitheantas ar a éachtaí gailf sa Chomórtas Eorpach agus i gComórtas an PGA, gur bhuaigh sé captaenacht Fhoireann Chorn Ryder 2014 na hEorpa agus ar an ollmhéid a chuir sé le Dún na nGall a chur chun cinn mar cheann scríbe gailf.

Fáiltiú an Mhéara - Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

Cuireadh Fáiltiú Méara ar siúl i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach do Choláiste Ailigh, Leitir Ceanainn an 16 Bealtaine 2022, “mar aitheantas ar an gcur chun cinn a dhéanann siad ar an nGaeilge sa cheantar Comhairle Cathartha seo ó bunaíodh é agus le ceiliúradh a dhéanamh ar a gComóradh 21 Bliain agus ar an iomaí rath a bhí ar an scoil sa spórt, sna healaíona agus i ngnóthachtálacha acadúla”



Fáiltiú an Mhéara: Patrick Doherty agus Martin Orr, Geamaireacht Leitir Ceanainn

Cuireadh Fáiltiú an Mhéara ar siúl i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach an 10 Bealtaine 2022 do Patrick Doherty agus Martin Orr “mar aitheantas ar an méid a chuir siad leis an rath a bhí ar Gheamaireacht Leitir Ceanainn i gcaitheamh go leor blianta agus mar aitheantas ar an ollmhéid a chuir an gheamaireacht ó thaobh cúrsaí airgeadais le grúpaí agus carthanas áitiúil i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach.”



Fáiltiú an Mhéara: Club Cruicéid Leitir Ceanainn

Cuireadh Fáiltiú an Mhéara ar siúl i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach an 12 Iúil 2022 do Chlub Cruicéid Leitir Ceanainn “mar aitheantas ar an rath a bhí ar an gClub i gcomórtas i rith 2021 agus as an méid a chuir siad le cruicéad i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach.”



Fáiltiú an Mhéara: Susan McCauley, Teach Cara

Cuireadh Fáiltiú an Mhéara ar siúl i gCeantar Bardasach Leitir Ceanainn-Bhaile na nGallóglach an 11 Deireadh Fómhair 2022 do Susan McCauley ó Theach Cara “mar aitheantas ar a rannchuidiú agus a tiomantas mar chomhordaitheoir ar Ionad Acmhainní Teaghlaigh Teach Cara.”



Seirbhísí Forbartha Pobail agus Pleanála

Ár bPobail a Chumasú/an Fás a Thiomáint



€5.4m

de chistiú iomlán faighte do thionscadal “Na Cealla Beaga 2040”

agus tacaíocht chistithe bhreise

€4m

faighte ón

Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe

€7.63m de leithdháileadh táscach bronnta faoi

PEACEPLUS

€318,923

leithdháilte ar thionscadail faoin

Chlár

Gníomhaíochtaí

Pobail



€6.3m faighte don tionscadal “Athshamhlú ar Ráth Mealtain” faoin **Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe**

€10.4m fógartha maidir le **Clár LEADER 2023-2027** nua


€14.5m (breisiú tionscadail) faighte do “**Céim 1 de Leitir Ceanainn 2040**” faoin **Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí**

Buaicphointí 2022



215 tionscadal a bhain sochar as **€740,000** faoi **Thionscnamh an Chiste**

2,105 iarratas ar fhorbairt pleanála faighte



€12.47m faighte don **Dún Riabhach**

€236,000 leithdháilte ar thart ar **317** grúpa/tionscadal pobail ó **Chiste Forbartha na mBall**



Forbairt Pobail

Bainistíocht Cistí (Cistí Inmheánacha)

Cistie Forbartha na mBall

Rinneadh 541 leithdháileadh a chuaigh chun sochair 317 grúpa/tionscadal pobail ar fud an chontae ó Chiste Forbartha na mBall, ag a raibh buiséad €236,000 don bhliain 2022.

Tionscnamh an Chiste Forbartha

Leithdháileadh €740,000, ar an iomlán, ar 215 tionscadal/grúpa i measc na gcúig Cheantar Bhardasacha i rith 2022.

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall (CFPÁ)

Tá baill den earnáil phoiblí agus phríobháideach araon i gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Dhún na nGall (féach na hagusíní chun teacht ar an mballraíocht iomlán) agus chas siad ar a chéile deich n-uaire in 2022.

Athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (Monatóireacht agus Meastóireacht)

Seoladh na treoirlínte nua maidir le Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEPanna) a fhorbairt i lár mhí na Samhna 2021. Soláthraítear sna treoirlínte cuntas ar an bpróiseas faoina bhfuiltear le tabhairt chun PÁEP atá go hiomlán comhtháite a fhorbairt ar leibhéal áitiúil. Cé go soláthraítear an creat bunúsach sna treoirlínte don PÁEP, aithnítear iontu fosta go bhfuil gach limistéar Údarás Áitiúil éagsúil agus go dteastóidh idirghabháil éagsúil uathu chun tacú lena bhforbairt. Sa chomhthéacs seo, tá mar aidhm ag na treoirlínte tacú le cur chuige níos solúbtha i leith PÁEP a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Ceapadh sainchomhairleoirí chun Céim 1 de Phróiseas an PÁEP a dhéanamh, lena n-áirítear athbhreithniú ar an iar-PÁEP, agus Ráiteas Socheacnamaíoch agus Spriocanna Ardleibhéil a ullmhú bunaithe ar an anailís shocheacnamaíoch. Leanfar leis an PÁEP a chur chun cinn i rith 2023 agus súil leis go nglacfar é roimh dheireadh na bliana.

Forbairt Tuaithe/Clár LEADER

Soláthraíonn CFPÁ Dhún na nGall gné LEADER den Chlár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe. Feidhmíonn an CFPÁ fosta mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall mar Phríomh-Chomhpháirtí Airgeadais, agus lenár gceithre chomhpháirtí feidhmiúcháin, Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás na Gaeltachta agus Comhar na nOileán

Cheadaigh CFPÁ Dhún na nGall, ina ról mar an GÁG, leithdháileadh iomlán chistiú LEADER a bronnadh ar an gcontae don chlár 2014-2020 ar thionscadail a mhol Coistí Measúnaithe na gComhpháirtithe Feidhmithe áitiúla. Is ionann an leithdháileadh iomlán do Dhún na nGall don chlár 2014-2020 agus €13,413,875. Fuarthas maoiniú tionscadail €10,063,586 chomh maith le €3,228,467 leis an chlár a riar agus a bheochan ag ár gComhpháirtithe um Chur i bhFeidhm. Cheadaigh GÁG Dhún na nGall 231 tionscadal i nDún na nGall don chlár sa tréimhse 2014-2020.

I mí an Mhárta 2021 d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, T.D. sonraí faoi Chlár Idirthréimhseach LEADER arb ionann a luach agus €70 milliún. Tháinig maoiniú €45 milliún do Chlár Idirthréimhseach LEADER i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2021 agus €20 milliún do Chlár EURI (Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh) tar éis cead a bheith deonaithe leis ag Coimisiún an AE an 31 Iúil 2021.

Reáchtáladh an Clár Idirthréimhseach ó Aibreán go Nollaig 2022 agus leithdháileadh ciste iomlán €3,815,464 ar GÁG Dhún na nGall agus an miondealú seo a leanas air:

Buiséad an Tionscadail Idirthréimhsigh	Buiséad Riaracháin Idirthréimhsigh	Buiséad Thionscadail EURI	Buiséad Riaracháin EURI
€1,981,106	€660,369	€880,492	€293,497

Cheadaigh CFPÁ Dhún na nGall fosta, ina ról mar an GÁG, leithdháileadh iomlán cistí Idirthréimhseacha agus Chlár EURI araon faoi dheireadh mhí na Nollag 2022 agus ceadaíodh 62 tionscadal, ar an iomlán, ar ceadaíodh 13 díobh faoi Chlár EURI.



Aistir Mhara Só an Atlantaigh

Tionscadail Bhia agus Chomhoibríthe LEADER

D'fhógair an Roinn gur dúnadh Tionscnamh Bia LEADER an 15 Nollaig 2021. Bhí an deis ag GÁGanna agus Comhpháirtithe um Chur i bhFeidhm iarratas a dhéanamh leis an Roinn ar chistiú le tionscadail a fhorbairt faoin Tionscnamh Bia, ina raibh €15m ar fáil go náisiúnta.

Cheadaigh CFPÁ Dhún na nGall 6 Thionscadal Bia LEADER, ar an iomlán, ar luach iomlán €452,632.99.

D'fhógair an Roinn gur dúnadh Beart Comhoibríthe LEADER an 13 Nollaig 2022. Bhí an deis ag GÁGanna agus Comhpháirtithe um Chur i bhFeidhm iarratas a dhéanamh leis an Roinn ar chistiú le tionscadail i gcomhar le comhpháirtithe in áiteanna eile in Éirinn nó ar fud an AE faoi theideal Chomhar LEADER, mar a raibh €13m ar fáil go náisiúnta.

Cheadaigh CFPÁ Dhún na nGall 18 dTionscadal (ar tionscadail ullmhúcháin chomhair 7 gcinn díobh agus ar tionscadail iomlána chomhair na 11 cheann eile) faoin Bheart Comhair, ar luach iomlán €927,378.09.

Clár LEADER 2023-2027 nua

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, T.D. sonraí i nDeireadh Fómhair 2022 faoi Chlár LEADER €180m nua don tréimhse 2023-2027 agus leithdháileadh €10.4m ar Dhún na nGall.

D'aontaigh CFPÁ Dhún na nGall le Léiriú Spéise a sheoladh ar aghaidh chun gníomhú mar an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (GÁG) ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall mar Phríomh-Chomhpháirtí Airgeadais, agus lenár gceithre chomhpháirtí feidhmiúcháin, Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, Údarás na Gaeltachta agus Comhar na nOileán



Siúlán Abhainn an Chlocháin Leith

An Clár um Ghníomhachtú an Ionchuisithe Shóisialta sa Phobal (SICAP)

Leanann CFPÁ Dhún na nGall ar aghaidh ag bainistiú agus ag maoirsiú chur i bhfeidhm an Chláir um Ghníomhachtú an Ionchuisithe Shóisialta sa Phobal (SICAP). Ba í 2022 an cúigiú bliain de chlár SICAP cúig bliana a bhí ar siúl ó 2018-2022. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail síneadh 12 mhí leis an chlár in Iúil 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023. Bhí buiséad €2,008,917 sa bhliain ag Clár SICAP i gcaitheamh shaolré an chláir, ach leithdháileadh méadú buiséid in 2022, a mhéadaigh an buiséad iomlán do thrí mhír SICAP i nDún na nGall go dtí €2,266,823 don bhliain 2022.

Soláthraíonn dhá Chuideachta Forbartha Pobail Áitiúil Clár SICAP thar ceann CFPÁ Dhún na nGall i measc na dtrí Mhír i nDún na nGall mar seo a leanas:

Mír 33-1 Dún na nGall-Inis Eoghain	Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain
Mír 33-2 Gaeltacht Dhún na nGall	Cuideachtaí Forbartha Áitiúla Dhún na nGall
Mír 33-3 Dún na nGall	Cuideachtaí Forbartha Áitiúla Dhún na nGall

Leanfaidh CFPÁ Dhún na nGall ag oibriú lena chinntiú go gcuirtear na pleananna agus na cláir seo i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil agus lena chinntiú go ndéantar cláir chistithe a chomhordú go héifeachtach ar mhaithe le pobail áitiúla sa chontae.

Síneadh Clár SICAP in 2022 chomh maith le soláthar tacaíochtaí do Dhídeanaithe na hÚcráine a chur san áireamh agus leithdháileadh buiséad breise €222,933 ar na Clárfheidhmeoirí chun tacaíochtaí a sholáthar.



Líonra Freagartha Bia Dhún na nGall - tacaíocht á tabhairt dó ag Clár SICAP

An Clár Gníomhaíochtaí Pobail

Fuair Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall ciste €318,923 don Chlár Gníomhaíochtaí Pobail ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.

Dearadh an Ciste Gníomhaíochtaí Pobail chun tacú le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste a bhfuil costais reatha neamhphá acu agus chun tabhairt faoi dheisiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha.

Bhí Costais Oibriúcháin/Reatha ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 incháilithe do chistiú faoin scéim seo. Riar Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Dhún na nGall an Clár sa chontae thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Osclaíodh an próiseas iarratais an 3 Eanáir agus fuarthas iarratais go dtí an dáta deiridh, an 24 Feabhra 2022.

Bronnadh 42% den chistiú mar 225 deontas beag €500-€1,000 agus bronnadh an t-iarmhéid mar 25 deontas mór €5,000-€10,000 ar Ghrúpaí Pobail ar fud an chontae.



Éire Shláintiúil

Babhta 3 de Chiste Éire Shláintiúil

Tionscnamh faoi stiúir an rialtais é Éire Shláintiúil atá dírithe ar fheabhas a chur ar shláinte agus folláine gach duine a chónaíonn in Éirinn.

Críochnaíodh Clár Bhabhta 3 Éire Shláintiúil, ag a bhfuil buiséad faofa €374,100, an 31 Márta 2022. D'eascair comhpháirtíocht as an chlár ina bhfuil CFPÁ Dhún na nGall, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓanna), FSS, comhpháirtithe tionscadail, gníomhaireachtaí ábhartha agus pobail áitiúla. Chuir bunú an chomhoibrithe seo in 2019 an bhunchloch faoi chomhaontas láidir, a chuir soláthar an Chláir Oibre chun cinn.

Rinne Dún na nGall Sláintiúil, i gcaitheamh an chláir, gníomh comhchoiteann a shainnigh agus, sa chás gurbh fhéidir, a dhéanamh i leith saincheisteanna lena mbaineann tábhacht do Dhún na nGall, agus bhain daoine aonair agus pobail na tairbhí ar leibhéal áitiúil. De réir mar a thugamar aghaidh ar Phaindéim COVID-19, tugadh saincheist na sláinte agus na folláine chun solais inár measc uile ar bhealach nach ndearnadh riamh roimhe seo. Chabhraigh CFPÁ Dhún na nGall le háit shláintiúil a chruthú agus a chothú dár bpobal i nDún na nGall trí chlár seo Éire Shláintiúil agus rudaí eile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Babhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil

Tosaíodh Babhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil i Meitheamh 2022 agus glactar cur chuige níos fianaisebhunaithe faoi stiúir torthaí ann, agus tá amfhráma níos faide 3 bliana aige agus tugtar tús áite do thionscadail atá bunaithe ar shonraí/ghá áitiúil agus i gcomhairle lenár bpobal áitiúil agus ár bpáirtithe leasmhara áitiúla. Gabhfaidh tréimhse an deontais do Bhabhta 4 ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Nollaig 2025. Ceadaíodh buiséad €75,000 don bhliain 2023 do CFPÁ Dhún na nGall agus buiséad táscach €40,000 sa bhliain do 2024-2025.

Thacaigh CFPÁ Dhún na nGall le gníomhaíochtaí áitiúla in 2022 a soláthraíodh faoi Chlár Éire Shláintiúil trí Scéim Deontas Beag Dhún na nGall Sláintiúil 2022 a sholáthar. Bhí suim iomlán thart ar €17,000 i gceist leis an Scéim agus cuireadh deontais bheaga ar fáil chun cabhrú le Grúpaí Pobail Áitiúil, Grúpaí Deonacha agus Eagraíochtaí Spóirt chun tionscadail phobail atá bunaithe go háitiúil agus gníomhaíochtaí grúpa atá dírithe ar fheabhas a chur ar ionchuimsiú sóisialta, sláinte agus folláine a fhorbairt. Tá rogha tionscadal ar bronnadh deontas orthu faoi Scéim Deontas Beag Dhún na nGall Sláintiúil 2022, Drimarone Development CLG, Cumann Siúil Aerach Dhún na nGall, Coiste Páirc Bhaile Chnoc na Beairice, agus An Machaire le Chéile ina measc sa phictiúr thuas.



Tugann baill foirne Chomhairle Contae Dhún na nGall faoin Dúshlán Siúil 100km - le tacaíocht ó Éire Shláintiúil

Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare

Thug an tAire Stáit Sláinte Poiblí, Folláine agus na Straitéise Náisiúnta Frithdhrugaí, Frank Feighan, T.D., cuairt Dé hAoine, an 25 Samhain 2022 ar Ghaoth Dobhair agus Bun Cranncha le Tionscnamh Phobail Shláintiúla Sláintecare a sheoladh. Tionscnamh tras-Rialtais é Pobail Shláintiúla Sláintecare le níos mó seirbhísí sláinte agus folláine a sholáthar do 19 limistéar pobail ar fud na hÉireann.

Tá seoladh Phobail Shláintiúla Sláintecare Dhún na nGall mar thoradh ar an rath a baineadh amach tar éis comhoibriú dlúth idir an Roinn Sláinte, Comhairle Contae Dhún na nGall, Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail – Limistéar 1 (FSS CHO1) agus comhpháirtithe áitiúla, Ionad Acmhainní Teaghlaigh, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghleann na Finne agus Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall (DLDC).



Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag tabhairt faoi shé thionscadal caipitil agus fuarthas cistiú ón Roinn Sláinte faoi Chlár Oibreacha Feabhsúcháin Phobail Shláintiúla Sláintecare ar luach iomlán €498,814. Tá na tionscadail, lenár aontaigh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) roinnte idir an dá shuíomh de chuid Sláintecare – an Ghaeltacht agus Inis Eoghain.

Bhun Cranncha. Ceadóidh cathaoir rothaí speisialta éadrom, a bheidh lonnaithe ag Ionad Shliabh Sneachta, Droim Fraoigh, dóibh siúd ag a bhfuil saincheisteanna soghluaisteachta taitneamh a bhaint as an gconair.

Tá an cistiú feabhsúcháin sa Ghaeltacht á úsáid faoi láthair le háis chlós súgartha a athfhorbairt sa Chlochán Liath, chun barr feabhais a chur ar thionscadal Ghlasbhealach na Mucaise, agus chun cabhrú le Scioból na bhFear, Bothán na bhFear ar Thoraigh, a sholáthar. Uasghrádófar Páirc Bhaile Chnoc na Beairice, Carn Domhnach, i limistéar cláir Inis Eoghain agus an clós súgartha Bhun an Phobail agus déanfar athdhromchlú ar chonair shíúil Tip O'Neill lasmuigh de

Cuireadh síolchistiú €75,000 ar fáil do gach ceann de na limistéir phiolótacha chun tacú le Clár Phobail Shláintiúla Sláintecare a sholáthar in 2022. Úsáidtear an síolchistiú do thionscnaimh, tionscadail, nó taighde sna limistéir chláir a shainaitníonn an tOifigeach Forbartha Áitiúla agus an tÚdarás Áitiúil ó rannpháirtíocht an phobail.



Clár PEACE IV

Lean Plean Gníomhaíochta PEACE IV do Dhún na nGall i rith 2022 ag cur leis an obair fhónta a rinneadh i nDún na nGall, réigiún na teorann agus Tuaisceart Éireann le fiche bliain anuas trí thionscadail, idirghabháil agus tionscnaimh a sholáthar a ghlacann le ról tábhachtach chun dul chun cinn i dtreo sochaí níos síochánta agus comhtháite a neartú.

Díríonn Clár PEACE IV ar réimse limistéar le hathruithe suntasacha agus marthanacha a dhéanamh i measc na dtrí limistéar théamacha seo a leanas:

- Leanaí agus Daoine Óga
- Caidreamh Dearfach a Fhorbairt
- Spásanna agus Seirbhísí Comhroinnte

Soláthraíodh tríocha tionscadal i nDún na nGall inar ghlac breis agus 5,000 rannpháirtí páirt i dTionscadail agus Cláir éagsúla.

Críochnaíodh roinnt tionscadal in 2022, an Gairdín Céadfach i mBun Cranncha agus Clós Súgartha Pobail i Ros Neamhlach. Leanfar le clár Spásanna Comhroinnte PEACE IV a reáchtáil isteach i lár 2023.



Oscailt Oifigiúil Chlós Súgartha Ros Neamhlach

Seirbhísí Farantóireachta

Rinne an Chomhairle ranníocaíochtaí airgeadais in 2022 i dtreo dhá sheirbhís farantóireachta a oibriú, is é sin, an Caisleán Nua-Aird Mhic Giollagáin (Bád Farantóireachta an Fheabhail) agus Bun Cranncha-Ráth Maoláin (Bád Farantóireachta Loch Súilí).



Seirbhís Farantóireachta Loch Súilí agus Feabhail i mí Iúil 2022

Clár Comhpháirtíochta PEACEPLUS 2022-2027

Clár cistithe nua de chuid an Aontais Eorpaigh é PEACEPLUS atá ceaptha tacú leis an tsíocháin agus an rath ar fud Dhún na nGall, réigiún na teorann agus Thuaisceart Éireann agus cuireann sé le hobair iar-Chláir PEACE agus INTERREG. Bronnadh leithdháileadh táscach €7,635,396 ar Chomhairle Contae Dhún na nGall faoin chiste seo.

Bhunaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Comhpháirtíocht PEACEPLUS i rith 2022 mar fhostruchtúr den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil. Is é príomhról an Choiste seo maoirseacht a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm próisis chomhdheartha a úsáidfear chun eolas a chur ar fáil do Phlean Gníomhaíochta uileghabhálach PEACEPLUS a fhorbairt.

Bunaíodh Comhpháirtíocht PEACEPLUS ó na hearnálacha seo a leanas:

Baill Thofa (Colún 1) (6)	Comhlachtaí Reachtúla (Colún 2) (5)	Comhpháirtithe Sóisialta (Colún 3) (7)	Comhpháirtithe Sóisialta (Colún 4) an LRP (10)
- 5 bhall tofa, 1 bhall ó gach Ceantar Bardasach - An Príomhfheidhmeannach nó a ainmní	- Údarás na Gaeltachta - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte - An Garda Síochána - Tusla - Boird Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall	- Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain - Cuideachtaí Forbartha Áitiúla Dhún na nGall - Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann - An pobal feirmeoireachta - Ceardchumann - An Comhshaol - Comhar na nOileán (na hOileáin)	- Mionlach Eitneach - Daoine Breacaosta - Seirbhísí - An Lucht Siúil - Mná - LADTAI - Creideamh Mionlaigh (3) - Míchumas

Roghnaíodh trí shnáithe théamacha a ndearfar ábhar Phleananna Gníomhaíochta PEACEPLUS ina leith. Is iad seo:

- Athghiniúint agus Claoclú Pobail Áitiúil
- Pobail faoi Rath agus Shíochánta
- Meas a Fhorbairt do gach Aitheantas Cultúrtha

Cuirfear Pleananna Gníomhaíochta PEACEPLUS i bhfeidhm trí phróiseas rannpháirtíochta agus comhoibríthe pobail áitiúil atá samhailbhunaithe agus réamhghníomhach. Cuimseofar sna gníomhartha sna pleananna áitiúla an réimse idirghabhála sóisialta, comhshaoil agus geilleagraí. Méadóidh na cláir seo ionchuimsiú sóisialta agus cuirfidh siad ceannaireacht shibhialta chun cinn agus cuirfidh siad go mór leis an tsíocháin agus le hathmhuintearas go ceann i bhfad.



Ionchuimsiú Sóisialta

Lean an Chomhairle ag tacú le tionscnaimh éagsúla ionchuimsithe shóisialta in 2022, Seachtain an Ionchuimsithe Shóisialta, Mórtas Ceantair agus comhordaíodh réimse fairsing tionscadail éagsúla ionchuimsithe shóisialta fud fad an chontae ina measc.

Lean an tAonad um Ionchuimsiú Sóisialta ar aghaidh ag comhordú chur i bhfeidhm Straitéis Aoisbhá Dhún na nGall.

An Straitéis um Ionchuimsiú Daoine Gorma agus Mionlach Eitneach

Seoladh an chéad Straitéis um Ionchuimsiú Daoine Gorma agus Mionlach Eitneach i Márta 2022. Tosaíodh leis an Straitéis a chur i bhfeidhm ina soláthrófar réimse gníomhartha chun cabhrú le grúpaí eitneacha daoine gorma agus mionlaigh a ionchuimsiú isteach inár bpobail. into our communities.



Seoladh na Straitéise um Ionchuimsiú Daoine Gorma agus Mionlach Eitneach

Tháinig deireadh le téarma dheichiú Comhairle na nÓg Dhún na nGall i Meán Fómhair 2022, cé gur chuir Covid-19 isteach air, sholáthair Comhairle na nÓg roinnt gníomhartha a dhéileálann leis na meáin shóisialta, íomhá coirp agus meabhairshláinte. Sholáthair Comhairle Contae Dhún na nGall, ag oibriú le Foróige agus FSS, próiseas toghcháin i scoileanna agus suíomhanna óige sa ráithe dheiridh in 2022 le Comhairle na nÓg Dhún na nGall 2022-2024 a thoghadh.

Gradaim Sparánachta Spóirt

Fuair 76 lúthchleasaí, ar an iomlán, cistiú faoi na Gradaim Sparánachta Spóirt in 2022. Bronnadh gradaim faoi na catagóirí seo a leanas, Oilimpeach Sinsearach/Idirnáisiúnta, Forbartha agus Seanfhondúir.

Gradaim Réalta Spóirt Dhún na nGall

Thit Searmanas Bronnta 46ú Gradaim Spóirt Dhún na nGall amach in Eanáir 2022 a d'eagraigh Coiste Réaltaí Spóirt Dhún na nGall. Cuireadh imeacht na bliana seo ar bun go fíorúil, nuair a chuirtear san áireamh an rath a bhí ar shearmanas na bliana seo i rith phaindéim Covid-19. Tá ceangal idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus an t-imeacht seo le fada agus ba í an príomhurratitheoir siar go dtí 1977 agus tá ríméid uirthi a bheith bainteach in imeacht a léiríonn ómós ar éachtaí spóirt an oiread sin daoine laistigh dár gcontae.



Buaiteoirí foriomlána Ghradaim Réalta Spóirt Dhún na nGall 2021

Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall

Comhpháirtíocht idir an Rialtas (dá ndéanann comhaltaí na Comhairle agus feidhmeannaigh, agus comhaltaí an Oireachtais ionadaíocht), ár bpobail áitiúla (dá ndéanann LRP Dhún na nGall ionadaíocht) agus an Garda Síochána é Comhchoiste Póilíneachta Dhún na nGall.

Lean an CCP ag tacú le Gradaim Óige Gharda Síochána Dhún na nGall in 2022. Déanann na gradaim seo ceiliúradh ar dhaoine óga ar leith idir aois 13 agus 21 bliain sa chontae agus bronntar gradaim i gceithre chatagóir ar leith.

Fógraíodh Buaiteoir na nGradam ag an Searmanas Bronnta Gradam in Áras an Chontae, Leifear agus bhronn an Moltóir Éiteáin Cunningham, Cathaoirleach Choiste Moltóireachta Ghradaim Óige Gharda Síochána Dhún na nGall, na Gradaim orthu.

Rinne na buaiteoirí ionadaíocht do Roinn Dhún na nGall ag na Gradaim Óige Náisiúnta a thit amach i Samhain 2022 agus bronnadh Gradam Náisiúnta ar bheirt de bhuaiteoirí Ghradam an Chontae ina gcatagóir. Seo an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile inar lean buaiteoirí catagóire ó Dhún na nGall ar aghaidh agus Gradam Náisiúnta a bhuaichan.

Gradam Aonair	Gaisce Speisialta	Gradam Grúpa	Gradam Sábháilteachta Pobail
Josh Marley	Manus Doherty	An Idirbhliain, Scoil Mhuire, Bun Cranncha agus Coláiste Chranncha, Bun Cranncha	Allan McCarron agus Cormac Brady



Buaiteoirí Ghradaim Óige Dhún na nGall

Rannóg na Gaeilge

Leanann Rannóg na Gaeilge de chuid na Comhairle ag tabhairt faoi thrí fheidhm fhoriomlána.

- Tabhairt faoi ról maoirseachta agus comhairliúcháin maidir le cur i bhfeidhm oibleagáidí, gealltanais, rialacháin, agus caighdeán Ghaeilge faoi mar a fhoráiltear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú 2021).
- Raon leathan seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar do stiúthóireachtaí eile na Comhairle, lena n-áirítear aistriúcháin laethúla, ateangaireacht comhuaineach ag réimse cruinnithe agus coistí Comhairle, agus comhoibriú le cabhrú le líon agus cáilíocht na seirbhísí sa Ghaeilge a sholáthraíonn an Chomhairle a fheabsú agus a mhéadú.
- Taitneamh a bhaint as bheith páirteach in imeachtaí, scéimeanna agus pleananna Gaeilge a eagrú, a fhorbairt agus/nó a chur chun cinn ar fud an chontae agus san Iarthuaisceart, mar chuid de Sheachtain na Gaeilge, Seachtain an Ionchuisithe Shóisialta, an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, Tionscadal Taighde Gaeilge Trasteorann an Iarthuaiscirt, Scéim Scoláireachta na Gaeltachta, Comhairle na nÓg, agus imeachtaí agus gníomhaíochtaí pobail eile trí Ghaeilge.



Seachtain na Gaeilge 2022

Tionscadail Chaipitil

Scéimeanna Athnuachana Baile agus Sráidbhaile (2017-2022)

Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile	Sonraí
2017 - 2020	I gcomhairle leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, leanadh le hoibreacha ar na bailte agus na sráidbhaile eile a ceadaíodh faoin scéim a chur chun cinn in 2022 agus tá siad le críochnú in 2021.
2021	Críochnófar na hoibreacha go léir i Mín an Lábáin, Bun an Phobail agus an Baile Nua i gcrích in 2023.
2022	Deimhníodh cistiú faoin Phríomhscéim Baile agus Sráidbhaile go déanach in 2022 do thionscadail i gCarn Domhnach, Conmhaigh, an Clochán Liath agus Mainéar Uí Chuinneagáin. Fuair Leifear cistiú faoin Bheart Feabhsúcháin Sráid-Dreacha go déanach in 2022 agus fuair Droim Bó, Srath an Urláir faoin Bheart Forbartha Tionscadail. Tá gach tionscadal le cur chun cinn in 2023.

Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh (2018-2022)

Scéim Bonneagair Áineasa Taobh Amuigh	Sonraí
2018 (Beart 2)	Críochnaíodh an Stua Mór i bhFánaid in 2022
2019 (Beart 1)	Cuireadh oibreacha ar an dornán tionscadal faofa eile chun cinn in 2022 agus críochnófar in 2023.
2019 (Beart 3)	Leanadh le hobair ar chosán ardtalún ar an Aragal a thógáil a chur chun cinn in 2022 agus tá sé le críochnú in 2023.
2020 - 2022 (Beart 1)	Rinne na hoibreacha go léir ar na tionscadail fhaofa eile a dul chun cinn in 2022 agus tá siad le críochnú go luath in 2023.
2020 (Beart 3) 2021 (Beart 2)	Rinneadh na chéad chéimeanna eile den obair ar Thionscadal Feabhsaithe Shiúlóid arnróid Mhucaise (an Craoslach go dtí an Fál Carrach) a chur chun cinn in 2022 agus tá sé le críochnú faoi dheireadh 2023.
2021 (Beart 3)	Rinne oibreacha ar Thionscadal Eispéreas Aille Shliabh Liag a chur chun cinn in 2022 agus tá sé le críochnú faoi dheireadh 2023.
2022 (Beart 1,2 agus 3)	Deimhníodh cistiú in 2022 do roinnt tionscadail Bheart 1. I measc thionscadail Bheart 2 agus Bheart 3 le cistiú a fháil, bhí Siúlán Cladaigh Bhun an Phobail agus an Siúlán ó Charraig Airt go dtí na Dúnaibh. Fuair cúpla tionscadal Cistiú Beart Forbartha Tionscadail fosta agus cuirfear chun cinn iad in 2023.

Scéim CLÁR

Scéim CLÁR	Sonraí
Scéim CLÁR 2021 (Beart 2 - Limistéir Áineasa Pobail)	Fuair 3 thionscadal cistiú i Lúnasa 2021 faoi Bheart 2 Scéim CLÁR, ina measc, bhí: Cumann Forbartha Chúil Dabhcha, Comhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille. Tá an tionscadal i gCúil Dabhcha críochnaithe agus cuirfear na tionscadail i nGleann Cholm Cille agus Baile na Finne chun cinn níos mó in 2023.
Scéim CLÁR 2021 Beart 3(a)	Fuair 2 thionscadal cistiú in 2021 faoi Bheart 3(a) Scéim CLÁR, ina measc, bhí: Cuireadh Páirc Phobail na Broclaise agus Ionad Pobail Ráithe chun cinn in 2022 agus cuirfear i gcrích iad in 2023.
Scéim CLÁR 2022 (Beart 1) (Saoráidí agus Conláistí Pobail a Fhorbairt)	Fuair 14 thionscadal cistiú i Lúnasa 2022 faoi Bheart 1 Scéim CLÁR, ina measc, bhí: An Machaire le Chéile, Muileann Coirce Leitir CTR, Ionad Turasoireachta agus Gníomhaíochtaí Ros na Cille, Ionad Páirc Phobail Chill Fhéich, Gairdín na gCéadfaí, Halla Gleacaíochta Pobail Árainn Mhór, Spás Súgartha Dúlra bhunaithe Gleann Mhic Coinn, Ionad Aclaíochta Taobh Amuigh agus Stáisiúin Challaistéinice ar Fhaiche an Fholcadáin, Paiteagó Choim-pléacs an Tearmainn, Club Óige Dhíseart Éignigh, Cumann Peile an Dúin Riabhaigh, Siúlán Pobail Pháirc na Rosann, an Clochán Liath, CLG Ard an Rátha, Carrchlós Fhaiche Bhun an Phobail agus Ionad Acmhainní Phobal Eascarrach-Ballina.



Cónaí Stua Mór na Cloiche Móire agus an Chónaí Ardálún ag an Aragal



First phase of Mount Errigal conservation begins

Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha 2021

Fuair 94 tionscadal, ar an iomlán, cistiú faoin Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha 2021. I measc na n-oibreacha incháilithe faoinar tugadh, bhí obair uasghrádaithe ar aghaidheanna foirgnimh chónaithe agus thráchtála, soilsiú foirgnimh, agus troscán sráide agus ceannbhrait a sholáthar. D'imir an scéim tionchar dearfach ar na bailte agus sráidbhailte a roghnaíodh a athrú ina n-áiteanna níos beoga agus níos mealltaí le cónaí agus oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu.

Ba iad na cúig bhaile a roghnaíodh faoin Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha 2021:

- Caisleán na Finne
- Laghey
- Bun na hAbhann
- An Fál Carrach
- Baile na nGallóglach



Beart Feabhais ar Shráid-dreach Bhun na hAbhann 2021 - Sráidbhaile Bhun na hAbhann

Plean Bainistíochta Cuairteoirí Chionn Mhálanna

Leanadh le Plean Bainistíochta Cuairteoirí do Chionn Mhálanna a chur i bhfeidhm i rith 2022 agus bhí an fhorbairt le tosú i gcéimeanna ó 2023, ag brath ar chistiú a leithdháileadh. Leanfar le hidirbheartaíocht le húinéirí talún agus an pobal áitiúil ag féachaint le hiarratas pleanála a sheoladh in 2023 chun Céim 1 a fhorbairt. I measc na n-oibreacha a bheartaítear i gCéim 1, tá clárchosán go Dunadragh, ardán amhairc, pointí idirghníomhaithe, ardaitheoir agus ardán amhairc ag an túr reatha, agus carrchlós a fhorbairt.

Bun Dobhráin mar Cheann Scríbe Turasoíreachta

Lean obair ar ‘an Scéim Infheistíochta Cinn Scríbe Turasoíreachta Fhorbartha agus atá ag Teacht chun Cinn’, Bun Dobhráin in 2022 agus cuirfear chun cinn í isteach in 2023 agus tá súil leis go gcríochnófar an tionscadal faoi lár 2024. Tá tionscadal rochtana Thrá na dTulán le forbairt i gcomhar leis ‘an Scéim Infheistíochta Cinn Scríbe Turasoíreachta Fhorbartha agus atá ag Teacht chun Cinn’.

Ardáin le haghaidh Fáis (Platforms for Growth) – Fáilte Éireann

Leanadh ar aghaidh le forbairt na n-ionad saoráidí do ghníomhaíochtaí spóirt uisce i mBun Dobhráin agus sna Dúnaibh arna maoiniú faoi “Ardáin le haghaidh Fáis” de chuid Fháilte Éireann a chur chun cinn trí na céimeanna forbartha agus toilithe reachtúil agus is é an cistiú iomlán don dá thionscadal €1.7m.

An Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh

Tá ceannas á ghlacadh ag Forbairt Pobail maidir le Straitéis Caitheamh Aimsire Amuigh Dhún na nGall 2023-2029 a sholáthar. Tá an straitéis dírithe ar ghníomh agus tá sí faoi cheangal ama ó 2023-2029 agus cuireann Fís go dtí 2040 (Vision to 2040) le hiniúchadh sonraí cuimsitheach agus doiciméadaithe ar an todhchaí reatha, a bheartaítear, agus fhéideartha d’áineas caitheamh aimsire amuigh agus gaolmhar i nDún na nGall. Is é cuspóir na Straitéise na príomhthosaíochtaí agus príomhghníomhartha a shainithint i dtaobh caitheamh aimsire amuigh sa chontae a bhainistiú agus a fhorbairt go hinbhuanaithe.



Tionscadal Feabhsúcháin Saoráid Spóirt Ilúsáide Shrath an Urláir

Lean an Chomhairle le Tionscadal Feabhsúcháin Saoráid Spóirt Ilúsáide Shrath an Urláir a thabhairt chun cinn in 2022 agus sheol sí iarratas pleanála chuig a mBord Pleanála. Cuirfear an tionscadal chun cinn tríd an gcéim forbartha agus toilithe reachtúil in 2023.

Páirc Phobail Shrath an Urláir a fhorbairt

Tá éadail talún ag Droim Bó, Srath an Urláir á cur i gcrích ag an gComhairle chun go mbeidh ar a cumas tionscadal ‘réidh don tsluasaid’ a sheoladh nuair a fhógrófar glaonna breise náisiúnta ar chistiú.

Tionscadal Spóirt Eachtraíochta Uirbigh

Fuarthas cistiú €357,000 i Lúnasa 2022 ó Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair chun an Tionscadal Spóirt Eachtraíochta Uirbigh a fhorbairt i bPáirc Bhaile Bernard McGlinchey i Leitir Ceanainn. Críochnófar Céim 1 agus Céim 2 den tionscadal in 2023. Tá cistiú meaitseála €357,000 le soláthar ag Comhairle Contae Dhún na nGall a mhéadóidh an buiséad uasta atá ar fáil aníos go dtí €714,000.


An Rannóg Seirbhísí Pleanála

Léargas Ginearálta

Fuarthas 2105 iarratas pleanála, ar an iomlán, in 2022, cinntí san áireamh a chuir ar chumas breis agus 1600 aonad tithíochta a fhaomhadh i rith na bliana. Is dócha gurbh é an méadú ar an ioncam ó tháillí pleanála ó 2020 ar aghaidh go dtí breis agus €800,000 ba chúis le castacht mhéadaithe chásanna. Léiríonn ardleibhéal leanúnach na gcásanna forfheidhmithe a tuairiscíodh (líon 300) an leibhéal ardaithe gníomhaíochta san earnáil le linn 2022 agus, chomh maith leis an mhéadú ar leibhéal na ngealltanais i gclár oibre an bheartais pleanála, léiríonn sé chomh tábhachtach atá leibhéal na seirbhíse don phobal. Mar gheall ar oibleagáidí reachtúla nua agus atá ag teacht chun cinn a eascraíonn as athruithe ar an reachtaíocht phleanála agus as an mbeartas náisiúnta i rith 2022, beidh tiomantas leanúnach de dhíth ón tseirbhís agus beidh athmheasúnú ag teastáil uaidh seo ó fheidhmeanna na Seirbhíse Pleanála agus aird ar Acht Pleanála nua a foilsíodh go déanach in 2022 tar éis go ndearna an tArd-Aighne athbhreithniú ar an reachtaíocht.

Leanadh le hobair maidir le ceadúnú Dáilte Bia Taobh Amuigh a sholáthar agus leis na Fodhlíthe Corrthrádála a athbhreithniú tar éis gur ullmhaíodh limistéir ainmnithe thrádála i mbeis agus 30 láthair sa chontae. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, rinneadh leithdháileadh €523,532 ar thionscadail áitiúla sa chontae mar thoradh ar na tionscnaimh chistithe, Tionscnamh na Struchtúr i mBaol agus Tionscnamh na mBailte Stairiúla (i measc cinn eile).

Ioncam Iomlán ó Tháillí 2020-2022



An tAonad Pleanála Lárnaí (Pleanáil chun Cinn)

Tosaíodh an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae 2018-2024 i gclár oibre 2022, agus rinneadh breithniú ar phleananna do Bhun Dobhráin, Bealach Féich/Srath an Urláir agus Bun Cranncha. Leanadh leis an ullmhú agus an t-idirchaidreamh le Comhairleoirí do phróiseas athbhreithnithe Phlean an Chontae in 2022 trí bhreithniú a dhéanamh ar réimse príomhlímitéir bheartais. Bhí Dréachtphlean Leitir Ceanainn a thabhairt chun cinn go dtí comhairliúchán poiblí ina phríomhlímitéir oibre le plean ceantair áitiúil éifeachtach a bhunú don Ionad Réigiúnach ainmnithe anuas ar chlár ceardlann a sholáthar le Comhairleoirí maidir le Plean an Chontae a chur i bhfeidhm.




Imeachtaí comhairliúcháin poiblí – Bun Cranncha agus Bealach Féich

Rinneadh thart ar 4800 idirchaidreamh le saoránaigh an chontae i measc na bhfeidhmeanna go léir laistigh den phlean seirbhíse, 2531 gloach ina measc ó áiteanna ar fud an chontae a bhain leis an tseirbhís bainistíochta a fhorbairt.

Glaonna Custaiméara in 2022 a Freagraíodh a Bhain le Hiarratais Pleanála

iomlán: 2531



An tSeirbhís Caomhantais

Leanann an Oifig Caomhantais le deontais a dháileadh agus le comhairle agus tacaíocht a sholáthar ar oidhreacht thógtha an chontae. Cuireann obair thras-stiúrthóirtheachta leis an rath a bhí roimhe seo ar thionscadail Thionscnamh na mBailte Stairiúla de chuid na Comhairle. Bhuaigh an cur chuige faoi stiúir na hoidhreacht a dhéanann rannpháirtíocht an phobail, oidhreacht thógtha agus caomhnú a shuíomh ina chroílár, trí ghradam náisiúnta breise dá Thionscnamh na mBailte Stairiúla in 2022. Bhuaigh Tionscnamh na mBailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh an Gradam Pobail agus Oidhreacht ag Gradaim Sármhaitheasa Thionscal Réadmhaoine Neamhspleáiche na hÉireann, bhuaigh Tionscnamh na mBailte Stairiúla Ráth Mealtain an Gradam Oidhreacht agus Timpeallachta Tógtha ag Gradaim Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann, agus an Gradam Dearaidh Uirbigh agus gradam ardmholta faoin chatagóir Inbhuanaitheacht ag gradaim náisiúnta Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.



Bhí Tionscnamh na mBailte Stairiúla Ráth Mealtain ar cheann de thrí thionscadal fosta ó Éirinn agus ón Bhreatain a cuireadh ar an ngearrliosta i measc 70 tionscadal don Ghradam Oidhreacht Inbhuanaithe ag Gradaim Oidhreacht an Chumann um Chosaint Foirneamh Ársa [SPAB].



An tAonad Athghiniúna agus Forbartha

Léargas Ginearálta

Oibríonn an Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha chun infheistíochtaí a mhealladh ón raon cláir mhaoinithe atá ar fáil chun lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe ar ardchaighdeán a fhorbairt laistigh den chontae agus a chuireann leis an athghiniúint agus leis an fhás dlúth. Tá dhá phríomhréimse soláthair i gclár oibre comhaontaithe na foirne: (1) Leitir Ceanainn mar Lárionad Fáis Réigiúnach (an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach) agus, (2) Bailte Straitéiseacha ar fud an Chontae (an Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe).

An Ciste Athghiniúna agus Forbartha (an RRDF)

Calafort Ailt an Chorráin (Céim 1) agus Árainn Mhór ('Athghiniúint ó Chalafort go hOileán')

Déanann an tionscadal seo soláthar do thimpeallacht agus do bhonneagar an Chalafoirt in Ailt an Chorráin a chlaohlú anuas ar chaitheamh aimsire cladaigh, áineas taobh amuigh agus spás imeachta de stíl amfaitéair ar Árainn Mhór. Críochnaíodh Forbairt Caitheamh Aimsire Cladaigh Árainn Mhór agus osclaíodh go hoifigiúil í Dé hAoine, an 22 Iúil 2022 i láthair Leas-Chathaoirleach Chomhairle Contae Dhún na nGall, an Comh. Michael Naughton agus ionadaithe Chomharchumann Oileán Árainn Mhór CTR.

Ceapadh na conraitheoirí atá bunaithe i nDún na nGall, McDermott & Treaty Construction Ltd le hathfhorbairt Chéim de Chalafort Ailt an Chorráin a sholáthar. Rinne na hoibreacha dul chun cinn fosta i mbliana go dtí an láithreán agus bhí tugtha chun críche thart ar 90% faoi dheireadh na bliana.

Tá luach €4.1m ar an tionscadal seo agus fuair an tionscadal tacaíocht chistithe €3.1m ón RRDF. Tugadh go foirmiúil é don Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil an 29 Iúil 2022.

Athfhorbairt Chalafort Ailt an Chorráin (Céim 2)

D'oibrigh an Fhoireann i rith 2022 le céim dhíchill chuí an tionscadail seo a chríochnú leis an litir thairisceana fhoirmiúil agus le Faomhadh Thairseach 2 a fháil chun leanúint ar aghaidh chun Tairiscintí a Chur Amach. Tugadh an Tionscadal seo go foirmiúil don Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil an 16 Meán Fómhair 2022 go leanfadh sé ar aghaidh go dtí céim chaipitil. Tá an chéim dhearaidh mhionsonraithe á chríochnú faoi láthair i gcomhar le MH Associates.

Na Cealla Beaga 2040

Tionscadal athghiniúna lár baile é na Cealla Beaga 2040 ina mbeartaítear Mol Digiteach, Ionad Faisnéise do Thurasóirí, spás cathartha comhtháite agus príomhláithreán athghiniúna a fháil. Fuair an Fhoireann tacaíocht chistithe bhreise €4m i mBealtaine 2022 don tionscadal ón RRDF agus fuair an tionscadal faomhadh leanúint ar aghaidh agus méadaíodh an luach foriomlán anois go dtí €5.4m. D'oibrigh an Fhoireann i rith 2022 le hAiltirí McCabe le céim mhionsonraithe an tionscadail a chríochnú agus an tionscadail a thabhairt chun cinn go dtí an chéim chaipitil. Tugadh an Tionscadal seo go foirmiúil don Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil an 16 Meán Fómhair 2022 agus lean sé ar aghaidh anois go dtí an láithreán.



Osclaíodh Forbairt na Tairiscintí nua Cladaigh ar Árainn Mhór go hoifigiúil an 22 Iúil 2022.

Tionscadal “SEED” Bhealach Féich agus Shrath an Urláir

Tá sé molta i dtionscadal ‘SEED’ i mBealach Féich agus Srath an Urláir ríocht phoiblí, áiseanna páirceála agus forbairt fiontair a bheith i Lár an Bhaile. Tá luach caipitiúil €9,756,969 ar an tionscadal seo agus fuair an tionscadal tacaíocht chistithe €8,781,272 ón RRDF. D’oibrigh an Fhoireann i rith 2022 le céim dhíchill chuí an tionscadail seo a chríochnú leis an litir thairisceana fhoirmiúil agus le Faomhadh Thairseach 2 a fháil chun leanúint ar aghaidh chun Tairiscintí a Chur Amach. Tugadh an Tionscadal seo go foirmiúil don Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil an 12 Deireadh Fómhair 2022 go leanfadh sé ar aghaidh go dtí céim dhearaidh mhionsonraithe agus chaipitil.

Tionscadal Athghiniúna “Tús Nua” Charn Domhnach

D’oibrigh an Fhoireann i rith 2022 le céim dhíchill chuí an tionscadail seo a chríochnú leis an litir thairisceana fhoirmiúil agus le Faomhadh Thairseach 2 a fháil chun leanúint ar aghaidh chun Tairiscintí a Chur Amach. Tugadh an Tionscadal seo go foirmiúil don Aonad Soláthair Tionscadail Chaipitil an 7 Deireadh Fómhair 2022 go leanfadh sé ar aghaidh go dtí céim dhearaidh mhionsonraithe agus chaipitil.

Bun Cranncha a Athneartú

Fuarthas cistiú €1.17m faoin RRDF don Tionscadal Athghiniúna “Bun Cranncha a Athneartú”. Críochnaíodh dícheall cuí don tionscadal seo agus fuarthas litir thairisceana fhoirmiúil sa mhullach ar Chomhaontú Cistithe gaolmhar an 10 Bealtaine 2022. Cuireadh imeacht rathúil eolais poiblí ar siúl maidir leis an tionscadal seo in Óstán an Inishowen Gateway, Bun Cranncha Dé Luain, an 23 Bealtaine 2022. Tabharfar an tionscadal chun cinn anois go dtí soláthar na seirbhísí sainchomhairleoireachta riachtanacha sula dtosófar céimeanna na dtailithe pleanála agus reachtúla den tionscadal seo a chumasaigh bronnadh an chistithe.

Ráth Mealtain a Athshamhlú

Tá mar aidhm ag an tionscadal seo scéim a sholáthar atá réidh le tógáil chun ríocht phoiblí lár an bhaile a athchóiriú agus a chlaochlú. D’oibrigh an fhoireann leis an chleachtas mór ildisciplíneach dearaidh BDP le scéim pleanála a sholáthar don tionscadal trí úsáid a bhaint as cistiú Chatagóir 2 €186,869 ón RRDF.

Cuireadh an tionscadal faoi bhráid an Cheathrú Glaoch ar thionscadail Chatagóir 1 den RRDF faoi spriocdháta an 29 Aibreán 2022, a lorg airgead caipitil leis an tionscadal a sholáthar.

D’fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, TD an 10 Samhain 2022 gur bronnadh €6.3m faoin Cheathrú Glaoch ar Thionscadail Chatagóir 1 den RRDF maidir le Tionscadal Athghiniúna “Ráth Mealtain a Athshamhlú”. Tá obair ar siúl anois le dearadh agus ullmhú mionsonraithe a dhéanamh ar phacáiste tairisceana don tionscadal seo, sa mhullach ar shocruithe chun é a chur ar aghaidh faoi chúram an Aonaid Soláthair Tionscadail Chaipitil.



Léaráid ealaíontóra de “The BING”, Ráth Mealtain, príomhspás laistigh den ríocht phoiblí nua a bheartáítear

Tionscadal Athghiniúna Ráth Maoláin (Pobal agus Oidhreacht)

Scéim mhór faoi stiúir an phobail agus atá bunaithe ar an oidhreacht é an tionscadal seo a chuirfidh sraith idirghabháil ghaolmhar i bhfeidhm atá ceaptha athearraíocht a bhaint as ailtireacht, sócmhainní oidhreachta agus príomhdheiseanna lena mbaineann tábhacht ó thaobh cultúir de agus a mbaintear tearcúsáid astu laistigh de thimpeallacht reatha an tsráidbhaile. Tá sé dírithe ar Dhún an Bhataire, Mainistir Ráth Maoláin agus ar thogra do mhol nua pobail.

Lean an fhoireann ag oibriú i rith 2022 le Grúpa an Bhealaigh chun Cinn (The Way Forward Group) i Ráth Maoláin agus le hAiltirí Robin Lee chun scéim pleanála a ullmhú don tionscadal seo. Rinneadh cur i láthair ar an Dréachtdearadh leis na Baill Thofa ag ceardlann an 2 Meitheamh 2022 agus thit comhairliúchán poiblí neamhfhoirmiúil amach níos déanaí an lá céanna ó 3pm go 8pm in Ionad Naomh Uinseann de Pól, Ráth Maoláin.

Comhpháirtíocht atá sa tionscadal le Rathmullan The Way Forward CLG agus beartaítear ag tráth an scríofa an Chuid 8 seo a thabhairt i láthair Cruinniú Speisialta na Comhairle an 13 Feabhra 2023 go ndéanfaidh Baill breithniú air agus, má éiríonn leis, an tionscadal a shuíomh ansin lena chur i bhfeidhm ar ghlaonna amach anseo ar thionscadail (chaipitil) Chatagóir 1 den Chiste Athghiniúna agus Forbartha (RRDF).



Tuarascáil Dearaidh Ailtirí - 'an Mol Pobail' a bheartaítear i Ráth Maoláin

Plean um Thús Áite do Láir Bhailte Bhaile na nGallóglach

D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail gur éirigh le Baile na nGallóglach €100,000 a fháil mar chuid den 1ú Céim de Thionscnamh Mháistirphlean Lár an Bhaile a sheol an tAire Heather Humphries, TD, ina dhiaidh sin.

Leagadh an cúram ar an bhFoireann Athghiniúna agus Forbartha in 2022 soláthar Máistirphlean um Thús Áite do Láir Bhailte a stiúradh don Bhaile.

Lorgaíodh tairiscintí i ráithe 4 in 2022 d'fhoireann dearaidh chomhtháite iomlán faoi stiúir ailtirí, PSDP agus Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Máistirphleanála, le Plean um Thús Áite do Láir Bhailte a ullmhú do Bhaile na nGallóglach sa mhullach ar scéim toilithe pleanála reachtúil do thionscadal, nó tionscadail, tosaíochta a roghnaítear, a eascróidh as an Plean um Thús Áite do Láir Bhailte. Dúnadh an dáta le tairiscintí a fháil an 7 Nollaig 2022 ag 5pm agus beartaíodh go dtitfeadh an próiseas measúnaithe agus bronnta tairiscintí agus scrúithe seolta ina dhiaidh sin don tionscadal seo amach sna seachtainí luatha in 2023.

Straitéisí Athghiniúna

Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Bhealach Féich-Shrath an Urláir

Rinne Coiste Chuideachta Phobail Chomhtháite Bhealach Féich-Shrath an Urláir (BASICC) Straitéis Athghiniúna Bhealach Féich-Shrath an Urláir a fhorghrú, mar chomhpháirtithe tionscadail, an 7 Feabhra 2022 agus d'fhorghrú Ceantar Bardasach Leifir-Shrath an Urláir í ina dhiaidh sin an 25 Meitheamh 2018. Seoladh an Straitéis an 27 Bealtaine 2022 agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Bhéal Átha Seanaidh

Rinneadh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna Bhéal Átha Seanaidh a fhoilsiú, a sheoladh agus a scaipeadh go foirmiúil ar Chomhaltaí an 20 Aibreán 2022. Choimisiúnaigh agus chistigh Comhairle Contae Dhún na nGall an Straitéis agus rinne GM Design Associates a soláthar a stiúradh le tacaíocht agus ionchur Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha na Comhairle. Tá an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta, agus Máistirphlean Lár an Bhaile gaolmhar, ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna an Chlocháin Léith

Rinneadh Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Athghiniúna an Chlocháin Léith a fhoilsiú, a sheoladh agus a scaipeadh go foirmiúil ar Chomhaltaí i Meán Fómhair 2022. Choimisiúnaigh agus chistigh Comhairle Contae Dhún na nGall an Straitéis agus rinne GM Design Associates a soláthar a stiúradh le tacaíocht agus ionchur Fhoireann Athghiniúna agus Forbartha na Comhairle. Tá an Straitéis



An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí (an URDF)


Lean obair ar aghaidh le clár athghiniúna uirbí Leitir Ceanainn 2040 a thabhairt chun cinn trína chéad trí shnáithe a chistítear faoi iarratas rathúil na Comhairle ar Ghlaoch 1 an URDF. Áiríodh leis seo Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040 a chríochnú agus a sheoladh do lár baile Leitir Ceanainn an 5 Nollaig 2022. Aistríodh an clár isteach go céim an chuir i bhfeidhm nuair a seoladh go hoifigiúil í.



Seoladh oifigiúil Straitéis Athghiniúna Leitir Ceanainn 2040

D'éirigh le lú céim de Cheangal Glas LC (LK Green Connect) a chur faoi chúram na Foirne Soláthair Tionscadail Chaipitil go dtabharfar chun cinn go dtí an chéim thógála é. Anuas air sin, dheimhnigh an Bord Pleanála ordú ceannaigh éigeantaigh (CPO) maidir le Láithreán Athghiniúna Uirbí Straitéisí Leitir Ceanainn 2040, atá lonnaithe idir Bóthar an Phiarsaigh agus Bóthar Ráth Mealtain. Tacaíodh le bealaí éadála fosta trí fhaomhadh Chomhairle Contae Dhún na nGall i bhFeabhra 2022 maidir le forbairt bheartaithe Chuid VIII do Chéim 1 den láithreán straitéiseach maidir le foirgnimh fiontair Alpha/Beta agus riocht phoiblí ghaolmhar. Rinneadh an tionscadal seo a chur faoi chúram na Foirne Soláthair Tionscadail Chaipitil ina dhiaidh sin go rathúil i rith 2022 go leanfadh sé ar aghaidh go dtí céim dhearaidh mhionsonraithe agus thógála.

Chuathas i mbun beart i rith 2022 le hiarratas rathúil na Comhairle a thabhairt chun cinn ar Ghlaoch 2 an URDF (Céim 1 de Leitir Ceanainn 2040: Lár an Bhaile Stairiúil a Athbheochan agus a Cheangal) trí phróisis faofa cistithe a leagtar amach faoin Chód Caiteachais Phoiblí. Is éard atá sa tionscadal ná 5 tionscadal athghiniúna ghaolmhara i lár baile Leitir Ceanainn atá dírithe ar aistriú lár an bhaile stairiúil ina áit bheoga, inrochtana agus inchónaithe.



Áirítear leis na 5 fhothionscadal:

A - Ceathrú na hArd-Eaglaise - Ceantar Cruthaitheach a Dhéanamh	B - Athnuachan a Chumasú sa Phríomhshráid Íochtarach	C- Athbheochan ag an Teach Cúirte	D - Mol Iompair Réigiúnach a Chumasú	E - Ceangal Glas LC
<ul style="list-style-type: none"> - Spás poiblí athshamhlaithe ag Cearnóg an Mhargaidh - Scéim dromchla chomhroinnte Lána an Teampaill - Mol Dearaidh Chruthaitheach 1,500 méadar cearnach ina bhfuil fearann páirce glas uirbeach - Foirgneamh folamh ar baineadh athearraíocht as mar Oifig Turasóireachta 	<ul style="list-style-type: none"> - Tionól straitéiseach talún agus pacáiste éadála 	<ul style="list-style-type: none"> - Spás fiontair nua ina bhfuil ní is díol spéise do thurasóirí sa Teach Cúirte Stairiúil 	<ul style="list-style-type: none"> - Éadail talún straitéiseach 	<ul style="list-style-type: none"> - Éadail talún straitéiseach do bhonneagar siúil agus rothaíochta

Fuair an tionscadal faomhadh i dtaobh Réamhchás Gnó i Lúnasa 2022 chomh maith le méadú cistithe tacaíochta €14.5m ón URDF agus cistiú meaitseála €4.8m ó Chomhairle Contae Dhún na nGall (luach iomlán an tionscadail €19.3m). In Iúil 2022, cuireadh 'Coimre Thionscadail agus Straitéis Soláthair Mhionsonraithe' faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta lena hathbhreithniú agus faomhadh í ina dhiaidh sin le leanúint ar aghaidh maidir le seirbhísí dearaidh agus leasanna éadála.

Foilsíodh forbairt bheartaithe Chuid VIII chun Cearnóg an Mhargaidh a athshamhlú le haghaidh comhairliúcháin in Iúil 2022. D'fhaomh Comhairle Contae Dhún na nGall an fhorbairt a bheartaítear i nDeireadh Fómhair 2022. Anuas air sin, thit leibhéal suntasach idirchaidrimh le húnéirí talún amach i rith 2022 maidir le leasanna éadála talún thionscadal Ghlaoch 2 na Comhairle.

Foilsíodh forbairt bheartaithe Chuid VIII i Meán Fómhair 2022 le haghaidh comhairliúcháin don Tionscadal Dáilte Bia Taobh Amuigh 'Bia Taobh Amuigh' ag an spás poiblí reatha atá os comhair Amharclann an Ghrianáin. D'fhaomh Comhairle Contae Dhún na nGall an tionscadal i Samhain 2022. Lean an Fhoireann in 2022 ag oibriú i gcomhar le Forbairt Pobail leis an tionscadal a thabhairt chun cinn trí dhearadh mionsonraithe agus tá súil acu go mbainfidh an tionscadal an láithreán amach i Ráithe 2 2023.

Anuas air sin, thosaigh obair dhearaidh i rith 2022 le forbairt bheartaithe Chuid VIII a ullmhú maidir le Conair Chultúrtha Leitir Ceanainn a chruthaigh cuid de thionscadal bonneagair siúil agus rothaíochta níos fairsinge Cheangal Glas LC agus le barr feabhais a chur ar na ceangail fhisiciúla idir an tIonad Cultúir Réigiúnach, Músaem Chontae Dhún na nGall agus Amharclann an Ghrianáin. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an dearadh atá ag teacht chun cinn in 2022 agus táthar ag súil le foilsiú Chuid VIII seo i ráithe 2 2023.



Iomhá 3D den Tionscadal Bonneagair um Láthair Itheacháin Lasmuigh i Sráid an Mhargaidh mar a ceadáidh i nCuid VIII.

An tAonad Soláthair Tionscadail Chaipitil

Léargas Ginearálta

Bunaíodh an tAonad Soláthair Tionscadail Chaipitil (CPDU) in 2022 agus tá sé freagrach as líon tionscadail mhóra chaipitil a bhainistiú agus a sholáthar ar fud an chontae trí na céimeanna mionsonraithe dearaidh agus tógála. I measc thionscadail an CPDU, tá tionscadail Turasóireachta, Athghiniúnat agus Fiontraíochta.

An Dún Riabhach

Ceapadh foireann dearaidh le Tionscadal an Dúin Riabhaigh a fhorbairt, a fuair cistiú €12.47m, chun an meascán uathúil agus sainiúil sócmhainní fisiciúla ag an suíomh a fheabhsú agus a mhéadú. Chríochnaigh an fhoireann dearaidh seo Céim 1 (Réamhdhearadh) ar an bpróiseas dearaidh ina ndearnadh suirbhéanna, eolas cúlra a anailísiú, agus roghanna dearaidh a fhorbairt. Tosaíodh Céim 2 (Dearadh Forbartha) ina sainithneoidh an fhoireann dearaidh an rogha is fearr atá ag teacht chun cinn agus ina bhforbrófar an dearadh a oireann d'aighneacht pleanála.

Páirc Phobail Abhann

Méadaíodh an cistiú le Páirc Phobail Abhann a sholáthar ó €8.96m go €11.77m in 2022 le híoc as costais mhéadaithe mar gheall ar bhoilsciú. Ceanglaítear sna coinníollacha cistithe go soláthraítear an tionscadal go hiomlán faoi dheireadh 2023. Críochnaíodh na cáipéisí dearaidh mhionsonraithe agus tairisceana do Pháirc Leifir in 2022 agus eisíodh tairiscint don chonradh tógála. Tá toilithe reachtúla le fáil go fóill don tionscadal agus tá gá leo sula gceapfar conraitheoir, agus d'fhéadfadh seo cur isteach ar sholáthar an tionscadail faoi dheireadh 2023.

Athghiniúint ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór

Tá dul chun cinn maith déanta ag oibreacha ar an dá ghné den tionscadal. Eisíodh Deimhniú Críochnaithe Shubstaintigh do Joseph McMenamin agus Sons (Stranorlar) Ltd. i Meitheamh 2022, agus thit an oscailt oifigiúil leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, TD, amach in Iúil 2022, agus bhí an tsaoráid go hiomlán oibríochtúil agus ar oscailt don phobal ina dhiaidh sin. Bhí luach €1.45m ar an chonradh tógála agus soláthraíodh é laistigh den bhuiséad.

Tá gné Chéim 1 Ailt an Chorráin den scéim beagnach curtha i gcrích chomh maith agus tá súil leis go n-eiseofar deimhniú críochnaithe shubstaintigh i Márta 2023. Tá gach gné den scéim go hiomlán oibríochtúil agus ar oscailt don phobal faoi láthair. Bhí luach €1.02m ar an chonradh tógála agus soláthrófar é laistigh den bhuiséad.



Oscailt oifigiúil Fhorbairt Taitneamhachta Cladaigh ar Árainn Mhór leis an Aire Heather Humphreys, TD an 22 Iúil 2022

Athghiniúint ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór - Céim 2

Beartaítear foirgneamh críochfort farantóireachta agus spás fiontraíochta i dtimpeallacht nua an chalafoirt sa tion-scadal Athghiniúna ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór (Céim 2), ar a bhfuil luach caipitiúil €2,060,752 agus bronnadh tacaíocht chistithe €1,854,677 air.

Tá ardchéim den dearadh mionsonraithe a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh aige bainte amach ag MH Associates, agus tá súil leis go mbeidh an cháipéisíocht dearaidh agus tairisceana críochnaithe faoi dheireadh Mhárta 2023. Ag brath ar fhaomhadh ón RRDF, tá súil leis próiseas tairisceana a oscailt le conraitheoir inniúil a cheapadh i ráithe 2 2023, agus tosófar oibreacha ar an láthair i ráithe 3 2023, agus is é an dáta críochnaithe ráithe 2 2024.



Coincheap Dearaidh Athghiniúna ó Chalafort Ailt an Chorráin go hÁrainn Mhór - Céim 2

Na Cealla Beaga 2040

Oslaíodh próiseas tairisceana i ráithe 2 2022 le conraitheoir inniúil a cheapadh leis na hoibreacha a dhéanamh. Ba é an fortháirgeoir rathúil McDermott and Treaty Construction Ltd. agus bronnadh an conradh orthu i ráithe 3 2022. Thit imeacht 'Casadh an Fhóid' amach leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue TD i nDeireadh Fómhair 2022. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair i ráithe 4 2022 agus tá dul chun cinn á dhéanamh acu faoi láthair agus tá súil leis go gcríochnófar iad i Nollaig 2023.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag plé maidir le héadaíl talún agus foilsíodh an CPO do láithreán 'an Clós Guail' agus na tailte taobh leis. Tá súil leis go mbeidh na tailte seo ar fáil le haghaidh carrphárceáil shealadach i Márta/Aibreán 2023.



Casadh an Fhóid do Thionscadal Athghiniúna Lár Baile na gCealla Beaga 2040

Tionscadal Athghiniúna Tús Nua

Tá Tionscadal Athghiniúna Charn Domhnach bunaithe ar chomhpháirtíocht le Spraio agus Spórt agus soláthrófar Mol Comhoibríthe, Fablab, Mol Cruthaitheach agus bonneagar ríochta poiblí faoi. Tá luach caipitiúil €9,542,852 ar an tionscadal seo agus bronnadh tacaíocht chistithe €8,218,982 ón RRDF air.

Osclaíodh próisis tairisceana i ráithe 4 2022 leis an Fhoireann Dearaidh Chomhtháite agus Seirbhísí Luachála Talún a cheapadh don scéim. Rinneadh tairiscintí Seirbhísí Luachála Talún a sheoladh ar ais agus a mheasúnú, agus ceapadh an fortháirgeoir rathúil, Donal Ó Buachalla & Co Limited ag trádáil mar Avison Young.

Tosaíodh idirbheartaíocht tosaigh le húinéirí talún anois.

Seoladh tairiscintí don Fhoireann Dearaidh Chomhtháite ar ais agus tá measúnú á dhéanamh orthu faoi láthair. Tá súil leis go ndéanfar an ceapachán seo i ráithe 1 2023 agus tosófar leis an chomhairliúchán agus na hoibreacha dearaidh láithreach, agus tá dearáí mionsonraithe/cáipéisíocht tairisceana le críochnú faoi Ráithe 4 2023.



Tionscadal SEED

Tá sé molta i dtionscadal 'SEED' i mBealach Féich agus Srath an Urláir ríocht phoiblí, carrpháirceáil agus forbairt fiontair a bheith i lár an bhaile. Tá luach caipitiúil €9,756,969 ar an tionscadal seo agus fuair an tionscadal tacaíocht chistithe €8,781,272 ón RRDF.

Osclaíodh próisis tairisceana i ráithe 4 2022 leis an Fhoireann Dearaidh Chomhtháite agus Seirbhísí Luachála Talún a cheapadh don scéim. Rinneadh tairiscintí Seirbhísí Luachála Talún a sheoladh ar ais agus a mheasúnú, agus ceapadh an fortháirgeoir rathúil, Donal Ó Buachalla & Co Limited ag trádáil mar Avison Young. Tá idirbheartaíocht tosaigh le húinéirí talún le tosú i ráithe 1 2023.

Seoladh tairiscintí don Fhoireann Dearaidh Chomhtháite ar ais agus tá measúnú á dhéanamh orthu faoi láthair. Tá súil leis go ndéanfar an ceapachán seo i ráithe 1 2023 agus tosófar leis an chomhairliúchán agus na hoibreacha dearaidh láithreach, agus tá dearáí mionsonraithe/cáipéisíocht tairisceana le críochnú faoi Ráithe 4 2023.

Ceangal LC - Páirc Líneach

Osclaíodh próiseas tairisceana i ráithe 3 2021 le conraitheoir inniúil a cheapadh leis na hoibreacha a dhéanamh. Ba é an fortháirgeoir rathúil ACS Civils Ltd, Construction Ltd. agus bronnadh an conradh orthu i ráithe 3 2022. Tosaíodh na hoibreacha ina dhiaidh sin ar an láthair i ráithe 2 2022 agus tá dul chun cinn á dhéanamh acu faoi láthair agus tá ardchéim bainte amach acu. Tá súil leis go n-eisefar deimhniú críochnaithe shubstaintigh in Aibreán 2023. Tá luach €780,000 ar an gconradh tógála agus níl an buiséad á shárú aige faoi láthair.



Dul chun Cinn ar Cheangal LC - Páirc Líneach

Rialú Tógála agus Eastáit Chónaithe a Thógáil i gCúram

Rialú Tógála

Is ceanglas é de chuid na Rialachán um Rialú Foirgníochta go dtabharfaidh duine a bhfuil sé beartaithe aige oibreacha a dhéanamh nó athrú ábhartha úsáide a dhéanamh maidir le foirgneamh fógra, i bhfoirm Fógra um Thosach Feidhme, don Údarás um Rialú Tógála, maidir lena intinn chun tús a chur le hoibreacha.

Fuarthas 556 Fógraí um Thosach Feidhme in 2022. B'ionann iad seo agus 686 tionscadal tógála agus bhí 531 aonad nua acu sin. Thug an Rannóg um Rialú Tógála faoi chigireachtaí láithreáin ar 70 de na foirgnimh seo ar mhaithe le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta a mhonatóiriú agus a chur i bhfeidhm. B'ionann seo agus 13.2% de na foirgnimh nua ar cuireadh an tÚdarás um Rialú Tógála ar an eolas gur tosaíodh iad sa bhliain. "Forbairtí ilaonaid" a bhí in 132 de na haonaid seo.

Mar chomparáid, fuarthas 565 Fógra um Thosach Feidhme in 2021. B'ionann iad seo agus 772 tionscadal tógála agus bhí 634 aonad nua acu sin. "Forbairtí ilaonaid" a bhí in 148 díobh seo.

Fuair an Rannóg um Rialú Tógála 87 iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas. Cuirtear seo i gcomparáid le 99 iarratas in 2021, 58 in 2020 agus 53 in 2019.

Tógáil i gCúram

Lean an Chomhairle le heastáit chónaithe a thógáil i gcúram i rith 2022. Cuireadh líon mór eastát faoi bhráid Uisce Éireann agus a dtóiliú á lorg leanúint ar aghaidh leis an bhonneagar seirbhísí uisce a thógáil i gcúram, a aistriofar chucu ina dhiaidh sin.

Breithníodh 37 eastát, ar an iomlán, ag cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh i rith 2022 agus lorgaíodh faomhadh na mBall Tofa le hiad a thógáil i gcúram, i gcomhréir le hAlt 180 den Acht um Pleanáil. Méadaíonn seo an líon eastát a tógadh i gcúram ó 2019 go 80.

D'úsáid an tÚdarás Pleanála bannaí bardasacha agus a acmhainní féin chun tabhairt faoin obair dheisiúcháin laistigh de na heastáit seo agus d'eastáit eile chun cabhrú lena dtógáil i gcúram. Sa chás gur chuí, gearáidh cistiú chomh maith ó Uisce Éireann chun roinnt pleananna réitigh láithreáin a dhéanamh.



Le linn 2023, leanfaidh an t-údarás pleanála ar aghaidh ag uasmhéadú líon na n-eastát a thógtar i gcúram, agus ag an am céanna beidh sé mar aidhm aige na tionscadail chaipitil a bhfuil maoiniú leithdháilte orthu go dtí seo faoin Chlár Ilbhliantúil um Réiteach Bonneagair arna Sholáthar ag Forbróirí a sholáthar.




Oibreacha réitigh láithreáin á ndéanamh ar bhóithre agus ar chosáin in eastáit chónaithe phríobháideacha chun go mbainfidh siad caighdeán sásúil amach lena cheadú iad a thógáil i gcúram

Corparáideach, Tithíocht agus Cultúr

Ár bPobail a Chumasú/an Fás a Thiomáint/Seirbhísí a Sholáthar





647 teaghlach tar éis tairbhe a bhaint as deontais tithíochta chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus daoine breacaosta ar luach **€3.6m**



Stoc tithíochta beagnach **5,200 réadmhaoin** agus caitheadh **€9.6m** ar ár stoc a chothabháil agus a fheabhsú agus ar ár n-eastáit a chothabháil

100,000 glaoch dátheangach (Gaeilge agus Béarla) curtha ag ár gcustaiméirí agus breis agus **10,000 teagmháil ar líne déanta**



163 áit chónaithe curtha ar fáil do thionóntachtaí nua tithíochta sóisialta. Áiríodh leis seo **85 teach nua** a chríochnú, agus **78 teach folamh** a athchóiriú

D'eisigh Seirbhísí Tréidliachta

- 10 gceadúnas ghinearálta madra
- 118 ceadúnas saolré madra
- 6,281 ceadúnas madra aonair


Lean an leathanach Facebook lena aimsiú a fhairsingiú agus tugadh breis agus **139,000 cuairt ar an bpróifíl**, rinneadh **54,000 idirghníomhú** agus aimsíodh breis agus **720,000 úsáideoir**

Buaicphointí 2022



114 réadmhaoin arna n-uasghrádú tríd an **gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh** ar chostas beagnach **€3.7m**

2,587 teaghlach faofa do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta agus glanriachtanas **910 teaghlach** ann



Chuir an Rannóg Acmhainní Daonna **40 comórtas** ar siúl a mheall **1,844 iarratasóir** ónar eascair **235 ceapachán**

Méadaíodh líon na gcuartheoirí chuig leabharlanna poiblí aníos go dtí **239,000 cuairt**, tugadh breis agus **148,000 earra ar iasacht**, agus rinneadh acmhainní ar líne a rochtain breis agus **101,000 uair**



Seirbhísí Corparáideacha

An tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí

Cuireann Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí Chomhairle Contae Dhún na nGall pointe teagmhála amháin ar fáil dár gcustaiméirí trí bhealaí éagsúla cumarsáide, lena n-áirítear an teileafón, ríomhphost, ar líne agus na meáin shóisialta, áit ar féidir lenár gcustaiméirí a gcuid fiosrúchán a dhíriú agus faisnéis a fháil faoin Chomhairle agus faoina seirbhísí.

Lean an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí a bheith an-ghnóthach agus déileáladh le breis agus 100,000 glaoch dátheangach (Gaeilge agus Béarla) a chuir ár gcustaiméirí agus breis agus 10,000 teagmháil ar líne.

An Oifig Cumarsáide

Lean an Oifig Cumarsáide de sheirbhísí, tacaíochtaí agus gníomhaíochtaí na Comhairle a chur chun cinn go réamh-ghníomhach, agus í ag bainistiú láithreach na Comhairle ar líne lena n-áirítear an suíomh gréasáin agus na suíomhanna meán sóisialta, ag soláthar seirbhís fiosrúcháin maidir leis na meáin agus ag cur thráchtairacht Oifigiúil Chomhairle Chontae Dhún na nGall amach chuig na meáin.

Caidreamh leis na Meáin

Leanann an Oifig Chumarsáide de bheith ag obair go dlúth leis na meáin áitiúla chlóite, chraolta agus ar líne chun teachtairachtaí tábhachtacha ón Chomhairle a chur in iúl don phobal. Eisíodh 208 preaseisiúint agus foláireamh nuachta agus phléadh le tuairim agus 500 cheist ó na meáin áitiúla agus náisiúnta. Eisíodh breis agus 70 Fógra Seirbhíse Poiblí fosta ar an raidió.

Thosaigh an Oifig Cumarsáide ag oibriú i gcomhar le Forbróirí Córais Faisnéise na Comhairle ar chóras bainistíochta sreabhaidh oibre le ceisteanna ó na nuachtáin a chur i gcuntas agus a thaifeadadh agus bhí sé go hiomlán oibríochtúil faoi dheireadh na bliana.

Láithreach na Meáin Shóisialta agus ar Líne

Meitea (Facebook agus Instagram)

Lean leathanach Facebook Chomhairle Contae Dhún na nGall lena aimsiú a fhairsingiú i gcaitheamh 2022, agus tugadh breis agus 139,000 cuairt ar an bpróifíl, rinneadh 54,000 idirghníomhú, agus aimsíodh breis agus 720,000 úsáideoir.

Ba é 2022 an chéad bhliain iomlán féilire fosta do Chontae Dhún na nGall ar Instagram, áit ar bhain ár bpróifíl breis agus 1,000 leantóir amach agus ar fhéach breis agus 3,500 duine aonair uathúil air.

Twitter


Chuir Chomhairle Contae Dhún na nGall 2,517 tvuít in airde in 2022 a bhain lucht féachana níos mó ná 1 milliún duine amach. Ceadainn an tseirbhís MapAlerte a chomhcheangal isteach in Twitter anois don Chomhairle Rabhaidh Aimsire, Fógraí Grin agus Bristeacha Uisce a eisiúint go huathoibríoch, agus rinne sé foláirimh na Seirbhíse Bóithre a chuíchóiriú fosta chuig pointe teagmhála amháin.

Cruinnithe ar Líne a Chuíchóiriú

In 2022, thosaigh an Oifig Cumarsáide, i gcomhar le Rannóg Córais Faisnéise na Comhairle, le cruinnithe iomlána comhairle a shruthú ar Facebook ó Ionad Fóillíochta an Aura, Leitir Ceanainn, agus faoi dheireadh 2022 bhí socrú ar leith sruthaithe curtha i bhfeidhm acu i Seomra na Comhairle, Leifear lena cheadú fotha ilchainéil fise agus fuaimne a oibriú ar mhicrealáithreán féin tiomnaithe craolta na Comhairle - <https://donegalcoco.public-i.tv>

Láithreán Gréasáin

D'amhairc 193,235 úsáideoir ar láithreán gréasáin na Comhairle (donegalcoco.ie) in 371,252 seisiún in 2022. Ba é an meánam a caitheadh ar an láithreán 1 nóiméad agus 48 soicind, agus baineadh líon iomlán 750,380 amharc leathanaigh amach. Thug daoine ó 159 tír cuairt ar an láithreán fosta, an Chasacstáin, Nua-Ghuine Phapua agus San Críostóir-Nimheas.



Acmhainní Daonna

Earcaíocht

Ritheadh 40 comórtas san iomlán in 2022 chun folúntais a líonadh i measc réimse limistéar. Cuireadh na comórtais seo chun cinn go fairsing agus mheall siad 1,844 iarratasóir ónar eascair 235 ceapachán. I measc na comórtais a bhí ar siúl, bhí raon deiseanna ann lena n-áirítear liúntais do phoist shealadacha nua le haghaidh tionscadail agus réimsí gníomhaíochtaí ar leith atá tacaíthe le maoiniú seachtrach, le haghaidh obair shéasúrach agus chun folúntais i struchtúr bainistíochta agus foirne na Comhairle a tháinig chun cinn i rith na bliana a líonadh. Ag teacht le comhairle Sláinte Poiblí agus srianta maidir le Covie-19, lean Rannóg Earcaíochta na Roinne Acmhainní Daonna ag baint úsáide as ardáin ar líne chun freastal ar riachtanais na bhfeachtas éagsúil. Le deiseanna breise a thabhairt chun solais laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall, ghlac an Fhoireann Earcaíochta le príomhról i láithreán gréasáin nua Poist Rialtais Áitiúil a fhorbairt agus a thástáil (<https://www.localgovernmentjobs.ie/>).

Le sábháilteacht leanaí agus daoine fásta leochaileacha a chinntiú, rinne an Rannóg Earcaíochta grinnfhiosrúchán agus athghrinnfhiosrúchán ar 69 duine a raibh fostaithe agus soláthraithe seirbhíse seachtracha, e.g. éascaitheoirí ceardlainne, ina measc.

D'oibrigh an Rannóg Earcaíochta in 2022 go comhoibríteach leis an BOO le Clár Cúrsa Oiliúna saincheaptha a fhorbairt a sholáthróidh na scileanna rithábhachtacha a theastaíonn d'Oibríthe Ginearálta agus d'Oibríthe Tógála laistigh den tír. Bainfear triail phiólótach as seo i nDún na nGall sa bhliain amach romhainn agus b'fhéidir go dtabharfar isteach ar bhonn náisiúnta é.

Leanann an Rannóg Earcaíochta le bealaí nua chun fostaíochta a fhiosrú do chéimithe agus tá líon fostaithe trí Chlár Earcaíochta Céimithe na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an GBRÁ) agus Socrúcháin Thionsclaíochta éagsúla. Thit plé tosaigh amach fosta le AHEAD maidir le rannpháirtíocht Chomhairle Contae Dhún na nGall sa Chlár Meantóireachta Toiliúil agus Ábalta (WAW) a bhfuil mar aidhm aige rochtain i measc céimithe faoi mhíchumas ar an margadh fostaíochta a chur chun cinn agus acmhainn fostóirí a fhorbairt daoine faoi mhíchumas a imeascadh isteach san ionad oibre príomhshrutha.

Oiliúint agus Forbairt

Sholáthair Rannóg Oiliúna na Comhairle, i gcomhar le hIonad Oiliúna Réigiúnach Shrath an Urláir réimse cúrsaí don fhoireann in 2022 agus béim ar leith ar Shláinte agus Sábháilteacht, Scileanna Teicniúla, Sláinte agus Folláine, agus Scileanna Bainistíochta agus Maoirseachta. Lean an Roinn Oiliúna chomh maith ag tacú le Clár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Údarás Áitiúil a thabhairt isteach in 2022, ag oibriú i gcomhar leis an Ghrúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údarás Áitiúil (LASNTG).

Lean Scéim Oideachais Foirne na Comhairle de thacaíocht a sholáthar don fhoireann tabhairt faoi bhreisoideachas. Bhain baill foirne leas as an scéim seo i gcúrsaí ar nós Bainistíocht Airgeadais, Gnó agus Bainistíocht, Bainistíocht Tionscadal Tógála, Bainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise, Sláinte agus Sábháilteacht Ceirde agus Staidéar Rialtais Áitiúil.

Tá creidiúnú an LASNTG, SOLAS, City & Guilds agus an ITSSAR ag Ionad Oiliúna Réigiúnach Shrath an Urláir le hoiliúint a sholáthar. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne i réimse ábhair éagsúla, lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Gléasra agus Innealra, agus cúrsaí speisialaithe ar bhóithre, uisce agus dramhuisce ina measc chomh maith. Táthar ag leanúint de chúrsaí nua agus athbhreithnithe ar aon a chur ar fáil in 2022 i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh. Tá na cláir chreidiúnaithe i scileanna Comhraicthe Dóiteáin an QQI á soláthar go leanúnach d'earcaigh nua Sheirbhís Dóiteáin Dhún na nGall.

Leas Foirne

Lean an Oifig Leasa Foirne ag cur cúnamh ar fáil don fhoireann le linn 2022 agus chinntigh sí go raibh rochtain ag fostaithe ar threoir agus ar thacaíocht a bhaineann leis na dúshláin a chruthaigh Covid-19. Lean leis an Chomhairle Clár Cúnamh i gcomhair Fostaithe a chur ar fáil, seirbhís saor in aisce atá iontaofa agus atá ar fáil do gach uile fhostaí agus dá muintir chomh maith.

In 2022, rinne rannóg aoisliúntais na Rannóige Acmhainní Daonna 46 iarratas a phróiseáil le haghaidh pinsean lena n-áirítear scoir, sochair pinsin chaomhnaithe, pinsin chleithiúnaithe, aiscí Comhraiceoirí Dóiteáin nó íocaíochtaí cnapshuime. Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 661 duine ag fáil sochair pinsin ón Chomhairle.

Ag eascairt as Plean Sláinte agus Folláine na Comhairle 2021-2024 a sheoladh i Samhain 2021, chuir Foireann Sláinte agus Folláine na Comhairle cláir agus imeachtaí éagsúla ar siúl i rith 2022. Is í ár n-aidhm a chinntiú go mbíonn deis againn go léir an tsláinte agus an fholláine is fearr is féidir a fháil ionas gur féidir linn páirt iomlán a ghlacadh inár saol oibre, teaghlaigh agus pobail.

Seirbhís Tréidliachta

Glacann Seirbhís Tréidliachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ról reachtúil comhairleach agus riaracháin ar nithe a bhaineann le sláinte phoiblí tréidliachta, úinéireacht fhreagrach ainmhithe, agus bainistíocht fhreagrach ainmhithe.

Sláinte Phoiblí Tréidliachta

Faoi chonradh seirbhíse d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, soláthraíonn an Chomhairle an tseirbhís rialaithe oifigiúil i seamlais a bhfuil tréchur íseal acu, ionaid maraithe éanlaithe ar fheirmeacha agus gnólachtaí próiseála feola sa chontae. Bhí ceithre bhunaíocht déag faoi mhaoirseacht in 2022. Rinne Cigirí Tréidliachta cigireacht ar 20,371 ainmhí in 5 sheamlas áitiúla chomh maith le seisiúin réamhbháis agus iarbháis a dhéanamh ar 178 uair i mbunaíochtaí éanlaithe clóis. Rinneadh 298 cigireacht bhreise rialaithe oifigiúil ar na bunaíochtaí go léir agus tógadh 202 sampla rialaithe.

Rialú Ainmhithe

Eisíodh 10 gceadúnas ghinearálta madra, 118 ceadúnas saolré madra agus 6,281 ceadúnas madra aonair. Rinneadh cigireacht ar shé áitreabh faoin Acht um Bunachais Pórucháin Madraí. Tháinig dhá chéad agus a caoga ceathair madra le chéile arís lena n-úinéirí nó tugadh baile nua dóibh trí Dhídean Madraí Chomhairle Contae Dhún na nGall. Níor tugadh aon chapail ar strae le fios don tSeirbhís Tréidliachta in 2022.

Seirbhísí Tithíochta

Léargas Ginearálta

Is í aidhm fhoriomlán ár mbeartais tithíochta cóiríocht agus tacaíochtaí tithíochta oiriúnacha, cost-éifeachtúla, ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine óna dteastaíonn siad.

I measc na gcineálacha cúnamh tithíochta a soláthraíodh i rith na bliana bhí meascán de thionóntachtaí a leithdháileadh faoin Chlár um Thithíocht Shóisialta (Tithíocht Nuathógtha, Lándéanta, agus Éadálacha), an Clár Léasaithe Shóisialta, agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS), aistrithe agus faomhadh tacaíochtaí tríd an Scéim Íocaíochta Cúnamh Tithíochta (HAP). Cuireadh cúnamh ar fáil fosta i gcomhar le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB).

Lean an Chomhairle le tionóntachtaí agus áiteanna cónaithe a bhainistiú agus a choinneáil agus tacaíochtaí a chur ar fáil dár dtionóntaí, lena n-áirítear athchóiriú agus uasghrádú ar áiteanna cónaithe agus eastáit trí roinnt tionscnamh agus clár éagsúla.

Cuireadh cúnamh deontas ar fáil do dhaoine breacaosta agus do dhaoine atá faoi mhíchumas faoin Scéim Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, faoi Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta agus faoin Scéim Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Breacaosta. Lean na roghanna lasachtaí Tithíochta a bheith ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire faoi Scéim lasachta Tithíochta an Údaráis Áitiúil.

Riachtanas Tithíochta

Aithníodh sa Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta a rinneadh an 1 Samhain 2022 go raibh 2,587 líon tí a bhí faofa faoi choinne Tacaíocht Tithíochta Sóisialta i gContae Dhún na nGall. Díobh siúd, bhí 1,677 ag fáil tacaíocht tithíochta sóisialta cheana féin agus iad ag lorg go n-aistrefar iad ó thithe reatha na Comhairle nó ó thionóntachtaí HAP. Ar an ábhar sin, ba é 910 glanlíon na ndaoine sa Chontae a bhí i ndíth.

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh a díchill chun freastal ar riachtanais chóiríochta na n-iarratasóirí ar thithíocht, ag úsáid meascán de mhodhanna éagsúla lena n-áirítear leithroinnt stoc tithíochta shóisialta reatha nó nua araon, áiteanna cónaithe ar léas, cóiríocht a fuarthas faoin Scéim Cóiríochta Cíosa agus Íocaíocht Cúnamh Tithíochta chomh maith le háiteanna cónaithe a cuireadh ar fáil i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Stoc/Tionóntachtaí Tithíochta

Ag deireadh 2022, bhí an Chomhairle freagrach as stoc tithíochta de bhreis ar 5,200 réadmhaoin. Caitheadh breis agus €9.6m in 2022 ar á stoc a chothabháil agus a fheabhsú agus ar ár n-eastáit a chothabháil i rith na bliana. Chomh maith leis an ghnáthchothabháil agus an gnáthdheisiúcháin, bhain an caiteachas seo leis an athchóiriú atá le déanamh ar áitribh fholmha chun iad a athlígean, chomh maith le cláir chothabhála éagsúla atá beartaithe, mar shampla, an clár péintéireachta seachtraí, an clár oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh, agus oibreacha sonracha eile feabhais agus athchóirithe.

Aonaid faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil	5,017
Aonaid ar Léas Fadtéarma (sa Mhargadh Príobháideach)	157
Iomlán	5,174



Forbairt Tithíochta Sóisialta a fosclaíodh i mBaile Dhún na nGall ar an 22 Feabhra 22

Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh

Cuireadh tús le Clár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh nua-athbhreithnithe in 2021 a éilfionn ar údaráis áitiúla bogadh chuig clár 'iarfheistithe níos doimhne'. Áirítear leis na hoibreacha atá incháilithe faoin Chlár insliú áiléir/cuasbhalla nó insliú balla sheachtraigh, nuair is gá, fuinneoga agus doirse a athsholáthar, teaschaidéal a shuiteáil agus oibreacha coimhdeacha agus gaolmhara. Críochnaíodh 141 aonad faoin Chlár seo ar chostas beagnach €3.7m in 2022.



Athfheistiú Eifeachtúlachta Fuinnimh - roimhe agus ina dhiaidh

Úsáid thairbheach a bhaint as réadmhaoín fholamh arís

Chath an Chomhairle beagnach €1.7m ar úsáid thairbheach a bhaint arís as 78 réadmhaoín fholamh. Áiríodh leis sin cúnamh maoinithe €858,000 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chomh maith le hacmhainní na Comhairle féin.

Oibreacha oiriúnaithe agus síntí aonuaire

I rith na bliana chaith an Chomhairle breis agus €500,000 ag déanamh oibreacha oiriúnaithe ar scála beag ar 74 aonad agus ar shintí a chur le 4 aonad dár stoc tithíochta sóisialta. Chabhraigh na hoibreacha seo le tionóntaí faoi mhíchumas na hoiriúnuithe riachtanacha a dhéanamh ionas go mbeadh a gcuid tithe oiriúnach dá gcuid riachtanas.

Oibreacha athchóirithe/deisiúcháin shonracha

Cruthaíodh 273 tionóntacht nua údaráis áitiúil i rith na bliana in 2022. Anuas air sin, bhí 1,792 tionóntacht i bhfeidhm faoin Scéim Iocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) faoi dheireadh na bliana agus freastalaíodh ar 197 teaghlach breise faoin Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS). Caitheadh níos mó ná €68,043 chomh maith ar oibreacha sonracha feabhais/athchóirithe in eastáit faoi úinéireacht na Comhairle ar fud an chontae.

Bainistíocht Eastáit

Tá cúigeach Oifigeach Measúnaithe Tithíochta/Oifigeach Idirchaidrimh le Tionóntaí ag an gComhairle i mbun Bainistíocht Eastáit agus cuireadh €52,750 ar fáil faoi choinne tionscnaimh bhainistíochta eastáit le linn na bliana, an tEastát Tithíochta is Feistiúla ina measc.

An Scéim Cúnaimh Caipitil

Lean an Chomhairle ag dul i mbun idirchaidrimh leis an Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le cóiríocht a chur ar fáil faoin chlár seo le freastal ar riachtanais daoine breacaosta agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tá an clár dírithe go sonrach ar chóiríocht riachtanas speisialta a sholáthar nuair nach bhfuil na cineálacha traidisiúnta tacaíochtaí tithíochta sóisialta oiriúnach.

An Clár Léasaithe Shóisialta

Faoin Chlár Léasaithe Shóisialta, is féidir áiteanna cónaithe oiriúnacha a léasú leis an Údarás Áitiúil faoi chomhaontú léasa fhadtéarma. Bhí 157 aonad den sórt sin ar léas ag deireadh 2022. Ba é líon iomlán na n-aonad a bhí ar léas san Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ag deireadh 2022 i nDún na nGall 210. Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an Chomhairle fosta leis an Earnáil Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta le haonaid ar léas a sholáthar faoin tSaoráid Léasaithe Réamhíocaíochta Caipitil (CALF) agus an Scéim um Chomhaontú Fála.

Cóiríocht do Thaistealaithe raveller Accommodation

Tá an Chomhairle na 18 mí deiridh á n-iontráil ag an Chomhairle den Chlár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2019- 2024. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag baint amach na spriocanna agus na gcuispóirí cóiríochta, agus dá sárú, mar atá leagtha amach sa chlár ar bhonn bliantúil i gcomhairle leis an Choiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht do Thaistealaithe.

Críochnaíodh roinnt tionscadail chóiríochta a bhain go sonrach le Taistealaithe i rith 2022 agus soláthraíodh raon de réitigh chóiríochta eile trí ligean caighdeánach, scéimeanna HAP agus scéimeanna léasa. Ina theannta sin, rinneadh athsholáthar tithe soghluaiste agus carbhán a sholáthar i gcásanna áirithe éigeandála.

Mar thoradh ar an tionscadal suntasach um chóiríocht do Thaistealaithe a cuireadh ar fáil in 2022, críochnaíodh aonaid chóiríochta ag Scéim Grúpthithíochta Bhóthar na Canálach i Leitir Ceanainn. Tá tús curtha cheana féin le clár chun tionscadail ar leith chóiríochta do Thaistealaithe don bhliain 2023. Tá súil leis go mbainfear amach arís na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe don bhliain 2023. Cuirfear an scéim phiolótach nua leasaithe iasachta carbháin ar fud na tíre i bhfeidhm i mbliana chomh maith i ngach údarás áitiúil i nDún na nGall san áireamh.



Roimh and i ndiaidh go ndearnadh oibreacha ar Chóiríocht do Thaistealaithe

Tacaíochtaí do Dhaoine gan Dídean

Tagann Foireann Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean idirghníomhaíochta le chéile go rialta chun a chinntiú go bhfuil na pleananna tacaíochta oiriúnacha i bhfeidhm le haghaidh daoine atá gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean.

Tugadh cúnamh do 149 teaghlach in 2022 ó thaobh cóiríocht shealadach nó éigeandála do dhaoine gan dídean agus cuireadh cúnamh ar fáil dóibh trí na gníomhaireachtaí deonacha eile áitiúla reachtúla agus deonacha, Brú Naomh Colm Cille i Leitir Ceanainn ina measc.

Tá Comhaontú Seirbhíse do Sheirbhísí Tacaíochta agus Cothaithe Tionóntachta i bhfeidhm le Clann Shíomóin an Iarthuaiscirt. Is éard is cuspóir foriomlán leis ná seirbhísí athlonnaithe a chur ar fáil do dhaoine atá ag fágáil cóiríocht éigeandála nó ghearrthéarma, agus chun tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh atá i mbaol a bheith fágtha gan dídean.

Ní dhéanann an tSeirbhís dúbláil ná forluí ar sheirbhísí iomchuí eile ná ní thagann sí in áit na seirbhísí sin, ach cabhróidh sí le daoine na seirbhísí sin a rochtain.

Leanadh le cur i bhfeidhm an Chláir Náisiúnta um Thús Áite do Thithíocht in 2022 agus cuireann sé cóiríocht shlán ar fáil do dhaoine a bhfuil a bhí thíos le heaspa dídine go fadtéarmach. Faoin Chlár, cuirtear diantacaíochtaí tithíochta agus sláinte ar fáil do chliaint chun cabhrú leo a dtionóntacht agus a bhfolláine a choinneáil.

Deontais Tithíochta

Tá roinnt scéimeanna deontais á n-oibriú ag Comhairle Contae Dhún na nGall chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta maireachtáil níos compordaí nó níos neamhspleáiche ina dtithe féin. Maoiníonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht 80% de na hoibreacha incháilithe agus maoiníonn an Chomhairle an fuilleach 20%. Bhain 647 teaghlach leas as na scéimeanna seo in 2022 agus b'ionann costas iomlán na n-oibreacha agus €3.6 milliún. Is í an Chomhairle a dhéanann an Scéim Deontais Bloic Lochtacha Coincréite a riar thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.



Exterior improvements under the Council's Housing Adaptation Grant Scheme

Iasachtaí Tithíochta

Is í an Chomhairle a dhéanann an Scéim Iasachta Tithíochta Údaráis Áitiúil a riar (tháinig seo in ionad Scéim Iasachta Tithíochta Atógáil Éireann in Eanáir 2022). Cabhraíonn an Scéim le ceannaitheoirí céaduaire nach féidir leo cistiú iasachta a fháil ó institiúidí airgeadais eile. Faomhadh seacht n-iasacht i bprionsabal in 2022 ar bhfiú €550,000 iad. Sa tréimhse chéanna, tarraingíodh anuas sé iasacht san iomlán (a faomhadh faoin tseanscéim) ar luach €607,490.

Cigireacht ar áiteanna cónaithe príobháideacha ar cíós

Leanadh ar aghaidh i rith na bliana leis an chláir cigireachtaí ar áiteanna cónaithe príobháideacha ar cíós le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas reachtúil do chóiríocht ar cíós mar atá leagtha amach i Rialacháin na dTithe (Caighdeán do Thithe ar Cíós), 2021. Leagann na rialacháin seo amach na híoschaighdeáin a chaithfidh aonaid tithíochta ar cíós a chomhlíonadh. Tháinig maolú ar shrianta phaindéim Covid-19 i rith 2022 agus atosáíodh cigireachtaí ar an láthair arís.

Rinneadh 1,705 iniúchadh, ar an iomlán, ar 1,651 áit chónaithe i rith na bliana agus tá fiosrú á dhéanamh ag an Chomhairle le tiarnaí talún ag féachaint le go ndéanfar feabhsúcháin ar na háiteanna cónaithe príobháideacha ar cíós faoi mar a cheanglaítear sna Rialacháin. Eisíodh 1,504 Litir Feabhsúcháin agus eisíodh 9 bhFógra Feabhsúcháin i rith 2022.

Eisíodh litreacha comhlíonta chuig úinéirí réadmhaoine maidir le 399 réadmhaoine a bhain an caighdeán riachtanach amach.



Taobh istigh críochnaithe de theach in Brookfield, Baile Dhún na nGall



Forbairt Tithíochta ag Baile na Creige, Bun Cranncha

Caipiteal Tithíochta

Lean leis an Rannóg Caipitil Tithíochta ag obair chun tithíocht shóisialta a sholáthar i rith 2022. Bhí tionchair na paindéime domhanda, an chogaidh san Úcráin, chleachtaí díchill chuí le cáilíocht ábhair thógála a chinntiú, agus chostais mhóra bhoilscithe sa mhargadh tógála le tabhairt faoi deara i rith 2022 ach rinneadh dul chun cinn, áfach, agus rinneadh an soláthar a uasmhéadú a mhéid agus ab fhéidir.

Críochnaíodh scéimeanna tithíochta sóisialta i mBaile na Creige, Bun Cranncha, a sholáthair 21 aonad tithíochta sóisialta faoi Chéim 1 d'fhorbairt bhunachar talún na Comhairle ag an láthair seo, agus críochnaíodh 4 aonad bhreise i nDún Fionnachaidh. Anuas air sin, críochnaíodh oibreacha tógála ar 2 Chás Shonracha (Slanna) i Loch an Lúir agus Anagaire. Críochnaíodh éadálacha lándéanta, a sholáthair 43 aonad, ar an iomlán, i mBaile Dhún na nGall (38 aonad) agus i mBéal Átha Seanaidh (5 aonad) araon. D'oibrigh an Chomhairle chomh maith le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta le 15 aonad ag an gClochán Liath a sholáthar.

Lean forbairtí breise tithíochta a thógáil faoi Chlár Tógála Tithíochta na Comhairle le dul chun cinn a dhéanamh ar an láthair i Ráth Bhoth agus tosaíodh oibreacha ar thionscail i mBaile Dhún na nGall, Bealach Féich agus Leifear. Tá céimeanna éagsúla de dheardh, tairiscint agus faomhadh ar fud an chontae bainte amach ag go leor scéimeanna breise agus leanfaidh an clár seo le tithíocht shóisialta agus le hárasáin a sholáthar sa ghearrthearma.

Bunaíodh foireann thiomnaithe um éadail talún i rith 2022 le tailte a shainnithint agus a éadail ar fud an chontae ar mhaithe le tithíocht shóisialta. Rinne an fhoireann dul chun cinn suntasach agus aontaíodh le praghas díola dáileachtaí éagsúla talún. Cinnteoidh na dáileachtaí nua talún seo go leanfar le tithíocht a sholáthar faoi láthair agus amach anseo ar fud na gcúig Cheantar Bhardasacha. Tá fógra a lorgaíonn léiriú spéise do dháileachtaí talún, láithreáin/fhoirgnimh tréigthe ar féidir leo tithíocht shóisialta a sholáthar ar oscailt go fóill ar láithreán gréasáin na Comhairle.



Forbairt ag Rockview, Béal Átha Seanaidh



Oibreacha leanúnacha mar chuid d'oibreacha tógála Chéim 3 ag Páirc an Iarnróid, Baile Dhún na nGall

Leanadh ar aghaidh le próiseas éadála aonad lándéanta na Comhairle le linn 2022, faoi mar a dtugtar cuntas air thuas. Tá tionscadail bhreise ar na bacáin i mBealach Féich, Gaoth Dobhair agus Conmhaigh anuas ar thionscadail i Leitir Ceanainn mar chuid de chlár sonrach éadála aonad lándéanta do Leitir Ceanainn.

Leithdháileadh foireann bhreise ar an bhfoireann Caipitil Tithíochta faoi Thithíocht do Chách i rith 2022. Cuireadh baill foirne nua leis na foirne innealtóireachta, riaracháin agus ailtireachta chun cabhrú le tionscadail chaipitil tithíochta a sholáthar.

Leantar ag díriú ar chuspóirí Thithíocht do Chách, Plean Tithíochta Nua d'Éirinn, a bhaint amach agus leanfaidh tograí uailmhianacha le tithíocht a sholáthar sna blianta amach romhainn. Thug an Roinn cuntas ar dhíriú athnuaithe ar thithe aonair agus réadmhaoin le tionóntaí a éadail in-situ mar chuid d'iarrachtaí le dul i ngleic le heaspa dídine agus le hiad a mhaolú. Cuirfidh an Chomhairle éadálacha chun cinn ar aon dul le beartais ar glacadh leo le déanaí agus ar aon dul le próisis díchill chuí.



Oibreacha leanúnacha tógála ar Bhóthar Trusk, Bealach Féich a sholáthroidh 19 n-aonad do dhaoine breacaosta

An Rannóg Cultúir


Clár Éire Ildánach

I measc na dtionscnamh cruthaitheach lenar tacaíodh i rith 2022, bhí tionscadail ar bronnadh cistiú orthu tríd an Scéim Deontais Cultúir agus Cruthaitheachta, taispeántas ar chultúr, aitheantas, agus eitneacht Taistealaithe, agus tionscnamh cniotála cruthaithe idirghlúine.



Sásamh na léitheoireachta á roinnt ag an imeacht Léigh, Déan, Súgraigh de chuid Chruinniú na nÓg sa Leabharlann Láil (Grianghráf: John Soffe)

I measc na mbuaicphointí eile bhí Cruinniú na nÓg, agus bronnadh €65,094 ar Chósta Cruthaitheach Dhún na nGall trí Chiste Gníomhaíochta Geilleagraí na bPobal Cruthaitheach, agus bronnadh cistiú trí Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte do thionscadail a fhiosraíonn comhoibriú trasteorann.



Scéalta á n-insint maidir le himirce agus eisimirce ag an imeacht Out of the West a chistigh Scéim Deontais Cultúir agus Cruthaitheachta (Grianghráf: le caoinchead ó eagraí an imeachta)

D'athbhreithnigh Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall straitéis 2018-2022 i rith 2022 agus, i gcomhairle le páirtithe leasmhara, d'fhorbair siad Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Dhún na nGall 2023-2027.

Leithdháileadh €250,255 ar chlár 2022.



Yarns, comhdháil trasteorann faisin agus teicstíle le hoidhreacht Chomhroinnte teicstíle an réigiúin a cheiliúradh agus cabhrú le fiontraíthe cruthaitheacha sa tionscal faisin agus teicstíle san Iarthuaisceart (Grianghráf: Joe Dunne)

Seirbhís Leabharlainne

Méadaíodh líon na gcuairteoirí chuig leabharlanna poiblí aníos go dtí 239,000 cuairt, tugadh breis agus 148,000 earra ar iasacht, agus rinneadh acmhainní ar líne a rochtain breis agus 101,000 uair

Tugadh córas nua bainistíochta leabharlainne, Spydus, isteach. Chuir an tSeirbhís Leabharlainne fáilte fosta roimh Aip nua Leabharlann Dhún na nGall. Cuireann an Aip ar chumas úsáideoirí a gcuntais leabharlainne a bhainistiú óna ngutháin phóca.



*Úsáid a bhaint as an Aip nua leabharlainne, Solus, sa Leabharlann Láir
(Grianghraf: Denzil Browne)*

Lean an tSeirbhís Leabharlainne le cláir oibre agus stoc agus acmhainní ar líne a fhorbairt, agus béim ar leith ar a bailiúchán Gaeilge. I measc na gclár, bhí Europe Direct, Ceart chun Léitheoireachta ('Right to Read'), Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann agus Éire ag Léamh ('Ireland Reads'). Áiríodh leis an chlár forleathan féilte agus imeachtaí Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Wainfest agus Seachtain na hEolaíochta.



*Ceird an déanaímh sailí á foghlaim ag mná i rith Fhéile na Bealtaine
(Grianghraf: Foireann na Leabharlainne)*

Fuarthas cistiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin do Thacaíochtaí Leabharlainne do Phobail Imeachtaí agus atá Eisiata go Sóisialta agus Pobail faoi Mhíbhuntáiste. Ba iad na tionscadail a cistíodh:

1. Ceadúnais a sholáthar don Chlár Litearthachta Touch-Type Read Spell (TTRS)
2. Meitheal Chéadfach do Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin



*Meitheal chéadfach nua lonnaithe ag Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin
(Grianghraf: Foireann na Leabharlainne)*

An tSeirbhís Ealaíon

22ú Féile Bhá Dhún na nGall Bay agus na Cruaiche Goirme

Cuireadh fáilte arís roimh sheinm bheo le linn 22ú Féile Bhá Dhún na nGall Bay agus na Cruaiche Goirme, a thit amach idir an 30 Meán Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair. Buaicphointe ar leith ab ea Scéal Loch Finne, tionscadal ildisciplíneach agus imeacht seanma a choimeád an ceoltóir agus an béaloideasóir ó na Gleannta, Rónán Galvin, agus é ag freagairt ar laoch Fhear Ghamhain Crom a bhfuil an-chur amach air, atá ina bhunús le go leor de na logainmneacha i gceantar Bhaile na Finne.



Oíche an Chultúir

Áiríodh le hOíche an Chultúir taispeántas 'Caibleadh' Charnabhal Inis Eoghain ag Páirc Bhaile Leitir Ceanainn agus suiteán dhealbh shoilsithe chomharghrúpa Turas Úr ag Gairdín Theach na mBocht i Leitir Ceanainn, agus chuir an tIonad Cultúir Réigiúnach cláir thaispeántas, stair bheo, imeachtaí ceoil agus bheochana scannáin ar siúl i Músaem an Chontae.

Amharclann an Ghrianaín agus Ionad Ealaíon na Mainistreach

Cuireadh Craobhchomórtais Drámaíochta Theoranta Uile-Éireann Chomhairle Drámaíochta Amaitéarach na hÉireann (ADCI) ar siúl in Ionad Ealaíon na Mainistreach. I measc na mbuaicphointí eile bhí léiriú ag Ceolfhoireann Aireagail na hÉireann i Meitheamh agus Féile Ealaíon Allingham i Samhain ina raibh an t-aisteoir cáiliúil Éireannach Ian McElhinney (Derry Girls, Game of Thrones) bainteach, i mbun comhrá le Sinéad Crowley.



Na haisteoirí Andy Doherty (Doalty), Suzie Seweify (Sarah) agus Ruby Campbell (Bridget) in Translations le Brian Friel, a léiríodh ag Amharclann an Ghrianaín i Lúnasa. Grianghraf: Ros Kavanagh

34ú Féile Ealaíon na hEaragaile

Mar chuid de chomhpháirtíocht nuálach na Féile le Aniar Productions, atá bunaithe i nGaoth Dobhair, rinneadh sraith ceolchoirmeacha ardphróifíle amach ag Amharclann an Ghrianáin a thaifeadh lena gcraoladh ag TG4 go luath in 2023. I measc na n-ealaíontóirí a bhí ann bhí The Sí Fiddlers, Paula agus Melanie Houton, Diane Cannon agus Theresa Kavanagh, The Henry Girls agus Ye Vagabonds. Chuir an ceoltóir ó Ghaoth Dobhair, Cathal Ó Curráin, agus an t-amhránaí traidisiúnta Sibéal Ní Chasaide an tsraith sé chuid, dar teideal Féile Ealaíne na hEaragaile, i láthair.

Filleann The Sí Fiddlers ar an stáitse arís tar éis dóibh seinm ag Amharclann an Ghrianáin i rith Fhéile Ealaíon na hEaragaile. Rinne Aniar TV, atá bunaithe i nGaoth Dobhair, an ceolchoirm a thaifeadh don tsraith ar TG4, Féile Ealaíon na hEaragaile, a craoladh in 2023. Ó chlé: Aisling Byrne, Claire Friel, Denise Boyle, Tara Connaghan, Bríd Harper, Mairéad Ní Mhaonaigh, Theresa Kavanagh, Clodagh Warnock, Fiona Gavin (aoi), Róisín McGrory agus Eimear McColgan (Grianghraf: John Soffe)



Infheistiú i Saothair Ealaíonta Nua

Tar éis gur cuireadh siar é an bhliain roimhe sin mar gheall ar Covid-19, thit an chéad léiriú domhanda ar shraith nua ceolfhoirne Vincent Kennedy, “Colm Cille”, amach i Márta. Sheinn Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, Cór na nÓg agus aionna an saothar agus chomhchoimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus BOO Dhún na nGall é mar chuid de chlár comórtha Cholm Cille 1500. Mar gheall go raibh an-tóir air, seinneadh an saothar arís eile in Iúil mar chuid d’Fhéile Ealaíon na hEaragaile.

An tIonad Cultúir Réigiúnach

40 Ceolchoirm

Bhain an tIonad Cultúir Réigiúnach (RCC) taitneamh as bliain rathúil de cheolchoirmeacha i ndiaidh gur baineadh srianta Covid-19 i bhFeabhra, agus cuireadh grúpaí ar bun ann ó Éirinn, an Iodáil, SAM, Albain, Sasana, an Ghearmáin, an Iorua, an Ísiltír agus an Fhrainc.



Taispeántas Philip Moss, Samhradh 2022 (Grianghraf: Eugene McGinty)

18 dTaispeántas

Thug breis agus 11,000 duine cuairt ar thaispeántais a léirigh an RCC. Rinne taispeántais ealaíontóirí idirnáisiúnta agus forbraíodh go leor ealaíontóirí ó Dhún na nGall atá ag teacht chun cinn.



Turas Ealaíontóirí (Grianghraf: RCC)

Forbairt Chultúrtha


In 2022, bhunaigh Stiúrthóir an RCC Lónra Amharc-Ealaíontóirí Dhún na nGall chun tacú le healaíontóirí le ceardlanna míosúla agus gairmthreoir. Tá breis agus 100 ball sa lónra seo anois.

D'oibrigh an RCC agus Oifig Scannán Dhún na nGall go dlúth chun tacú leis an gheilleagar áitiúil scannán a fheabhsú. Thacaigh an RCC le beirt scannánóirí ó Dhún na nGall le coimisiúin €500,000 a fháil ó CH4 agus Netflix.

Leanann an RCC ag tacú le forbairt ceoil ar fud an chontae agus fuair breis agus 600 scoláire ceachtanna ceoil ó Chomhpháirtíocht an RCC atá bunaithe i nDún na nGall.

Lean an tIonad Réigiúnach Cultúrtha de bheith ag comhoibriú le cuid mhór grúpaí pobail áitiúla agus idirchultúrtha chun breis agus 500 Rang agus Ceardlann a réachtáil i gcomhpháirt le breis agus 30 Grúpa Pobail





Músaem Chontae Dhún na nGall

Clár an Mhúsaeim

Áiríodh le clár an Mhúsaeim taispeántais cosúil le “The Treaty, 1921: Records from the Archives”; “A Common Humanity: Full Circle, the Ann Doherty Collection”, i gcomhar leis an tSeirbhís Chartlainne, agus “Still Here, Still Proud” le Tionscadal Taistealaithe Dhún na nGall.

Áiríodh leis an chlár chomh maith imeachtaí i rith Fhéile na Bealtaine; Féile Ealaíon na hEaraigile, Seachtain na hOidhreacht; Oíche an Chultúir, Seachtain an Ionchuimsithe Shóisialta agus Wainfest. Ghlac an Músaem páirt fosta i dtionscadal Smartic an AE, lenar n-áiríodh painéil ghréine a shuiteáil ar chúl an Mhúsaeim.



Ceardlann stánadóireachta ag an taispeántas “Still Here, Still Proud”

Painéil ghréine, Músaem Chontae Dhún na nGall



Seoladh an taispeántais “The Treaty, 1921: Records from the Archives”, Bealtaine 2022

Deich mBliaana na gCuimhneachán

Chuir an Rannóg Cultúir sraith tionscadal ar siúl a d’fhiosraigh stair Dheich mBliaana na gCuimhneachán. Áiríodh leis an tionscadal seo imeacht le ceiliúradh a dhéanamh ar Chath Phaiteagó agus Bhéal Leice; Ealaíontóir Cónaithe; turais staire beo; digitíú cartlainne; teach na mbocht fíorúil; imeachtaí do leanaí agus foilseachán, “The Workhouses of Donegal”. Thug an Roinn Turasoíreacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán tacaíocht do na tionscadail seo faoi Thionscnamh Chlár Dheich mBliaana na gCuimhneachán.



Cuimhneachán ar Chath Phaiteagó agus Bhéal Leice, Bealtaine



Aisteoirí i dTurais Staire Beo Theach na mBocht

An tSeirbhís Chartlainne

D'fhoilsigh na Cartlanna agus an Músaem, le cistiú ó chlár náisiúnta Dheich mBliana na gCuimhneachán, leabhar sé aiste leis an Dr Ben Rogers, Staráí Cónaithe, dar teideal Experiencing the Irish Revolution in Donegal, 1919-1925.


Rinneadh Albam Grianghraf an Tiarna agus an Ridire George Hill, cíosanna Eastát Murray Stewart, cartlann Daniel Doherty (eisirceach) agus miontuairiscí na Comhairle Ceantair Tuaithe agus Uirbhig a dhigitiú.

Fuair na Cartlanna agus an Músaem deontas ó Chiste Ceannaireachta na Comhairle Oidhreachta chun bailiúchán de chuid an fhóta-iriseora cháiliúil idirnáisiúnta Ann Doherty a liostáil, a dhigitiú agus a thaispeáint.

I measc na n-éadálacha in 2022, bhí taifid scoile, litreacha eisimirce, páipéir Theach Solais an Dúin Riabhaigh agus páipéir bhunaitheoir Chumann Staire Chontae Dhún na nGall, Chris McDonagh.

I measc na gcur i láthair a rinneadh in 2022, bhí cur i láthair ag Féile Liteartha Leitir Ceanainn, Cumann Cartlann na hÉireann agus an tSeirbhís Tacaíochta Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. Chuir an cartlannaí ailt le foilseacháin áitiúla agus náisiúnta staire, foilseachán san áireamh ar Óstán Ghaoth Dobhair do History Ireland.

Réabhlóid na hÉireann i nDún na nGall, 1919 - 1925



Aistí

an Dr Ben Rogers, Staráí Cónaithe
Músaem agus Cartlann Chontae Dhún na nGall,
Comhairle Contae Dhún na nGall



Daniel Doherty ag casadh leis an Uachtarán Éamon de Valera ar chuairt Éamon go Bostún, SAM, 1964, ó Bhailiúchán Daniel Doherty



Thacaigh Ciste na Struchtúr Stairiúil le Seanséipéal Thobar Mhálanna (Grianghraf: Joseph Gallagher)

Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

In 2022, thosaigh an Oifig Oidhreachta le Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall nua a ullmhú.

Thacaigh ár Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí, a bhfuil duaiseanna buaite aici, le 17 dtionscadal agus coimisiúnaíodh staidéar deisce ar láithreacha struchtúr stairiúil tuí. Fuarthas cistiú €20,000 ón Chomhairle Oidhreachta le Seandálaí Pobail páirtaimseartha a cheapadh agus fuarthas €336,000 ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta d'ocht dtionscadal faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail atá á mbainistiú ag an Oifig Oidhreachta agus Músaem an Chontae.



An rath faoi dhó á cheiliúradh do Thionscnaimh na mBailte Stairiúla i gContae Dhún na nGall

Áiríodh le Plean Oidhreachta Contae tús a chur le tionscadal trí bliana a chur i bhfeidhm ar ghairmeacha beatha agus thaithí mhuintir Dhún na nGall ag oibriú in Albain, taighde ar léarscáiliú a dhéanamh ar an Bhaile Beag (Ballybeg) de chuid Brian Friel, caomhnú reiligi stairiúla, ceardlanna 'Wild About Nature' agus tacaíocht do Ghradaim Phailneoirí Údarais Áitiúil. Fuarthas cistiú €55,860 ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra do shuirbhé leanúnach ar bhogaigh agus do shuirbhé ar an naoscach póraithe i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann. Cuireadh imeachtaí i bpearsan ar siúl athuair i rith Sheachtain na hOidhreachta i gContae Dhún na nGall agus bhí an rath air agus bhain sé aitheantas amach arís eile ag na Gradaim Oidhreachta Náisiúnta.

Fuarthas cistiú €345,000 ón Chomhairle Oidhreachta do dara Tionscnamh na mBailte Stairiúla i mBéal Átha Seanaidh a chur ar siúl, a dhéanann an Oifig Oidhreachta agus an Oifig Caomhantais a chomhbhainistiú. Bhuaigh ár dTionscnamh Bailte Stairiúla Bhéal Átha i Ráth Mealtain an Gradam Oidhreachta agus Timpeallachta Tógtha ag Gradaim Sármhaitheasa sa Rialtas Áitiúil de chuid Chomhlachas Tráchtála na hÉireann, agus an Gradam Dearaidh Uirbhig ag Gradaim Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus cuireadh ar an ghearrliosta é don chéad Ghradam Oidhreachta Inbhuanaithe de chuid Ghradaim an Chumainn um Chosaint Foirgneamh Ársa. Bhuaigh Tionscnamh na mBailte Stairiúla Bhéal Átha Seanaidh an Gradam Pobail agus Oidhreachta ag Gradaim Sármhaitheasa Thionscal Réadmhaoine Neamhspleáiche na hÉireann de chuid KPMG.



Teach tuí i gCamán, Ard an Rátha ar tacaíodh leis faoi Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí Chomhairle Contae Dhún na nGall, a bhuaigh gradam. (Grianghraf: Joseph Gallagher)



Taitneamh á bhaint as seál spraiúil os comhair scáthchruth Bhéal Átha Seanaidh ar iarrhoirgneamh Ballyshannon Bakery Company ar an Mheal, Béal Átha Seanaidh (Grianghraf: Karen Skelly)

Forbairt Gheilleagrach, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála

Acmhainneacht Eagraíochta a Fhorbairt/Fás a Thiomáint/Seirbhísí a Sholáthar



Ceapadh Foireann Dearaidh faoi stiúir Ailtire le dearáí a dhéanamh



d'Ionad Nuálaíochta Alpha agus Ionad Gnó Beta i Leitir Ceanainn

D'fhreagair Briogáidí Dóiteáin Dhún na nGall agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann



(NIFRS) ar **795 teagmhas**

Freastalaíonn **bonneagar Teicneolaíochta Faisnéise** Chomhairle Contae Dhún na nGall ar **106 láthair ar fud an chontae**



Tosaíodh oibreacha tógála ar **Fhoirgneamh Theach an Oileáin €2.3m** sna Cealla Beaga mar chuid de **Thionscadal Athghiniúna Lár Bhaile na gCealla Beaga**

€1,090,431.99 faofa trí **38 deontas Bheart 1 OFÁ** ar an iomlán, a thacaigh go díreach le **54 post nua áitiúil**

Sholáthair **52 oibrí deonach** seirbhís oibriúcháin **Chosaint Shibhialta Dún na nGall** in 2022 agus rinne an tOifigeach Cosanta Sibhialta í a bhainistiú

Buaicphointí 2022



Cuireadh pleananna chun cinn le **Páirc Ilúsáide 30 Acra** a fhorbairt ag an Chamán i Leifear, tithíocht shóisialta san áireamh

€50,000 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le Dún na nGall a chur chun cinn mar an láthair idéalach infheistíochta do **chianoibriú**



Ghlac breis agus **300 gnólacht** páirt sa tionscnamh **Ceannaigh i nDún na nGall (BuyDonegal)** agus bhain an feachtas meán sóisialta **7.5 milliún** duine amach


€500,000 leithdháilte ar ghrúpaí pobail agus ar sheirbhísí na Comhairle le réimse oibreacha a sholáthar chun tacú le **turasóireacht a fhorbairt** sa chontae



Forbairt Gheilleagrach

Léargas Ginearálta

Soláthraíonn an Rannóg Forbartha Geilleagraí raon tionscnamh chun tacú le forbairt gheilleagrach agus le gníomhaíocht chruthaithe post sa chontae, i gcomhar le comhpháirtithe forbartha san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Áirítear ar an Rannóg roinnt foirne, an tAonad Forbartha Geilleagraí (EDU), an tAonad Turasóireachta agus Tionscadal Trailgazers agus an tAonad Cistithe Straitéisigh ina measc.



An tAonad Forbartha Geilleagraí

Tailte Leifir

Cuireadh pleananna chun cinn le tailte faoi úinéireacht na Comhairle a fhorbairt ag an Chamán i Leifear in 2022, agus d'oibrigh Seirbhísí éagsúla na Comhairle le chéile leis an Pháirc Ilúsáide 30 Acra a fhorbairt. Cuireadh iarratas pleanála don bhonneagar cumasaíthe don láithreán faoi bhráid an Bhoird Phleanála i Meitheamh 2022. Ceadóidh seo tithíocht shóisialta, seirbhísí sláinte pobail, áiseanna caitheamh aimsire agus láithreáin le haghaidh forbairt gheilleagrach a fhorbairt.

Tá idirchaidreamh á dhéanamh ag an Rannóg Forbartha Geilleagraí le gnólachtaí ionchasacha agus páirtithe eile maidir le forbairt an láithreáin seo ag féachaint le tacú le forbairt gnó agus le cruthú post i Leifear agus sa cheantar máguaird.

Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbairt Straitéiseach Dhún na nGall 2040

Cuireann an Rannóg Forbartha Geilleagraí tacaíocht feidhmiúcháin ar fáil do Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbairt Straitéiseach Dhún na nGall 2040, ar cuideachta í a bhunaigh an Chomhairle le maoirseacht a dhéanamh ar phríomhthionscnaimh straitéiseacha forbartha geilleagraí a fhorbairt agus a bhainistiú, an méid seo a leanas ina measc:

Ceathrú Ghnó agus Nuálaíochta a fhorbairt i Leitir Ceanainn

Rinne Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbairt Straitéiseach Dhún na nGall 2040 Ceathrú Ghnó agus Nuálaíochta i Leitir Ceanainn a chur chun cinn agus ceapadh Foireann Dearaidh faoi stiúir Ailtire i mí na Nollag 2022 le dearaí mionsonraithe a dhéanamh d'Ionad Nuálaíochta Alpha (ionad nuálaíochta digití 7 stór le hachar urláir 17,500 troigh chearnach) agus Ionad Gnó Beta (foirgneamh gnó agus fiontair 8 stór le hachar urláir 43,000 troigh chearnach) a soláthraíonn an dá cheann áiseanna spás oibre den chéad scoth do réimse gnólachtaí eolasbhunaithe sa réigiún.

Teach an Oileáin, na Cealla Beaga

Mar chuid de Thionscadal Athghiniúna Lár Bhaile na gCealla Beaga, a comhchistíodh faoin RRDF, tosaíodh le hoibreacha tógála ar Fhoirgneamh Theach an Oileáin €2.3m sna Cealla Beaga i ráithe 4 2022. Ar a chríochnú, bainisteoidh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbairt Straitéiseach Dhún na nGall 2040 an foirgneamh seo agus beidh ionad faisnéise do thurasóirí agus fáiltithe, spás cíosa oifige agus spás pobail/cathartha ann.

Foirgneamh Fiontair Ailt an Chorráin

Mar chuid de Thionscadal Athfhorbartha Chalafort Ailt an Chorráin foriomlán, atá comhchistithe faoin Chiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe (RRDF), tosaíodh le dearadh mionsonraithe ar Fhoirgneamh Fiontair Ailt an Chorráin i Ráithe 3 2022. Tá an foirgneamh á fhorbairt le deiseanna fostaíochta a sholáthar agus le fiontraíocht a spreagadh chun tacú le forbairt gheilleagrach, gníomh a neartaíonn inbhuanaitheacht an phobail tuaithe sa cheantar. Nuair a bheidh sé críochnaithe, bainisteoidh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Forbairt Straitéiseach Dhún na nGall 2040 an foirgneamh seo agus lorgaíodh léiriú spéise i ráithe 3 agus 4 in 2022, cuireadh cruinnithe measúnaithe ar bun agus roghnaíodh an rogha tionónta.



Cistiú Comhroinnte Oileáin

Fuarthas cistiú beagnach €1m do shraith tionscadal nua nuálach faoi Scéim Cistithe Forbartha Chomhroinnte Údarás Áitiúil Oileáin Rialtas na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí. Déanfaidh an tAonad Forbartha Geilleagraí na ceithre thionscadal seo a leanas a stiúradh:

- Togra é tionscadal Braisle Theicneolaíochta Rialála an Iarthuaiscirt le hinstiúid uile-oileáin náisiúnta a fhorbairt i dTeicneolaíocht Rialála ('RegTech') san Iarthuaisceart. Tá an Chomhairle ag oibriú le Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin, ATU agus comhpháirtithe eile le campais a fhorbairt i Leitir Ceanainn agus Doire. Tacóidh an cistiú le bainisteoir tionscadail agus le sainchomhairleoirí a cheapadh chun tabhairt faoi staidreamh scóipe, cás gnó agus breithmheas geilleagrach anuas ar láithreán a shainnithint agus réamhdhearáí. Ceapadh bainisteoir tionscadail do dhá thionscadal Oileáin Chomhroinnte (Slí Cholmcille agus RegTech) an 5 Nollaig 2022 leis an phróiseas a chur chun cinn.
- Plás Nuálaíochta le deiseanna fiontair trasteorann a fhorbairt in earnálacha cosúil le fuinneamh in-athnuaite, ard-déantúsaíocht, innealtóireacht agus agraibhia.
- Tionscadal Turasóireachta Athghiniúnaí ina dtéitear i ngleic le háit, stair agus daoine an réigiúin, a lorgaíonn cuairteoirí ardtoraidh atá coinsiasach ar an chomhshaol a mhealladh.
- Bealach beartaithe oilithreachta 250km é Tionscadal Shlí Cholm Cille a cheanglaíonn príomhshuíomhanna a bhaineann le Colm Cille ar fud Dhún na nGall agus Dhoire, agus é ina uailmhian ceangal a dhéanamh ar fud Thuaisceart Éireann go hAlbain. Oibreoidh Comhairle Contae Dhún na nGall le Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin agus Slí Cholm Cille CLG chun tabhairt faoin mheasúnú indéantachta, lena n-áireofar forbairt an bhealaigh, infheistíocht chaipitil a shainnithint, costálacha agus dearaí, anuas ar bhreithmheas geilleagrach agus cás gnó.



Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt

Leanadh den obair le Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Cheantar an tSraitha Báin chun Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt a shuíomh mar phríomhsuíomh gnó agus infheistíochta. I measc na dtionscnamh áirítear:

- Plean Infheistíochta Isteach 3 bliana nua trasteorann a chríochnú don réigiún agus comhthaobhacht mhargaíochta a fhorbairt don réigiún.
- Ardán réitigh tallainne a fhorbairt go leanúnach le hinfheisteoirí a mhealladh chuig an réigiún.
- Tionóladh Comhdháil Bhliantúil Golden Bridges i mBostún an 18 Samhain 2022 agus cuireadh líon imeachtaí ionmhargaidh ar siúl i Londain, Baile Átha Cliath, Bostún agus Philadelphia.

Feachtas Athlonnaithe Dhún na nGall

Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall tairiscint rathúil isteach ar fheachtas athlonnaithe a thosófar go luath in 2023 agus bronnadh cistiú breise €50,000 orthu ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leis an réigiún a chur chun cinn mar an láthair idéalach infheistíochta do chianoibriú go dtí 2024. Leanadh le forbairt leanúnach le moil chontae trí fhóram Mhoil Dhún na nGall.

Réimse Éadaí Dhún na nGall

Chuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall i bpáirt leis an soláthraí éadaí spóirt O'Neills le réimse nua spreagúil éadaí brandáilte a sheoladh i Lúnasa 2022. Tugadh branda na háite isteach leis an réigiún a chur chun cinn mar áit iontach le cónaí, le hinfheistiú ann agus le staidéar a dhéanamh ann agus le fiosrú. Tá réimse fairsing éadaí i méideanna do dhaoine fásta agus do leanaí ar fáil lena gceannach i Siopa All Sports i mBaile Dhún na nGall, Siopa McElhinney's i mBealach Féich agus i Siopa Michael Murphy Sports i Leitir Ceanainn.

Ceannaigh i nDún na nGall (BuyDonegal)

Ghlac breis agus 300 gnólacht páirt sa tionscnamh Ceannaigh i nDún na nGall i Samhain agus i Mí na Nollag agus bhain feachtas meán sóisialta 7.5 milliún duine amach.





Saoire Chianobrithe a Sheoladh

Feachtas Saoire Oibre

Sholáthair an Feachtas Saoire Oibre tionscnaimh a seoladh i Samhradh 2022 deis oibriú ar feadh lae saor in aisce i gceann amháin de 13 mhol ar fud Dhún na nGall. Chláraigh breis agus 300 duine le páirt a ghlacadh in #WorkHoIDL agus an méid ama a d'fhan siad sa chontae a shíneadh.

Tionscnamh Carbhán agus Campála

Ar aon dul le moladh Staidéar Carbhán agus Campála Dhún na nGall, soláthraíodh roinnt príomhghníomhartha in 2022, mír thiomnaithe nua ar an láithreán gréasáin www.govisitdonegal.com, cód iompair nua agus an Scéim Deontais Carbhán, Campála agus Veaineanna Campála (CCCMF) san áireamh. Rinne an EDU imeacht eolais a chur ar siúl chomh maith sa Silver Tassie ar fhreastail breis agus 80 duine air, a phléigh Tuarascáil Anailísíochta Todhchaí KPMG ar an rannóg, caighdeán Fháilte Éireann, dea-chleachtas áitiúil le Wild Atlantic Camp agus an Scéim Deontais CCCMF. Bhunaigh an EDU Grúpaí Páirtithe Leasmhara Inmheánacha agus Seachtracha ar an leidirchaidreamh a dhéanamh le gníomhartha an Staidéir a fhorbairt.

Lá LoveDonegal

Bhí Lá LoveDonegal ar siúl an 8 Meán Fómhair agus bhain sé os cionn 11 mhiliún duine amach ar an chéad lá agus bhí sé faoi chaibidil i gcaitheamh an lae ar Twitter, LinkedIn, Facebook agus Instagram.

Seirbhísí Concierge Gnó

Cuireadh 35 ceist ar aghaidh tríd an tSeirbhís Concierge Gnó, saincheisteanna leathanbhanda, teacht ar Sheirbhísí na Comhairle agus tacaíocht á lorg ag gnólachtaí nuathionscanta san áireamh.

Tacaíodh le roinnt gnólachtaí a raibh réitigh réadmhaoine á lorg acu trí úsáid a bhaint as talamh nó réadmhaoine faoi úinéireacht na Comhairle lena n-aidhm a bhaint amach acu gnó a chur ar bun nó athlonnú nó dul i bhfairsinge.

Na Meáin Shóisialta

Lean fás ag teacht ar ardáin éagsúla an Aonaid Forbartha Geilleagraí in 2022 agus baineadh comhlucht leanúna breis agus 13,000 duine amach agus thug daoine ó 109 tír cuairt ar donegal.ie.



Seoladh an Chóid Iompair do Charabháin agus Veaineanna Campála



Sraith Féilte Éireannacha Domhanda, Nua-Eabhrac

Gníomhaíocht Dhiaspóra Dhún na nGall

Donegal Connect

Cuireadh Donegal Connect ar siúl mar imeacht i bpearsan don bhliain 2022 agus ghlac breis agus 2,600 duine páirt ann i gcaitheamh na dtrí lá d'imeachtaí.

Sraith Féilte Éireannacha Domhanda

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall cistí in 2022 tríd an scéim agus d'úsáid sí na cistí le haghaidh Donegal Connect 2022 agus cuireadh réimse éagsúil imeachtaí bia, ginealais, spóirt, gnó, ealaíon agus cultúrtha ar fáil do chuartheoirí.

Gradaim Tip O'Neill

Bhí an rath geal ar Ghradaim Dhiaspóra na hÉireann Tip O'Neill, a cuireadh ar bun arís in 2022 agus bhí lucht freastail 180 duine ag an imeacht i mBun Cranncha. Bronnadh an gradam ar cheathrar ainmnithe; Moya Doherty, Kathleen Sheerin, an Dr Siobhán K. Whoriskey agus Ann agus Mark Baiada (Comhghradam).

Láithreán Gréasáin/Meáin Shóisialta/Ríomhíris Dhiaspóra Dhún na nGall

Tá plean cumarsáide a úsáideann an láithreán gréasáin Diaspóra agus na cainéil mheán sóisialta ghaolmhara Diaspóra ar na bacáin le ceangal agus scaipeadh a dhéanamh leis an diaspóra go domhanda. Cuireann Ríomhíris Donegal Connections leis seo, ina gcuirtear tionscnaimh agus saincheistanna Forbartha Geilleagraí chun cinn gach mí.



Gradaim Tip O'Neill

An tAonad Turasóireachta

Bliain an-dúshlánach a bhí ann arís in 2022 don earnáil turasóireachta agus fáilteachais agus ba é príomhfhócas an Aonaid ná tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí a gcosa a thabhairt leo agus an fód a sheasamh le linn na tréimhse sin. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí, bhí:

- Seimineár Turasóireachta Dún na nGall: ‘Oiriúnú do Thréimhsí Athraitheacha’ (‘Adapting to Changing Times’), ar ar fhreastail 80 duine.
- Feachtais mhargaíochta dhírithe éagsúla lena n-áirítear Galf i nDún na nGall, Scoth an Iarthuaiscirt (Best of the North West), Feachtas Comhshaoil an tSamhraidh, Feachtas na Breataine Móire, Dún na nGall - Doire.



Scoth an Iarthuaiscirt

Comhoibriú idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Cathrach Dhoire agus Comhairle Ceantair an tSraitha Báin ar fheachtas margaíochta comhtháite £90,000 a sholáthar a chuireann an dá chontae chun cinn. Ba iad torthaí an Fheachtais:

- Iomlán na gcuartheanna ar an micrealáithreán: 50,779 www.bestofnorthwestireland.com, ba iad na hamhairc iomlána ar fhíseáin 556,936 agus ba é an líon iomlán idirghníomhaithe leis an fheachtas 268,316.
- Bhí 6,700 iontráil chuig an chomórtas, a úsáidfear do nuachtlitreacha agus tairiscintí réigiúnacha amach anseo.

Feachtas Margaíochta Digití Gailf Dhún na nGall

Feachtas digiteach gailf 5 seachtaine a dhearadh agus a chur ar bun ar bhonn intí. Bhain an feachtas seo 1,458,637 taispeáint amach agus d'aimsigh sé 693,760 duine ar ardáin Facebook agus Instagram, anuas ar 2,389,441 taispeáint trí Fhógraí Taispeána Google agus 92,111 taispeáint trí Fhógraí Cuardaigh Google. Baineadh breis agus 10,000 amharc amach i rith thréimhse an fheachtais ar na tairiscintí gailf ar an láithreán gréasáin, arb ionann sin agus 13.38% de na hamhairc fhoriomlána ar an láithreán gréasáin, agus baineadh breis agus 8,500 amharc uathúil amach.

Lean Braisle Ghailf Dhún na nGall ag casadh lena chéile in 2022 ag féachaint le tacú leis an táirge gailf den chéad scoth a fhorbairt i nDún na nGall.

Comórtas Gailf Laochra na hÉireann (Irish Legends) agus Féile Ghailf Dhún na nGall

Ba í Comhairle Contae Dhún na nGall comhpháirtí oifigiúil Chomórtas Gailf Laochra na hÉireann. Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall Féile Ghailf Dhún na nGall ar bun taobh leis an chomórtas seo ina raibh ealaíontóirí áitiúla, galfairí idirnáisiúnta agus iriseoirí i láthair.



Féile Éireannaigh Milwaukee

Dún na nGall a chur chun cinn ag Féile Éireannaigh Milwaukee, cruinnithe gnó san áireamh le gníomhairí taistil in Chicago i Lúnasa. Ba é seo an chéad deis chun freastal ar chur chun cinn tar éis Covid. Is í Féile na nÉireannach an fhéile is mó dá cineál i Meiriceá Thuaidh. D'fhreastail 80,000 duine in 2022 ar an fhéile ceithre lá idir an 18 agus an 21 Lúnasa.

Imeacht Oíche Shamhna Pháirc na nEalaí

D'fhreastail breis agus 3,000 duine ar Imeacht Oíche Shamhna ag Páirc na nEalaí, Bun Cranncha i nDeireadh Fómhair a rinne ceiliúradh ar shíneadh fhéilte Oíche Shamhna Dhoire isteach i nDún na nGall don dara huair.

An Scéim Deontais Mionoibreacha a bhaineann leis an Turasóireacht

Leithdháileadh €500,000 ar ghrúpaí pobail agus ar sheirbhísí na Comhairle le réimse oibreacha a sholáthar chun tacú le turasóireacht a fhorbairt sa chontae. Bronnadh cistiú ar 23 grúpa pobalbhunaithe agus ar 20 tionscadal faoi stiúir na Comhairle.



Tionscadal TIDE

Trí eispéireas réaltachta fóirúla stairiúla muirí nua a fhorbairt agus a chur isteach ag Teach Solais Fhánada, an Dún Riabhach agus Músaem Muirí Inis Eoghain.

An Scéim Deontais Léirithe Bheo Áitiúil

Deontais léirithe beo áitiúla na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun tacú le himeachtaí léirithe bheo a reáchtáil. Bronnadh deontais ar 36 féile agus imeacht in 2022, ar luach iomlán €221,633.19, a riaradh faoi Chéim 3 agus 4 den Léiriú Beo Áitiúil.

Scéim Deontais na bhFéilte Réigiúnacha (Fáilte Éireann)

€49,750 a sholáthar tríd an scéim chun tacú le 30 féile agus imeacht sa chontae.

Tionscadal Tairisceana Trail Gazers

Is tionscadal trasnáisiúnta €2.56 milliún é Trail Gazers a oibríonn le 9 gcomhpháirtí éagsúla atá lonnaithe ar fud na hÉireann, an RA, na Fraince, na Spáinne agus na Portaingéile. Is é an aidhm ná tionchar na hinfheistíochta i gconairí siúil agus áineasa a chinneadh agus bealaí a fhiosrú chun an tionchar seo a fheabhsú.

Bhí sraith straitéisí i measc thorthaí an tionscadail deiridh chun cabhrú le conairí bheith á gcur chun cinn agus aird níos mó acu ar chúrsaí geilleagracha agus sóisialta, oibreacha beaga forbartha bonneagracha a dhéanamh, iniúchadh a dhéanamh ar inrochtainteacht conairí, ár dteicneolaíocht líon úsáideoirí, “Clár Eolais na gConairí” Conairí (“Trails Dashboard”) a sheoladh agus iolraitheoir conairí a ríomh do gach chonair phíolótach.

An tAonad Cistithe Straitéisigh

Dhírigh obair an Aonaid Chistithe Straitéisigh (SFU) ar roinnt príomhréimsí in 2022, lena n-áirítear:

- 10 seimineár gréasáin agus 38 nuachtlitir ar ríomhphost a sholáthair eolas ar chistiú AE.
- D'oibrigh an SFU le Tionól Réigiúnach an Iarthuaiscirt (TRTI) le Straitéis Cistithe nua AE Chomhairle Contae Dhún na nGall a fhorbairt.
- Leanadh ag glacadh páirte i roinnt príomhlíonra, mar shampla, Comhdháil na Réigiún Muirí Forimeallach (CPMR), Comhairle Réigiúin na hEorpa (AER). Chuir an SFU eolas ar fáil do bheartais trí pháirt a ghlacadh sa líonra, fuair sé cistiú AE, ghlac sé páirt i gcuibhreannais tionscadail, agus d'fhreastail sé ar imeachtaí AE agus chuir sé ar siúl iad agus d'fhorbair sé comhpháirtíochtaí láidre i mballréigiúin eile.
- Cuireadh Acadamh Samhraidh an AER ar bun i Leitir Ceanainn, a dhéanann Bliain Óige an AE a cheiliúradh agus mheall sé breis agus 160 toscaire ó 19 mBallstát an AE i gcaitheamh tréimhse breis agus 4 lá.
- Cistíodh tionscadal YOUTHopia an AE go rathúil le himeachtaí a óstáil agus le hoiliúint a sholáthar do dhaoine óga i nDún na nGall



An Oifig Fiontair Áitiúil

Is í an Oifig Fiontair Áitiúil (an OFÁ) i nDún na nGall 'an Céad-Ionad Freastail' do dhaoine a lorgaíonn comhairle, eolas agus tacaíocht nuair atá gnólacht beag agus micreaghnlacht á thosú nó á fhás acu. I measc na seirbhísí a soláthraíodh, tá comhairle agus meantóireacht gnó, oiliúint, tacaíochtaí airgeadais, cur chun cinn na fiontraíochta, deiseanna líonraithe, cláir bhainistithe, tacaíochtaí atá ailínithe le hearnálacha agus dúshláin gheilleagracha.

D'fháiltíomar roimh an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Damien English, T.D., i nDeireadh Fómhair, a d'aithin ár n-iarrachtaí nuálacha i dtaobh tacaíochtaí gnó.

Thacaigh an Oifig Fiontair Áitiúil leis an Chros Dhearg leis an scéim le Tacaíocht Dhaonnúil Éigeandála a sholáthar do Ghnólaigh Beaga a ndearna an Pléascadh sa Chraoslach difear dóibh. Bronnadh tacaíocht ar luach €96,740 ar 22 gnólacht faoin chéad chéim den scéim.



Príomhéachtaí in 2022

- Léirítear sa Suirbhé Fostaíochta Bliantúil 2022 ar chliaint an OFÁ gur baineadh cruthú post dearfach amach agus 1464 duine fostaíthe sna 248 gnólacht cliant ar thug an OFÁ cúnaimh deontais dóibh. Cruthaíodh 309 post nua, ar an iomlán, in 2022. Nuair a chuirtear caillteanais phoist san áireamh, d’eascair glanhnóthú fostaíochta 135 post as seo in 2022
- Seoladh ár bPlean Forbartha Fiontraíochta Straitéisí, “Dún na nGall 2030: Ár dToghcháí Féin Fiontraíochta a Chruthú” (“Donegal 2030: Writing our own Enterprise Future”).
- Ceadaíodh 38 deontas Bheart 1 an OFÁ (3 dheontas staidéir indéantachta, 9 nDeontas Prímeála Gnó, 12 Dheontas Fairsingithe Gnó agus 14 Dheontas Margaíochta Easpórtála), ar an iomlán, ar luach €1,090,431.99. Thacaigh an cistiú seo go díreach le 54 post nua áitiúil.
- Ceadaíodh 48 Dearbhán Trádála ar Líne ar luach €96,844.84. Thacaigh seo le gnólachtaí áitiúla i measc na bpríomhearnálacha go léir lena láithreachtrádála ar líne a fhairsingiú agus a fheabhsú.
- Aistríodh 6 chliantchuideachta chuig Fiontraíocht Éireann mar chuid den Bhealach Chun Cinn idirghníomhaireachta. Léiríonn na haistriithe seo conas a thacaíonn OFÁ luathchéime le Cuideachtaí phost infheistíocht agus deiseanna fáis breise a aimsiú.
- Fuair 156 cliant meantóireacht gnó trí rannpháirtíocht aghaidh ar aghaidh.
- Ghlac 1,621 cliant páirt in oiliúint, seimineáir, cláir forbartha bainistíochta agus imeachtaí líonraithe.
- Chríochnaigh 16 chliant tionscadal barainneachta mar chuid den Chlár “Lean for Micro”, atá ceaptha cliant a spreagadh glacadh le prionsabail ghnó bharraineacha ina n-eagraíochtaí le hiomaíochas a mhéadú.
- Ghlac 928 scoláire ó 13 mheánscoil páirt i gclár Fiontraíochta Scoláirí. Dhear Cathal Cannon, scoláire na hIdirbhliana i gColáiste Cholm Cille i Srath an Urláir Aip Freagartha Gortuithe Spóirt agus rinne sé ionadaíocht do Dhún na nGall i gCraobhchomórtas Chlár Fiontraíochta Scoláirí 2022. Bhuaigh Cathal gradam tríú háit sa Chatagóir Sinsearach.
- Mhéadaigh OFÁ Dhún na nGall an díriú ar thacú le gnólachtaí beaga ullmhú do gheilleagar ísealcharbóin atá éifeachtúil i dtaobh acmhainní na toghcháí agus ceadaíodh 9 n-iarratas an gclár “Green for Micro”.
- Trínár bpróiseas atreoraithe le Micro Finance Ireland, cuireadh 4 iarratas ar iasacht ó chliaint chun cinn lena bhfaomhadh
- Cuireadh Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2022 ar bun leis an téama “An Ghaoth i do Sheolta” i Márta agus cuireadh 25 imeacht ar bun d’fhiontraíochta nua agus reatha
- Leanadh le AMBITION, Réamhluasaire piolótach OFÁ Dhún na nGall le níos mó Fiontraíochta Baineanna a spreagadh gnólacht a chur ar bun, agus ghlac 9 bhFoireann faoi stiúir Ban páirt sa Chlár ar líne 12 sheachtain
- Ghlac fiontraíochta baineanna agus ábhair mhná gnó páirt in imeacht fíorúil le Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan a cheiliúradh, a thit amach i nDeireadh Fómhair
- Cuireadh Gradaim Fiontraíochta Dhún na nGall 2022 ar bun i mí na Nollag agus roghnaíodh Silver Strand Ropes Ltd mar an mbuaiteoir foriomlán chun ionadaíocht a dhéanamh do Dhún na nGall i gCraobhchomórtas na nGradam Fiontraíochta Náisiúnta i Meitheamh 2023
- Fuarthas €66,000 ó Chiste Gníomhaíochta Geilleagraí Éire Ildánach le comhdháil YARNs a chur ar siúl maidir leis an Tionscal Faisin agus Teicstílí agus réimse eile tionscnamh leis an earnáil Chruthaitheach a spreagadh i nDún na nGall
- Tosaíodh athbheithniú ar Chósta Bia Dhún na nGall (Food Coast Donegal) sa mhullach ar Straitéis Bia Nua, a sheolfar in 2023
- Fuarthas cistiú le hÉascaitheoir Lánaimseartha a fhostú don Bhraisle Innealtóireachta
- Tacaíodh le Condie, Donegal Soap, Collins Designs, April Rose Murphy agus Edel MacBride Knitwear le freastal ar SHOWCASE 2022 i bhFeabhra. Rinne Bernie Murphy ionadaíocht do Dhún na nGall ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i Meán Fómhair



Seoladh ‘An Ghaoth i do Sheolta’

Córais Faisnéise

Léargas Ginearálta

Freastalaíonn bonneagar Teicneolaíochta Faisnéise Chomhairle Contae Dhún na nGall ar 106 láthair ar fud an chontae agus tá sé ar cheann de na líonraí Údaráis Áitiúil is mó in Éirinn.

Is éard atá i gceist leis an bhonneagar:

- | | |
|---|-----------------------------|
| - 85 Freastalaí | - 366 Táibléad |
| - 1,557 Ríomhaire Deisce agus Glúine | - 650 Guthán Póca |
| - 344 Printéir/Scanóir/Breacaire | - 200 Gléas sonraí eile |
| - 29 Gléas Bainistíochta Priontála Ilfheidhme | - 260 Sás láimhe gutháin IP |
| - 82 Gléas Ilfheidhme Eile | |

Covid-19

Díreach mar a tharla i Ranna TF ar fud an domhain, cuireadh éilimh nach bhfacthas riamh roimhe sin ar Roinn Córais Faisnéise na Comhairle mar gheall ar Phaindéim Covid-19. Cuireadh raon réitigh chianoibre, córais teileafónaíochta, ardáin chruinnithe ar líne, córais tacaíochta pobail chomh maith le hiarratais ar íocaíocht deontais i bhfeidhm chun tacú le freagairt na Comhairle ar Covid-19. Leanadh leis na socruithe sin ar feadh cuid de 2022.

Tháinig obair thacaíochta Covid-19 sna catagóirí leathana seo a leanas:

- Tacú le baill foirne a oibríonn go cianda chun rochtain a fháil ar chórais chorparáideacha.
- Tacú le cruinnithe Hibrideacha a eagraíodh in Ionad Aura, Leitir Ceanainn agus in Áras an Chontae, Leifear.
- Tacú le cruinnithe go hiomlán ar líne ar fud na Comhairle.
- Réimse córais tacaíochta a fhorbairt lena n-áirítear an Córas Tacaíochta Pobail Covid-19 chomh maith le raon feidhmchlár chun ligean do ghnólachtaí iarratas a dhéanamh ar thacaíochtaí airgeadais éagsúla de chuid an Rialtais maidir le Covid-19.
- Córais agus sonraí na Comhairle a chosaint ó chibearbhagairtí agus ó bhagairtí eile.

An Clár Infheistíochta i dTeicneolaíocht Faisnéise

I rith 2022, d'fhorbair an Roinn Córais Faisnéise sonraíocht d'Fhreastalaí Nua/Líonra Limistéir Stórála (SAN) nó Bonneagar Hipearchoinbhéirsithe leis an eastát reatha óstach fíorúil agus stórála a uasghrádú ag an gCeanncheathrú ag Leifear, réitigh chomhtháite chúltaca agus mhacasamhla san áireamh. Tabharfaidh na cruia-earraí agus na bogearraí nua feabhsúcháin shuntasacha isteach ar fheidhmíocht i measc an

Clár Córas

Tugann Plean Corparáideach na Comhairle comhthéacs luachmhar áitiúil don phleanáil oibríochta Córais Faisnéise atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt dá cuspóirí agus dá tosaíochtaí straitéise. Áiríodh leis an Chlár Córas in 2022 uasghrádú mór ar Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso, Córas Bainistíochta Leabharlainne nua a chur i bhfeidhm, anuas ar uasghráduithe ar na Córais Tithíochta agus Chlár na dToghthóirí. Athsholáthraíodh an flit 25 Clog Ama agus Freastail i bhfoirgnimh na Comhairle ar fud an chontae chomh maith.

IP Telephony


I rith 2022, rinne Roinn Córais Faisnéise na Comhairle uasghrádú i rith 2022 ar an gcóras teileafónaíochta agus ar Réiteach Tacaíochta an Ionaid Teagmhála ó Chóras Gutháin Malartáin Bhrainsigh Phríobháidigh (PBX) Analógach, a suiteáladh i dtosach breis agus 20 bliain ó shin, go córas Teileafónaíochta IP. Aistríodh 675 ball foirne chuig an gcóras nua, agus rinneadh cluasáin agus cliant ionad oibre ríomhaire phearsanta (PC) a chur in ionad fhormhór na sásanna láimhe anois.

Laghdóidh an t-uasghrádú seo costais, soláthróidh sé gnéithe iolracha nua agus cumasóidh sé níos mó éifeachtúlachtaí i dtaobh líonra teileafónaíochta na Comhairle a bhainistiú. Méadóidh sé an líon cainéil chumarsáide atá ar fáil don Phobal le teagmháil a dhéanamh leis an Chomhairle.

Forbairt an Chórais

Athfhorbraíodh córais/réitigh inti i dtimpeallacht nua-aimseartha trí úsáid a bhaint as bogearraí éagsúla, cosúil le Dynamics CRM, SharePoint Online, Power Suite agus MS Teams mar thoradh ar an infheistíocht i dtáirgí Microsoft Office 365.


Seoladh an StaffHub nua in 2022 ar SharePoint ar líne le comhéadan glan nua-aimseartha. Glacadh le MS Teams mar an réiteach cruinnithe chorparáidigh ar líne agus cumasaíodh é, dá bharr, d'fhoireann CCDG a bhfuil ceadúnas Office 365 acu.



Gabháil scáileáin de StaffHub

Fairsingíodh Dynamics CRM go limistéir éagsúla, Tithíocht, an Clós Innealra, Airgeadas agus an Comhshaoil san áireamh. Rinne na haipeanna Dynamics CRM a forbraíodh go hintí gné shoghluaiste roinnt limistéir ghnó a fheabhsú.

Forbraíodh aipeanna gnó le timpeallacht oibre nua-aimseartha a éascú trí úsáid a bhaint as aipeanna Microsoft Power agus Power Automate.



Seatanna Scáileáin ón Aip le haghaidh Iarratas um Obair Mheasctha ar Líne agus Fliotar Cíos



ERNACT

Leanadh de bheith rannpháirteach, trí ghréasán ERNACT, i dtionscadail chomhoibritheacha an AE i rith 2022. Críochnaíodh réimse tionscadal lena mbaineann tábhacht straitéiseach i rith 2022, an méid seo a leanas ina measc:

EMERGREEN - Teicneolaíochtaí atá ag Teacht chun Cinn do Phobail Níos Glaise

D'fhorbair Comhairle Contae Dhún na nGall seirbhís shoghluaiste 'Scéalta Chósta Dhún na nGall' faoin chlár seo le hiomhánna a bhailiú de dhinimic athraitheach chósta.

SMARCTIC - Bainistíocht Fuinnimh Chliste i réigiúin Thuaidh, Fhorimeallacha agus Artacha


Ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall páirt sa tionscadal Bainistíocht Fuinnimh Chliste i réigiúin Thuaidh, Fhorimeallacha agus Artacha (NPA), a críochnaíodh in 2022. Diríodh tionscadal SMARCTIC atá cistithe ag an NPA de chuid an AE ar réitigh éifeachtúlachta fuinnimh agus fuinnimh in-athnuaite a úsáid i mbonneagair thithíochta agus phoiblí.

Cuireadh na réitigh seo a leanas i bhfeidhm i gComhairle Contae Dhún na nGall:

- Rinneadh braiteoirí chun ídiú ola, tomhaltas leictreachais, teocht agus taise a thomhas a shuiteáil i Leabharlann an Chontae, larsmalann an Chontae, an tIonad Cultúir Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin agus Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn le sonraí a bhailiú a cheadaíonn anailís chomparáideach a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Suiteáladh braiteoirí líon na ndaoine ag gach láthair fosta chun sonraí áitíochta foirgnimh a bhailiú. Gabhtar na sonraí seo ag Córas Bainistíochta Fuinnimh a cheadaíonn anailís chomparáideach a dhéanamh ar ídiú fuinnimh.
- Suiteáladh Feirmeacha agus cadhnaí gréine san Ionad Cultúir Réigiúnach, an Ghrianán agus Músaem an Chontae.
- Rinneadh uasghráduithe inslithe sna foirgnimh go léir.

D'éirigh le ERNACT cistiú a fháil do 2 tionscadal in 2022 a thosófar go luath in 2023 - INNOCAP agus ENABLER - agus tá Comhairle Contae Dhún na nGall i measc bhail an tionscadail.

- Tionscadal 3 bliana atá cistithe ag an NPA é INNOCAP a lorgaíonn cumas Chomhairle Contae Dhún na nGall a fhorbairt i dtaobh teicneolaíochtaí bunathraitheacha IoT, VR agus AR a úsáid agus triail phiólótach a bhaint as tionscadal feidhmchláir nuálaigh atá dírithe ar thacú le Plean Oiriúnaithe Aeráide na Comhairle.
- Tionscadal 3 bliana atá cistithe ag Interreg é ENABLER le cumas a fhorbairt laistigh de Chomhairle Contae Dhún na nGall le teicneolaíochtaí Inleachta Saorga (AI) a úsáid san Earnáil Phoiblí. Sainaitheoidh Córais Faisnéise seirbhísí na Comhairle atá oiriúnach do thacaíocht AI agus forbróidh siad feidhmchláir chúil.




Seirbhís Craolta ar an Ghréasán

I rith 2022, lean an Roinn Córtais Faisnéise ag tacú le cruinnithe lomlánacha na Comhairle a tháirgeadh go hibrideach in Ionad Fóillíochta AURA. I dtreo dheireadh 2022, d'fhill na cruinnithe seo ar Sheomra na Comhairle i Leifear agus rinne Comhairle Contae Dhún na nGall cruinniú an Bhuiséid Bhliantúil agus cruinniú na Comhairle araon i Samhain.

Áiríodh leis an chraoladh seo ceamaraí beo i seomra na Comhairle agus rannchuidiú cianda le heispéireas innéacsaithe hibrideach ar líne. D'fhill Scoil Samhraidh MacGill ar na Gleannta arís in 2022 chomh maith, agus craoladh ar an idirlíon é ar bhonn ar líne agus rannchuiditheoirí i bpearsan araon.

[Agenda](#) [Map](#) [Speakers](#) [Twitter](#)

Agenda



✓ Start of webcast	
✓ 1: Confirmation of Minutes	
✓ 2: Disposal of Land - Section 211 of the Planning and Development Act, 2000(as amended)	
✓ 3: Taking of decision pursuant to the Planning and Development Act, 2000 (Part XI), and the Planning and Development Regulations, 2001	
✓ 4: Corporate	
✓ 5: Water & Environment	

Tionscadal Digiteach Dhún na nGall

Lean Ceann Córtais Faisnéise na Comhairle le Tionscadal Digiteach Dhún na nGall idirghníomhaireachta a stiúradh, a chuireann úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun cinn chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach, cruthú fostaíochta agus tionscnaimh feabhsúcháin pobail.

Rinne roinnt tionscadal lena mbaineann tábhacht straitéiseach dul chun cinn go suntasach in 2022 nó tá siad sceidealaithe lena gcríochnú go luath in 2023:

- Tosaíodh le hobair thógála ar Mhol Nuálaíochta Inis Eoghain (II) i mBun Cranncha in 2021 agus tá sé le críochnú i mBealtaine 2023. Is éard a bhaineann le tionscadal II iaroifig Chomhairle Baile Bhun Cranncha a athchóiriú le síneadh nua-aimseartha le spás a sholáthar do bhreis agus 70 duine le háiseanna agus seirbhísí tacaíochta den chéad scoth. Soláthraíodh áitribh eatramhacha ar phríomhshráid Bhun Cranncha le cliaint II a éascú i rith na tréimhse tógála.
- Tosaíodh le hobair thógála ar mhol digiteach Mhálainn Bhig in 2022. Tá an clár seo cistithe faoi scéim Moil Cheangailte na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus chuir Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall cistiú breise ar fáil. Tá an tionscadal seo ag cur leis an nascacht ghutháin póca agus WiFi ag an tSeánscoil i Málainn Bhig agus an foirgneamh a athchóiriú agus spás comhoibrithe a chruthú ina bhfuil deasca sealaíochta agus spás oifige ar an urlár uachtarach.
- Chumasaigh cistiú Mol Ceangailte fairsingiú breise ar shaoráidí chomh maith ag Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCP) agus ag láithreacha Moil ar fud an chontae. Cuireadh balla dóiteáin agus lasca, Trealamh Closmhairc, Troscán agus rialuithe Rochtana uasghrádaithe ar fáil ag láithreacha éagsúla, Comharchumann Thoraí, gteic i gCarraig Airt, Ionad Pobail Ráithe, Halla Pobail Leghowney, Stáisiún Maoir agus BCP Mhálainn Bhig.



Obair thógála ag Mol Digiteach Mhálainn Bhig




Mhol Nuálaíochta Inis Eoghain

Leathanbhanda agus Teileachumarsáid

Leanann an Roinn Córais Faisnéise ag oibriú le Ranna Rialtais ábhartha agus Cuideachtaí Teileachumarsáide chun cabhrú le leathanbhanda ardluais a thabhairt isteach ar fud Dún na nGall.

Rinneadh an chéad chuid de líonra an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a thógáil i gContae Dhún na nGall agus a ullmhú do shuibscríbhinní custaiméara i Limistéar Imlonnaithe Leitir Ceanainn. Tosaíodh obair ullmhúcháin in 5 Limistéar Imlonnaithe eile chomh maith in 2022. Chabhraigh Comhairle Contae Dhún na nGall le National Broadband Ireland (NBI) le tailte oiriúnacha a aistriú le Modúil Trealamh Ghníomhaigh an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda a lonnú orthu.

Cuireadh an 12ú Pointe Nasctha Leathanbhanda i nDún na nGall leis ag Ionad Pobail Cheathrú Meánach in Inis Eoghain i rith 2022.



Seirbhísí Éigeandála

Seirbhís Dóiteáin

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, arb í an tÚdarás Dóiteáin don Chontae, ag leanúint de bheith ag comhlíonadh a feidhmeanna oibríochta agus sábháilteachta dóiteáin. Cuireann 15 Bhriogáid Dóiteáin ar Coinneáil, aonaid dheonacha ar Árainn Mhór agus ar Thoraigh, an tseirbhís oibríúcháin ar fáil agus cuireann Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (NIFRS) an tseirbhís oibríúcháin ar fáil in áiteanna ar leith sa Chontae, go príomha sna ceantair timpeall ar Cheann an Droichid agus Leifear. Cuireann Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Contae Dhún na nGall (an tSeirbhís Dóiteáin) an tseirbhís oibríúcháin ar fáil fosta d'áiteanna i Liatroim agus Sligeach.

Teagmhais

D'fhreagair Briogáidí Dóiteáin Dhún na nGall agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann (NIFRS) ar 795 teagmhas i gcomparáid le 786 teagmhas in 2021, ar méadú 1.1% é seo.

Chlúdaigh na teagmhais seo réimse iomlán gníomhaíochtaí lena n-áirítear tinte, timpistí bóthair, tuilte agus sainseirbhísí eile. Slógadh briogáidí Dhún na nGall 928 uair agus slógadh an NIFRS isteach i nDún na nGall 9 n-uaire. Tá sonraí don bhliain 2022 sealadach.

D'fhreagair briogáidí dóiteáin an Fháil Charraigh agus Leitir Ceanainn ar 7 Deireadh Fómhair 2022 do phléascadh agus titim foirgnimh a tugadh le fios ina raibh daoine bainteach. Ba léir, ar teacht i láthair don chéad bhriogáid ag 15.47 uair, gur theastaigh acmhainní briogáid dóiteáin agus slógadh briogáidí ó Bhaile na nGallóglach, Gaoth Dobhair, Srath an Urláir agus Bun Cranncha. Chruthaigh baint na ndaoine a gortaíodh dúshlán mar gheall ar dhaingne an fhoirgnimh agus ar an méid smionagair a d'eascair as an díobháil a rinneadh. D'éirigh leis an tSeirbhís Dóiteáin, lena chabhraigh an Garda Síochána (an GS), an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus eagraíochtaí eile, na daoine go léir a gortaíodh a bhaint agus baineadh an duine deireanach a gortaíodh ón fhoirgneamh ag 13.00 uair an 8 Deireadh Fómhair 2022. Bhí baint, ar an iomlán, ag 63 pearsanra na Seirbhíse Dóiteáin. Chuir an tSeirbhís Dóiteáin an láthair faoi chúram an Gharda Síochána ag 15.35 uair. Maraíodh 10 nduine agus gortaíodh roinnt eile. Bhí an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí na Comhairle i láthair fosta.

Oiliúint

Cuirtear cúrsaí oiliúna ar fáil do phearsanra na Seirbhíse Dóiteáin agus aird ar a ról agus a bhfeidhmeanna laistigh den tseirbhís. Tá roinnt cúrsaí timthriallach ó thaobh cineáil agus is éagsúil na cúrsaí a sholáthraítear ó thaobh faid idir lá amháin agus 15 lá. Caitheadh €523,000 ar oiliúint bhriogáid dóiteáin in 2022, nach n-áirítear costas na cleachtaí dóiteáin dhá uair sa mhí leis a dhéanann gach briogáid atá ann.

Déanann gach briogáid atá ann dhá chleachtadh dóiteáin 3 huair an chloig gach mí. Cumhdaítear raon gníomhaíochtaí oiliúna leis na cleachtaí dóiteáin a sholáthraíonn na tacair shainscileanna riachtanacha, i dteannta oiliúint eile, a theastaíonn le feidhmeanna reachtúla oibríúcháin a sholáthar.



Cuairt an Taoisigh ar Stáisiún Dóiteáin Leitir Ceanainn tar éis Theagmhais an Chraoslaigh.



Fearais Nua

Rinne trí fhearas a mhionsonraítear thíos a sheachadadh chuig an tSeirbhís Dóiteáin in 2022 agus chistigh an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin Éigeandála (an SNBDÉ) an costas a bhí ar gach ceann díobh.

Tancaer Uisce	€183,804.00
Aonad Ceannasaíochta Teagmhas	€73,270.00
Fearas Aicme B	€452,294.00

Trealamh Nua

Seachadadh 18 gComhuirlis chadhna chuig an tSeirbhís chomh a chistigh an SNBDÉ go hiomlán ar chostas €121,450. Éascóidh na huirlisí seo, a úsáidtear go príomha chun daoine a bhaint d'fheithiclí ag imbhuailtí um thrácht ar bhóithre agus a mhacasamhail de theagmhais, idirghabháil níos luaithe mar gheall go bhfeidhmíonn siad mar uirlis aonair atá neamhspleách ar aon fhoinsé sheachtrach cumhachta.

Cosc Dóiteáin

Fuarthas 175 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán in 2022 arb ionann sin agus méadú 6.1% i gcomparáid le 2021. Rinneadh 125 cinneadh (deonaidh 118, diúltaiodh 1 agus bhí 6 neamhbhailí) in 2022, arb ionann sin agus laghdú 17.8% i gcomparáid le 2021. Rinneadh 175 cigireacht ar 163 áitreabh faoin chlár ceadúnaithe bliantúil.

Clár Bunscoileanna

Mar chuid dá pobal clár sábháilteachta ó dhóiteán, cuireann Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall an Clár Bunscoileanna (PSP) ar siúl gach bliain i ranganna 3 i mbunscoileanna an chontae. Le deireadh a chur leis an ngá atá leis an chlár a sholáthar i bpearsan, baineadh triail as tionscadal píolótach trí úsáid a bhaint as Zoom in 2021. Spreag an t-aiseolas dearfach úsáid leanúnach a bhaint as an mheán seo chun cláir a sholáthar agus ghlac 57 scoil páirt i gclár PSP i rith bliain acadúil 2021/2022.

Bainistíocht Mór-Éigeandála

Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall ag obair lena Príomhgníomhaireactaí comhpháirtithe agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile maidir le gníomhaíochtaí móra a bhaineann le mór-éigeandálaí trí Ghrúpa Oibre an Iarthuaiscirt agus Grúpaí Stiúrtha Bainistíochta Mór-éigeandála.



Cosaint Shibhialta

Eagraíocht dheonach í Cosaint Shibhialta Dhún na nGall agus leanann sí de bheith ag tabhairt tacaíochta do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha, chomh maith le cúnamh a thabhairt, nuair is féidir, do na pobail áitiúla nuair a bhíonn gníomhaíochtaí neamhéigeandála ar bun. Sholáthair 52 oibrí deonach an tseirbhís oibriúcháin in 2022 agus rinne an tOifigeach Cosanta Sibhialta í a bhainistiú. Filleadh de réir a chéile in 2022 ar 'gnó mar is gnách' de réir mar a baineadh srianta agus treoirlínte sláinte poiblí Covid 19.

Gníomhaíocht (Freagairt Covid 19) (Tacaíocht do na PRAanna agus don phobal i gcoitinne)	Líon na dTascanna	Daonuaireanta Oibríthe Deonacha
Iompar chuig coinní DG a chur ar fáil d'othair	1	4
Aistrithe Othair go hOspidéal Leitir Ceanainn, Shligigh, Bhaile Átha Cliath le haghaidh cóireáil cúraim aise, gnáthaimh dhuánacha agus idirghabháil cairdeolaíochta	5	64
Cuireadh cúnamh ar fáil do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann trí riarachán agus scaradh sóisialta ag na clinicí deontóirí fola i mBealach Féich, Carn Domhnach, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall agus Leitir Ceanainn	60	480
Gníomhaireachtaí Tacaithe	Fóram Pobail Dhún na nGall, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Bord Fuilaistriúcháin na hÉireann, Cumann Scléaróise Iolraí na hÉireann, ALONE, SAOLTA.	

Bainistíocht Móréigeandála

Mar chuid den struchtúr Bainistíochta Móréigeandála (MEM), leanann Cosaint Shibhialta ag tacú leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRAanna) nuair is gá. Chabhraigh Foirne Sheirbhísí Dóiteáin Coimhdeacha Chosanta Sibhialta le Seirbhís Dóiteáin Dhún na nGall idir an 16 agus an 20 Feabhra le málaí gainimh a líonadh agus a thabhairt i láthair feadh áitreabh cónaithe agus gnó i mBaile Dhún na nGall, Leifear agus Srath an Urláir roimh agus i rith Stoirm Dudley agus Stoirm Eunice, agus rinne siad monatóireacht ar leibhéil abhann ar Abhainn an Fheabhail agus na Moirne.

Teagmhas an Chraoslaigh, an 7 Deireadh Fómhair

D'fhreastail 15 oibrí dheonacha Dé hAoine, an 7 Deireadh Fómhair ar láthair phléasctha sa Chraoslach agus thug siad cúnamh do Sheirbhís Dóiteáin Dhún na nGall trí smionagar a ghlanadh. Sholáthair foireann tacaíochta idir piaraí Cosanta Sibhialta cúnamh 'daonnúil' do ghaolta na ndaoine a gortaíodh agus a maraíodh d'fhad an teagmhais. Bhí 12 oibrí dheonacha bhreise ar fuireachas, sa chás gur theastaigh cúnamh breise.

Cuardach do Dhaoine ar Iarraidh - Abhainn na Finne, Nascbhailte, Contae Dhún na nGall

D'iarr an Garda Síochána Dé Máirt ar chúnamh an 15 Samhain 2022 ó Chosaint Shibhialta chun cabhrú leis an oibriúchán cuardaigh ilghníomhaireachta atá á dhéanamh ar Abhainn na Finne, Bealach Féich/Srath an Urláir. Bhí an tasc ag Aonad Tarrthála Uisce Mearuisce Chosanta Sibhialta, an tAonad Cadhcanna, Píolótaí Dróin agus foirne Cuardaigh Talún tabhairt faoi chuardach forleathan cladaigh agus abhann ar Abhainn na Finne. Bhí baint ag an nGarda Síochána, Cosaint Shibhialta, Héileacaptar Tarrtháil 118 an Gharda Cósta agus Tarrtháil Sléibhe sa chuardach ilghníomhaireachta. Thug Aonad Ceannasaíochta Teagmhas Cosanta Sibhialta tacaíocht chumarsáide don chuardach.

Seirbhís Monatóireachta Radaíochta

Chuir an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (PRII) Cleachtadh Náisiúnta Monatóireachta Radaíochta ar siúl an 22 Deireadh Fómhair i gcomhar le Brainse Cosanta Sibhialta. Ba iad cuspóirí an chleachtaidh:

- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na Seirbhíse Monatóireachta Radaíochta agus eolas a sholáthar don Bhainse Cosanta Sibhialta ar shaincheisteanna a bhféadfadh aird a bheith ag teastáil uathu sa bhliain amach romhainn.
- Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht córas Cumarsáide Raidió Cosanta Sibhialta TETRA chun tacú le hoibríocht ar leibhéal náisiúnta.

Leagadh an tasc ar gach Aonad Cosanta Sibhialta samplaí ithreach agus féir a bhailiú agus léamh radaíochta cúlra a dhéanamh ó dhá láthair ina gcontae. Cuireadh comhordanáidí roghnaithe gach cinn de na láithreacha seo i dtaifead, trí na raidiúnna GPS a úsáid. Cuireadh gach léamh radaíochta cúlra in iúl go díreach ón suíomh trí chóras Cumarsáide Raidió CD TETRA agus Grúpa Cainte Náisiúnta Cosanta Sibhialta don RPII.

Tacaíocht Phobail Neamhéigeandála

Chabhraigh Cosaint Sibhialta le pobail áitiúla le cumhdach otharchairr agus leighis ag imeacht 35 neamhéigeandála agus leis an Gharda Síochána lena n-oiliúint Bliantúil Oird Phoiblí dá gcomhaltaí. I gcaitheamh na n-imeachtaí seo, sholáthair oibríthe deonacha 1365 daonnúair deonach ag tacú lena bpobail

Sholáthair Cosaint Sibhialta i gcomhar leis an FAI agus an CLG, a gClár Céadfhreagróra Chairdiach (CFR) agus Dífhibrileora do Chumann Peile Deelee Harps, agus do 67 tuismitheoir ag Cumann CLG i nGleann na Finne le feachtas a mhúscailt ar an tábhacht a bhaineann le CPR maith i slabhra na maireachtála do dhaoine a dtagann taom croí orthu sa phobal.

An tAragal a Dhreapadh le Chéile

Thit An tAragal a Dhreapadh le Chéile amach an 2 Aibreán ag an tráth céanna le feachtas tiomsaithe airgid a thosaigh iaririseoir RTÉ Charlie Bird tar éis gur diagnósíodh go bhfuil Galar Néarón Luadrach air. Ar an lá, thacaigh Cosaint Sibhialta Dhún na nGall leis an imeacht, trína foireann tarrthála téide, criúnna leighis agus Cumarsáid TETRA anuas agus ghlac roinnt dá baill páirt sa dreapadh. Glacann Mótarchumann Dhún na nGall agus Cumann Rothaíochta an Aragail ceannas ar an lá trí mhaoirseacht agus rinne Cléireach Cúrsa Railí Idirnáisiúnta Dhún na nGall, Éamon McGee, an t-imeacht a chomhordú. Thit seoladh oifigiúil an imeachta amach in Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair Dé Máirt, an 15 Feabhra. Cuireadh Lá 2 den Imeacht Dreap le Charlie ar siúl Dé Domhnach, an 3 Aibreán, ar Shliabh Sneachta.

Tháinig Coiste Mórshúil na Cásca, Carn Domhnach, coiste inar ghlac John Cunningham, ball Coimhdeach Sheirbhís Dóiteáin Cosanta Sibhialta páirt mhór ar feadh go leor blianta, aníos leis an imeacht Dreap le Charlie / Dreap le John. Diagnósíodh go raibh galar néarón luadrach ar John roinnt blianta ó shin agus in ainneoin a dhiagnóise, bhí John ina bhall an-ghníomhach dá phobal agus de Chosaint Sibhialta Dhún na nGall i gcónaí. Eagraíodh an t-imeacht go dtitfeadh sé amach ag an tráth céanna le tionscnamh tiomsaithe airgid Charlie Bird, le hairgead a thiomsú do Ghalar Néarón Luadrach Éireannach. Thacaigh baill ó Chosaint Sibhialta ó Inis Eoghain leis an dreapadh le cumhdach cumarsáide leighis agus raidió.

Comhdháil Chumann Oifigigh Chosanta Sibhialta

Cuireadh Comhdháil Chumann Oifigigh Chosanta Sibhialta Náisiúnta 3 lá ar siúl in Óstán an Clanree, Leitir Ceanainn an 7, an 8 agus an 9 Samhain. I láthair bhí 212 toscaire a ndearna an Dr Denis McCauley, Cathaoirleach, Cumann Leighis na hÉireann agus Coláiste Dhochtúirí Teaglaigh Éireann cuir i láthair dóibh ar 'Freagairt do Covid freagairt 2020-2021'. An tUasal Michelle L. O'Toole, Taighdeoir CCISM. Rinne Ionad Oideachais agus Taighde Ionsamhlúcháin SIM an RCSI cur i láthair sármaith ar "Cé a thugann cúram do na Cúramóirí?" ("Who cares for the Carers?") agus labhair an tUasal Michael Cahill, Bainisteoir Clár Mhargaíochta agus Amharclannaíochta ag Ionad Ealaíne Comhaimseartha VISUAL faoi "Cumarsáid Meán a Bhainistiú", i measc rudaí eile. Rinne 28 trádálaí a dtrealamh is déanaí a thaispeáint i gcaitheamh an imeachta.

Foireann Bhreise

D'fhaomh an LGMA ceadú Roinne le hOifigigh Chosanta Sibhialta Chúnta a cheapadh leis na contaetha ónar theastaigh siad. Rinne an tÚdarás Áitiúil iarratas leis an Roinn Cosanta ar chistiú don phost ar bhonn 70/30 agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ar fhaomhadh le post den saghas sin a líonadh. D'éirigh leis an iarratas, agus fógraíodh an post, agus líonadh é an 2 Feabhra 2022.


Oiliúint

Gníomhaíochtaí Oiliúna	Curtha ar fáil do Líon Oibrithe Deonacha
Comhrac Dóiteáin Coimhdeach Seachtainiúil (Freagairt do Thuilte agus Oiliúint Wildland)	21
Oiliúint Leighis Céadfheagróra Éigeandála (EFR)	22
Leanadh le hOiliúint Céadfheagróra Éigeandála Athnuachana do EFRanna deimhnithe.	8
Chuir an Coláiste Cosanta Sibhialta cúrsa rathúil Teicneoir Éigeandála Leighis (EMT) ar bun i rith na chéad agus an dara ráithe den bhliain agus baineadh ráta pas 100% amach i measc na mac léinn rannpháirteach, a sholáthair 4 EMT bhreise don tseirbhís.	4
Soláthraíodh oiliúint athnuachana Mearuisce agus Inniúlachta Seaicéad Tarrthála	18
Leanadh le hoiliúint Scileanna Maoirseoir Réigiúnach Tarrthála Téide ar bhonn réigiúnach idir contaetha na Mí, Dún na nGall, an Chabháin agus Mhuineacháin sna hábhair seo a leanas	4
Soláthraíodh Oiliúint Ionduchtúcháin do 4 earcaí nua	4
Teagascóir Céadfheagróra Chairdiach (CFR) PHECC	3
Teagascóir Céadfheagróra Garchabhrach PHECC	2
Teagascóir Mearuisce	1
Teagascóir Cumarsáide Raidió	1
D'fhreastail an tOifigeach Cosanta Sibhialta ar Bhrainse Cosanta Sibhialta an Choláiste Cosanta Sibhialta, Ros Cré agus cuireadh oiliúint orthu ar Chosaint Leanaí, Bainistíocht Éigeandálaí Tuilte, agus na Seirbhísí nua Bainistíochta Oibrithe Deonacha agus Trealamh (VEMS) atá le tabhairt isteach sa chéad ráithe in 2023.	

Cistiú	Méid
Sholáthair an Roinn Cosanta deontas oibríochtúil €93,643.30 do chostais reatha fhoriomlána Chosanta Sibhialta don bhliain 2022	€93,643.30
Fuair Brainse Cosanta Sibhialta cistiú faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin leis na hoibreacha tiontaithe a chríochnú ar an Fheithicil Rialaithe Teagmhais in 2021	€31,000
Ioncam ó Tháillí Tacaíochta Neamhphobail	€6,780.00

Airgeadas

Acmhainneacht Eagraíochta Seirbhísí/Foirgnimh a Sholáthar



**Buiséad
Caipitil
3 bliana**
thart ar
€796m



Buiséad
Bliantúil
Ioncaim breis
agus
€162m

Rinneadh íocaíochtaí Párolla agus Pinsin le thart ar **1,900 ball foirne** atá agus nach bhfuil ag oibriú go fóill, ar luach

€77.4m



Próiseáladh luach breis agus **€202m** d'íocaíochtaí i rannóga **Cuntas Iníochta (AP)** agus **Meitseála Sonrasc Lárnach (CIM)**

Bailíodh beagnach **€1.07m** faoin **Mhuirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)**

Eisíodh **6,037 bille rátaí tráchtála** ar luach iomlán breis agus **€37m** do ghnólachtaí agus baineadh ráta bailiúcháin **78%** amach in 2022

Buaichphointí 2022



Foilsíodh 110 Tairiscint ar eTenders agus **19 n-iarraidh Tairisceana** in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU)

Bailíodh **€13.09m** ó **5,650** cuntas cíosa arb ionann sin agus ráta bailiúcháin **90%**



Cuireadh Deontas Gnólachta Bhig (an Scéim Dreasachta Íocaíochta Luaithe) ar fáil do **50% de chustaiméirí rátaí** ar chostas thart ar **€458,000**

Bailíodh **€1.6m** ó thart ar **413** iasachtaí a raibh iasachtaí Tithíochta na Comhairle á n-aisíoc acu



**Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 (Neamhiniúchta)**

	Ollchaiteachas 2022 €	Ioncam 2022 €	Glanchaiteachas 2022 €
Tithíocht agus Foirgníocht	21,998,593	21,362,861	635,732
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	60,020,927	42,896,973	17,123,954
Seirbhísí Uisce	19,682,334	19,007,230	675,104
Bainistíocht Forbartha	17,869,433	6,097,343	11,772,090
Seirbhísí Comhshaoil	14,499,026	2,080,798	12,418,228
Caitheamh Aimsire agus Conláiste	9,233,836	1,076,019	8,157,817
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	2,197,817	604,850	1,592,967
Seirbhísí Ilghnéitheacha	24,027,709	20,673,291	3,354,418
Caiteachas/Ioncam Iomlán	169,529,675	113,799,365	

Glanchoistas na Rannán le cistiú ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil	55,730,310
Rátaí	37,293,095
Cáin Mhaoine Áitiúil	26,809,500

Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe	8,372,285
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí	(7,175,274)

Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	1,197,011
Cúlchiste Ginearálta an 1 Eanáir 2022	(6,092,540)

**An Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)
an 31 Nollaig 2022 (Neamhniúchta)**

	2022 €	2021 €
Sócmhainní Seasta		
Oibríochtúil	791,497,908	788,353,217
Bonneagrach	2,597,728,501	2,597,728,501
An Pobal	8,529,375	7,020,086
Neamhoibríochtúil	57,302,251	57,348,554
	3,455,058,036	3,450,450,358
Obair ar Bun agus Réamhchostais	107,670,941	101,117,419
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	45,736,002	49,157,867
Sócmhainní Reatha		
Stoic	1,075,956	1,082,135
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	22,968,921	20,713,555
Infheistíochtaí Bainc	72,000,353	71,700,000
Airgead sa Bhanc	492,494	1,633,272
Airgead faoi bhealach	403,064	396,327
	96,940,788	95,525,289
Dlíteanais Reatha (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bainc	-	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	50,215,068	45,550,818
Léasanna Airgeadais	-	-
	50,215,068	45,550,818
Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Reatha	46,725,720	49,974,470
Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite i ndiaidh bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	89,520,773	84,610,956
Léasanna Airgeadais	-	-
Éarlaisí In-Aisíoctha	10,646,295	10,504,329
Eile	2,826,128	2,699,149
	102,993,196	97,814,434
Glansócmhainní	3,552,197,503	3,552,885,680
Arna léiriú ag		
Cuntas Caipitlithe	3,455,058,036	3,450,450,358
Ioncam ó Obair ar Bun	105,511,408	97,901,282
Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta	(4,895,529)	(6,092,540)
Iarmhéideanna Eile	(3,476,413)	10,626,580
Cúlchistí Iomlána	3,552,197,503	3,552,885,680

An Rannán Cuntais Bhainistíochta

Tá príomhfhreagracht ar an Rannán Cuntais Bhainistíochta as an mBuiséad Bliantúil Ioncaim agus as an Bhuiséad Bliantúil Caipitil a ullmhú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú.

Ghlac na Baill Thofa le Buiséad Ioncaim 2022 an 25 Samhain 2021, i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú) agus laistigh den tréimhse a d'fhorordaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Ullmhaíodh Buiséad Caipitil 2022-2024 de réir an Achta um Rialtas Áitiúil 2001 (mar a leasaíodh) agus bhreithnigh na Comhaltaí Tofa é ag an Chruinniú Comhairle a bhí curtha siar go dtí an 21 Feabhra 2022.

Tá Rannóg na gCuntas Bainistíochta freagrach chomh maith as Tuairisceáin Airgeadais ráithiúla AE/IMF a ullmhú agus a chur isteach, agus as tuairisceáin reachtúla eile ar bhonn tréimhsiúil. Rinne Rannóg na gCuntas Bainistíochta aighneacht Chomhairle Contae Dhún na nGall faoin Chód Caiteachais Phoiblí a chomhordú, a bhí críochnaithe faoin spríodhata, an 31 Bealtaine 2022, agus foilsíodh ar líne í.

I measc rudaí eile, bainistiú Rannóg na gCuntas Bainistíochta Leabhar Árachais na Comhairle, a Leabhar lasachta, a hOifig Soláthair, aisghabháil costas faoi théarmaí an Chomhaontaithe Seirbhíse le hUisce Éireann, agus an iomaí ceist leanúnach bhuiséadach ó lá go lá a bhaineann leis an eagraíocht ar fad.

Buiséad Bliantúil Ioncaim 2022	€162,303,721
Buiséad Caipitil Trí Bliana 2022-2024	€795,871,919

An Rannóg Soláthair

Leanann an Rannóg Soláthair le tacaíocht agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann atá ag obair leis an soláthar poiblí agus tá ról lárnach ag an Rannóg Soláthair i bhforbairt réitigh sholáthair a thacaíonn le ceannach luacha ar airgead. I measc na limistéar suntasach in 2022, bhí an méid seo a leanas:

- Ceapadh gnóthais dlí le seirbhísí dlí a sholáthar faoi dhá chreat ar leith a oibríonn an Oifig um Sholáthar Rialtais (an OGP) do 'Seirbhísí Bainistíochta Fiachais' agus 'Seirbhísí Réadmhaoine, Eastáit agus Tíolactha'. Tháinig an dá chonradh i bhfeidhm an 1 Nollaig 2022.
- Oiliúint intí agus sheachtrach a thabhairt isteach a bhain leis an Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla, Ríomhthairiscintí, Mearluachana, SupplyGov, agus ábhair a bhain le Soláthar Poiblí Glas
- Foilsíodh 110 iarraidh thairisceana a rinne foireann Chomhairle Contae Dhún na nGall ar an ardán Ríomhthairiscintí (ardán tairisceana leictreonaí a riarann an Oifig um Sholáthar Rialtais)
- Foilsíodh 19 n-iarraidh thairisceana in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) d'fheabhsúcháin ardluacha.
- Foilsíodh 448 mioniomáíocht agus luachan ag foireann Chomhairle Contae Dhún na nGall ar thairseach SupplyGov i gcatagóirí Gléasra ar Cíos agus Mionoibreacha Tógála
- Críochnaíodh Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta an Chóid Caiteachais Phoiblí don bhliain 2021
- Rinneadh cothabháil agus nuashonrú leanúnach ar Bheartas agus Nósanna Imeachta Chomhairle Contae Dhún na nGall lena chinntiú, gan aird ar an mhodh ceannaigh, go mbaineann an Chomhairle luach ar airgead amach
- Ag tuairisciú le Coiste Luacha ar Airgead na Comhairle, arb é a ról éifeachtúlachtaí a thabhairt chun cinn, dea-chleachtas a chur chun cinn, agus coigilteas costais a bhaint amach trí bhéim láidir a chur ar chleachtas éifeachtacha soláthair poiblí

An Rannán Cuntasaíochta Airgeadais

Próiseáil Párolla agus Bileoga Ama

Tá an Rannóg Párolla agus an Fhoireann Próiseála Bileoga Ama freagrach as íocaíochtaí párolla agus pinsin a phróiseáil do thart ar 1,900 ball foirne san am a chuaigh thart agus san am i láthair. B'ionann seo agus ollíocaíochtaí breis agus €77.4m in 2022, agus na hasbhaintí uile lena mbaineann curtha san áireamh, idir asbhaintí reachtúla agus deonacha.

Leanann Rannóg Párolla Chomhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag obair i gcomhar le seirbhísí comhroinnte 'MyPay' chun próisis phárolla leanúnacha a bhainistiú, chomh maith le déileáil le saincheisteanna náisiúnta is coiteann ar fud na hearnála.

Cuntais Iníochta agus Meaitseáil Sonrasc Lárnach

Bhí na rannóga Cuntas Iníochta (AP) agus Meaitseála Sonrasc Lárnach (CIM) freagrach as próiseáil íocaíochtaí de bhreis ar €202m san iomlán in 2022. Déanann an rannóg AP na cánacha indíreacha uile, CBL, Éadálacha lophobail, Cáin Chonarthaí Iomchuí, Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Cáin Ioncaim a bhainistiú, chomh maith leis na riachtanais bhainteacha rialála agus chomhlíonta go léir.

Cuntasaíocht Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Rannóg Cuntasaíochta Airgeadais as na rudaí seo a leanas:

- Na Ráitis Airgeadais Bliantúla a chur le chéile
- An próiseas iniúchta bhliantúil a bhainistiú
- Tuairisciú maidir le hlarmhéideanna Ginearálta Rialtais (GGB) agus tuairisceáin ráithiúla roinne a sheoladh ar aghaidh
- Tuairisceáin chánach
- Treoir/córais airgeadais a chur ar fáil do rannóga eile de chuid na Comhairle
- Córas Bainistíochta Airgeadais (nuashonruithe teicniúla) a chothabháil
- Athruithe cuntasaíochta (nósanna imeachta nua a thabhairt isteach mar fhreagairt ar athruithe cuntasaíochta)
- Comhairle a chur ar fáil do rannóga eile maidir le ceanglais airgeadais/chórais maidir le córais nua TF (e.g. cártaí íocaíochta agus íocaíochtaí ar líne)

Bainistíocht Bainc agus Stáitchiste

Déanann an Rannóg Cuntais Airgeadais cuntais bhainc, sreabhadh airgid agus infheistíochtaí na Comhairle a bhainistiú, d'fhonn a chinntiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus leanúnacha ar fáil do ghníomhaíochtaí na Comhairle. Le linn na bliana, rinne an rannóg athbhreithnithe leanúnacha ar na roghanna infheistíochta agus de thoradh ar seo d'éirigh linn an ráta úis ab airde a choimeád agus, an am céanna, chinntiomar go ndéantar sócmhainní na Comhairle a chosaint go stuama mar aitheantas ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach Banc.

Tosaíodh an próiseas aistrithe go soláthraí seirbhísí baincéireachta nua in 2022. Tá súil leis go gcríochnófar an próiseas seo i ráithe 2 2023 agus theastaigh pleanáil agus comhordú suntasach uaidh i measc sheirbhísí na Comhairle le haistriú gan fhadhbanna a chinntiú.

An tAonad Bailithe Ioncaim

Rátaí Tráchtála

In 2022, eisíodh 6,037 bille Rátaí Tráchtála arbh fhiú €37,293,095 iad chuig gnólachtaí i gContae Dhún na nGall.

Is léir gur lean an phaindéim dhomhanda agus na bearta a tugadh isteach ar mhaithe le sláinte an phobail ag dul i bhfeidhm ar chumas go leor gnólachtaí a ndliteanas Rátaí Tráchtála a chomhlíonadh ó thráth luath in 2020. D'imir seo tionchar dosheachanta ar fheidhmíocht bhailithe.

Tháinig dúshlán mhóra eile airgeadais aníos do ghnólachtaí in 2022, costais fuinnimh i bhfad níos airde i measc iad siúd ba shuntasáí. Sa mhullach air sin, chuir an ghéarchéim chostais maireachtála do chustaiméirí, boilsciú ard trí chéile, agus tionchar geilleagrach leanúnach domhanda an chogaidh san Úcráin, dúshlán an-mhóra roimh go leor gnólachtaí.

In ainneoin na ndúshlán seo, bailíodh €28,778,211 in 2022. Ba é an ráta bailithe don bhliain 2022 78%, ar méadú é ar an ráta bailithe don bhliain 2021, arbh é 70%. Tháinig laghdú nach mór €300,000 ar riaráistí a tugadh anonn ag deireadh na bliana.

Sholáthair Comhairle Contae Dhún na nGall roinnt tacaíochtaí tábhachtacha Covid-19 do ghnólachtaí i nDún na nGall ó 2020 ar aghaidh. I ráithe 1 2022, rinne an Chomhairle an chuid dheireanach den Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála a riar, ar a raibh luach €1.6m a chuaigh chun sochair 1,039 gnólacht i nDún na nGall. Rinne an rialtas láir é seo a chúiteamh go hiomlán.

Deontas Gnólachta Bhig (an Scéim Dreasaíochta Luaithe)

In 2015, ghlac na Baill Thofa le Deontas Gnólachta Bhig (an Scéim Dreasaíochta Luaithe) a sholáthraíonn deontas, faoi réir téarmaí agus coinníollacha áirithe, do chustaiméirí a chomhlíonann a ndliteanas Rátaí Tráchtála go hiomlán agus nach bhfuil aon riaráistí acu ar a gcuntas Rátaí Tráchtála an 31 Deireadh Fómhair. Cuireadh an scéim ar siúl ar bhonn leantach gach bliain ó 2015.

Cuirtear an deontas i bhfeidhm trí chreidmheas a chur i bhfeidhm ar chuntas an chustaiméara chun cabhrú le bille na bliana dar gcionn a sheach-chur. Sholáthair an scéim deontas in 2022 ar ráta 7.5% de bhille Rátaí Tráchtála 2022, faoi réir deontas uasta €375, do chustaiméirí nach raibh aon riaráistí acu ar a gcuntas ag an 30 Deireadh Fómhair 2022.

An Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine

Bunaíodh an Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine le sócmhainní talún agus réadmhaoine na Comhairle a thaifeadh agus a bhainistiú go córasach. Áirítear leis seo léasanna, ligean, cearta bealaigh, ceadanna slí, etc. a thaifeadh. Forbraíodh córas TF sofaisticiúil nua agus tá sé á úsáid le roinnt blianta anuas. Tá idirbhearta réadmhaoine úrnua (breisiúcháin, diúscairtí, etc.) á dtaifeadh ar an chóras seo. Teastaíonn mórmhéid oibre le gach sócmhainn a fuarthas go stairiúil a thaifeadh ar an chóras nua. Déanfar seo go hinchrímteach sna blianta amach romhainn.

Tá beirt foirne sannta faoi láthair don Rannóg Bainistíochta Réadmhaoine. Tá siad freagrach as:

- Bainistíocht laethúil na rannóige, diúscairtí réadmhaoine, éadálacha réadmhaoine, cosaint in aghaidh éileamh i leith seilbh chodarsna, agus mar sin de
- Léasanna factéarmacha ar réadmhaoin agus léasanna reachtaireachta 11 mhí
- Treoir agus tacaíocht a sholáthar do sheirbhísí eile laistigh den Chomhairle maidir le saincheisteanna a bhain eann le réadmhaoin
- Idirchaidreamh leanúnach leis an Údarás Clárúcháin Maoine, aturnaetha na Comhairle, agus ionadaithe dlíthiúla tríú páirtí
- An bunachar sonraí bainistíochta réadmhaoine a chothabháil

In 2022, cuireadh an scéim ar fáil do 2,283 custaiméir (thart ar leath de na custaiméirí go léir), ar chostas iomlán thart ar €458,000.

Cíosanna Tithíochta

Bailíodh €13.09, ó thart ar 5,650 cuntas cíosa in 2022. Is ionann seo agus ráta bailithe 90%.

Iasachtaí Tithíochta

Bailíodh €1.6m in 2022 ó thart ar 413 iasachtaí a bhfuil iasachtaí na Comhairle á n-aisíoc acu. Tá roinnt roghanna ar fáil d'iasachtaithe a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu le leanúint lena n-aisíocaíochtaí iasachta a dhéanamh, agus treoraíonn an Próiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) an Chomhairle ina leith seo.

Leanann an Chomhairle ag tacú le húinéireacht áit chónaithe trí iasachtaí morgáiste a éascú do thionóntaí a bhfuil tithe na Comhairle á gceannach acu agus dóibh siúd a lorgaíonn áiteanna cónaithe a cheannach ar an mhargadh oscailte. Áis morgáiste lena dtugann an rialtas tacaíocht í an lasacht Tithíochta Údarais Áitiúil, a dhírítear go sonrach ar cheannaitheoirí céaduaire, ar féidir í a úsáid le réadmhaoin nua nó athlámhe a cheannach nó le réadmhaoin a fhéintógáil.

Lean an Chomhairle leis an Scéim Athstruchtúraithe Úinéireachta Comhroinnte a chur ar aghaidh, a cheadaíonn d'iasachtaithe a nlasachtaí Úinéireachta Comhroinnte reatha a athstruchtúru.

Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Bailíodh beagnach €1.07m in 2022 ó úinéirí réadmhaoine a bhí faoi dhliteanas íoc as riaráistí an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR). Cé gur tháinig deireadh leis an muirear sin in 2013, tá ceanglas fós ann aon riaráistí agus aon pionóis a íoc atá le hioc sula ndéanfar an réadmhaoin a dhíol nó a aistriú. Is gá deimhniú urscaoilte nó deimhniú díolúine a fháil ionas gur féidir díol nó aistriú réadmhaoine iomchuí a chur i gcrích. Agus líon na n-idirbheart a bhaineann le réadmhaoin ag méadú, is rannóg ghnóthach den Aonad Bailithe Ioncaim i gcónaí an Rannóg NPPR agus tá méid suntasach ioncaim á bhailiú fós ón fhoinsé seo. Cuireadh tús le héag céimneach an mhuirir NPPR i mí an Mheithimh 2021. Rachaidh dliteanas i leith an mhuirir in éag go hiomlán tar éis an 31 Márta 2025.

Bóithre agus Iompar

Borradh a Chur chun Cinn/Seirbhísí a Sholáthar/Ag Aistriú chuig Seasmhacht Aeráide Ísealcharbóin



Oscailt oifigiúil **Pháirc na nEalaí**

i mBun Cranncha

€1.7m bronnta tríd an Chiste Forbartha um Athghiniúint Tuaithe




Buaicphointí 2022



11,000 tonna de shalann faighte don Phlean Seirbhíse Geimhridh agus thart ar **€1.4m** caite ar Chothabháil Geimhridh

€4.7m de chaiteachas do **Thionscadail Taistil Ghníomhaigh** an Údaráis Náisiúnta Iompair curtha ar bun in 2022



Críochnaíodh **Glasbhealach Mhagh** in 2022 ar luach

€1.07m



223km de chóiriú dromchla agus **193km d'obair neartaithe** ar ár mbóithre réigiúnacha agus áitiúla

€800,000 faighte do na hoibreacha athshlánaithe agus neartaithe athsholáthair ar **22 droichead** agus dul chun cinn dearaidh agus pleanála déanta ar **3 dhroichead bhreise**




Seoladh an **Cúrsa Oiliúna Oibríochtaí agus Cothabhála Oibreacha Poiblí** i gcomhoibriú le Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall - **cúrsa lánaimseartha 35 seachtain**



16km d'oibreacha athdromchlaithe **Príomhbhóithre Náisiúnta** agus **Bóithre Náisiúnta den Dara Grád** oar chostas iomlán breis agus **€7m**

Rinneadh uasghrádú ar **72%** d'fhardal soilsithe phoiblí na Comhairle go dtí **Soilse LED**

€1.7m leithdháilte d'**Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil** a chríochnaigh fad breis agus **24km** ar **68 tionscadal** le **257 tairbhí**



An Lár-Rannóg Seirbhísí Teicniúla

Tionscadail Chaipitil agus Chothabhála Droichid Bhóthair Réigiúnacha agus Áitiúla

Rinne roinnt tionscadail droichid dul chun cinn i rith 2022. Rinneadh an deic ar an phríomdhroichead i gCarraig Airt a athsholáthar agus leathnaíodh an droichead. Tosáid le droichead nua a thógáil ag an gCrosaire, Cúil na gCuirridín mar chuid de scéim Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair (an ÚNI) leis an sráidbhaile a nascadh le conláistí áitiúla. Críochnaíodh imscrúduithe talún do Dhroichead an Ghleanna Mhóir ar Bhóthar Laghey-Phaiteagó agus do Dhroichead na Cláidí sa Bhun Beag.

Bronnadh Cistiú Deontais Feabhsúcháin Shonraigh €550,000 ar Chomhairle Contae Dhún na nGall in 2022 d'Athshlánú Droichid ar Bhóithre Réigiúnacha agus tugadh faoi oibreacha ar 14 dhroichead. Leithdháileadh €250,000 breise chun neartú nó athsholáthar speisialtóra a dhéanamh ar 8 ndroichead eile ar fud an chontae. Ar an iomlán, críochnaíodh oibreacha go rathúil ar 22 droichead in 2022, agus rinne 3 dhroichead dul chun cinn trí dhearadh níos casta/phróisis phleanála Ráiteas Tionchair Natura (NIS).



Droichead An Tamhnaigh

Dearadh Bóithre

Cheadaigh an Bord Pleanála an CPO d'Athailíniú Dhroichead agus Bhóthar Fhionntrá an R263 i rith 2022. Bhí dul chun cinn maith déanta ag plé ar oibreacha cóiríochta úinéirí talún, dearadh mionsonraithe agus cáipéisíocht tairisceana a ullmhú i rith na bliana.

I ndiaidh gur fhaomh an Roinn Iompair (an RI) Tuarascáil Mheasúnaithe Straitéisigh (SAR) Thionscadal Líonra Theas Leitir Ceanainn in 2021, lean Comhairle Contae Dhún na nGall ar aghaidh le sainchomhairleoirí a fháil agus a cheapadh i rith 2022 agus bhí dul chun cinn maith déanta ag aschur Thairseach 1 an tionscadail tosaigh i ráithe 4. Tosófar le próisis fostaithe Comhaltaí Tofa agus Chomhairliúcháin Phoiblí in 2023.

Rinne Tionscadal Bainistíochta Tráchta Leitir Ceanainn dul chun cinn agus suiteáladh sraitheanna nua soilse tráchta ar Bhóthar Neil T. Blaney agus ar Bhóthar an Phiarsaigh in 2022.

Cheadaigh an Bord Pleanála na Mionoibreacha Tuilte leasaithe atá cistithe ag OOP do Bhealach Féich i ráithe 4 2021, a cheadaigh an tionscadal a chríochnú in 2022. Rinneadh dul chun cinn suntasach, chomh maith, ar bhailiú sonraí, suirbhéireacht agus CCTV/scairdeáil chóras draenála Bhealach Féich i rith 2022 agus ceapadh sainchomhairleoir do mheasúnú ar acmhainneacht atá le chríochnú in 2021 leis an tionscadal a chríochnú.

Rinneadh tionscadal Nascghríasán Thiar Bhealach Féich-Shrath an Urláir a thabhairt chun cinn i rith 2022 trí Chéim de na Treoirínte Bainistíochta Tionscadal.



Taispeántas Bóthair Sábháilte ar an Bhóthar

Sábháilteacht ar Bhóithre

Chríochnaigh an Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre an measúnú agus an dearadh ar go leor scéimeanna timpiste ísealchostais chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre a thóg na foirne Limistéar Bóithre faoi Chlár Timpiste Ísealchostais an RI agus cistiú CLÁR. Rinneadh scéimeanna HD15 agus HD17 ar na Bóithre Náisiúnta a thabhairt chun cinn níos mó trí na céimeanna forbartha i gcomhréir le riachtanais bhainistíochta tionscadal Bhoneagar Iompair Éireann (BIÉ).

Tosaíodh an t-athbhreithniú ar Fhodhlíthe Luasteorann Dhún na nGall 2017 in 2022. Cuirfear na dréacht-fhodhlíthe faoi bhráid na Comhairle lomlánaí sula dtosófar comhairliúchán poiblí reachtúil agus sula nglacfar leis an scéim i rith 2023.

Lean an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre le tacaíocht a sholáthar do Ghrúpa Oibre um Shábháilteacht ar Bhóithre Dhún na nGall (DRSWG). D'fhill an Taispeántas Bóthair Sábháilte ar an Bhóthar in 2022, tar éis go raibh srianta Covid-19 i bhfeidhm ar feadh 2 bhliain agus bhí sé gairmiúil agus ionraic i gcónaí agus bhí glacadh maith leis i measc breis agus 2,000 scoláire a d'fhreastail i measc an 2 thaispeántas.

Leanann Comhairle Contae Dhún na nGall agus an DRSWG ag oibriú le Cumann Peile Chláirseacha na Finne le cabhrú le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn i nDún na nGall leis an Chomórtas Ealaíne um Shábháilteacht ar Bhóithre do Bhunscoileanna. Leanann iRadio le tionscnamh bliantúil a chur chun cinn leis an aos óg a spreagadh chun gnímh trí na meáin shóisialta chun fiseáin TikTok a thaifeadadh faoi shábháilteacht ar bhóithre. Lean DRSWG in 2022 lena chomhoibriú le Highland Radio, Donegal Daily, láithreán gréasáin Mhol Spóirt Dhún na nGall agus Coiste Sláinte agus Folláine CLG Dhún na nGall chun saincheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun solais agus chun feacht ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun solais ar fud Dhún na nGall.

Tugadh clár an ÚNI "Bealaí Sábháilte ar Scoil" (SRTS) isteach in 2021 agus chuir 66 scoil ó Dhún na nGall isteach air. Tá foireann Scoileanna Glasa an ÚNI agus foireann Taistil Ghníomhaigh an ÚNI de chuid na Comhairle ag comhoibriú le scoileanna a roghnaíodh faoi Bhabhta 1 le tionscadail a thabhairt chun cinn a spreagfaidh siúl agus rothaíocht go dtí an scoil anuas ar shábháilteacht níos fearr ag bealaí isteach chuig scoileanna. Is iad na scoileanna Bhabhta 1 seo Coláiste Adhamhnáin, Ráth Bhoth, Scoil Náisiúnta Naomh Baoithín, Baile Suingean, Scoil Náisiúnta Ráth Mealtain agus Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua.



Buileáin Chomórtas Ealaíne um Shábháilteacht ar Bhóithre 2022



Glasbhealaí

Tugadh réamhobair chun cinn i rith 2022 ar thionscadail éagsúla Ghlasbhealaigh, Glasbhealach Inis Eoghain ó Bhun Cranncha go Carn Domhnach, Glasbhealach Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn agus Glasbhealach an Bhearnais Mhóir.

Críochnaíodh tógáil Ghlasbhealach Mhagh in 2022. Chomh maith leis sin, mar chuid den Ghréasán Glasbhealaí an Iarthuaiscirt, tugadh dhá bhealach breise chun cinn trí roghnú bealaigh, measúnú comhshaoil, rannpháirtíocht úinéirí talún, agus faomhadh pleanála Chuid 8. Tabharfar na bealaí seo ó Leifear go Caisleán na Finne agus ó Mhagh go hArd an Chrainn, Rinn Uí Choigligh chun cinn go dtí tógáil in 2023.

Taisteal Gníomhach

Chaith an Chomhairle €4.7m ar thionscadail taistil ghníomhaigh in 2022, agus caitheadh thart ar €2.5m ar sholáthar díreach scéimeanna ar fud an chontae, €525,000 san áireamh ar an tionscadal ó Dhobhar go dtí an Bun Beag. Críochnaíodh tionscadal Aontreo Ard-Eaglais Leitir Ceanainn i rith 2022 ar shuim €1.2m agus mhol an ÚNI é mar thionscadal eiseamláireach.

Ceadaíodh iarratas Chomhairle Contae Dhún na nGall ar Thionscadal Pathfinder in 2022, ina bhfuil 6 thionscadal nasctha taistil ghníomhaigh i Leitir Ceanainn. Ceapadh sainchomhairleoir chun cabhrú leis an chéanna a sholáthar faoin spriocdháta i ráithe 4 2025. Cé nach soláthraíonn Pathfinder cúnaimh airgeadais, bainfidh an Chomhairle sochar ón fhoghlaim chomhroinnte ar leibhéal náisiúnta óna macasamhail de thionscadail taistil ghníomhaigh.



Soilsiú Poiblí

Tháinig méadú ar fhardal Soilsiithe Phoiblí na Comhairle aníos go dtí 19,090 solas, ar an iomlán, faoi dheireadh na bliana, agus rinneadh uasghrádú ar 13,687 solas go dtí soilse LED, arb ionann iad agus 72% den fhardal iomlán. Uasghrádófar an fuilleach thart ar 5,000 solas neamh-LED in 2023 faoin Tionscadal Soilsiithe Phoiblí atá Éifeachtúil i dtaobh Fuinnimh in 2023.

Céanna agus Cuanta

Fuarthas cistiú €25.13m Bhonneagar Muirí Údaráis Áitiúil Coigeartaithe an Bhreathimeachta (BALAMI) tríd an Roinn Talmhaíochta, lascaigh agus Mara in 2022 lena dtacaíonn €2.8m breise de chistiú meaitseála agus táillí gaolmhara na Comhairle, agus bhí 8 dtionscadal á dtógáil in 2022, agus rinne na 20 tionscadal eile dul chun cinn trí phróisis dearaidh/reachtúla lena dtógáil i rith 2023.

Clós agus Stórais Innealra

Stórais Ghinearálta

Ghlac an Fhoireann Stóras lena ról i dtaobh stoc a sholáthar agus a bhainistiú d'úsáid na Comhairle, stóráil agus soláthar 5.5 milliún lítear de bhíotúman san áireamh chun tacú leis an chlár dromchlaithé bóithre.

Clós Innealra

Lean an Clós Innealra i rith 2022 le flít feithiclí atá faoi úinéireacht agus fruilithe araon atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar, a dhéanann sócmhainní na Comhairle a chothabháil, a dheisiú, agus a oibriú go leanúnach.

Athsholáthar/Athchóiriú Caipitiúil

Cheannaigh an Chomhairle lódaire íseal nua agus 3 leoraí nua a chabhróidh le tiomantas leanúnach na Comhairle do spriocanna iompair inbhuanaithe agus um ghníomhú ar son na haeráide 2030. Críochnaíodh clár rathúil píolótach “luchtú baile” d’Fheithiclí Leictreacha (EVanna) agus suiteáladh aonaid chun EVanna atá go hiomlán luchtaithe a sholáthar do ghníomhaíochtaí laethúla oibre.



Leoraithe Nua CCBÁC

Seirbhís Limistéir Bhóithre

Léargas Ginearálta

In 2022, chaith an Rannán Limistéir Bhóithre €54m, ar an iomlán, ar an ghréasán bóithre poiblí 6,457km de bhóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. I measc na n-oibreacha, bhí Cothabháil Ghinearálta, ina gcuimsítear feabhsúcháin draenála, deisiú dromchla bóithre, cothabháil ciumhaiseanna, cothabháil comharthaí, cigireacht/deisiú droichead, glantachán sráideanna agus Imbhualadh um Thrácht ar Bhóithre (RTC) éigeandála agus freagairt do thuilte. Go sonrach, tugadh faoi oibreacha draenála ar luach €1.32m agus oibreacha um Oiriúnú don Aeráid ar luach beagnach €950,000 in 2022.

Críochnaíodh oibreacha cóirithe dromchla ar 223km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla sa chontae, a d'úsáid €5.04m in 2022 ón Roinn Iompair. Tugadh faoi oibreacha um Neartú Bóithre ar 193km de bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2022. Chosain na hoibreacha €18.3m a chistigh ag an Roinn Iompair.



Oibríocht Chóirithe Dromchla

Seirbhís Gheimhridh

Bhí an clár Cothabhála Geimhridh, ina scaiptear grean ar 1,140 ciliméadar de bhóithre poiblí, ar siúl i dtráthanna ina raibh aimsir sheaca ann i rith na bliana dar tús i nDeireadh Fómhair agus dar críoch ag deireadh Aibreáin. Bhuail tréimhse aimsire thar a bheith geimhriúil Dún na nGall i lár mhí na Nollag 2022 inar thit na teochtaí anuas go dtí -6°C in áiteanna, a d'éiligh monatóireacht agus leathadh grin lánaimseartha. Rinneadh 11,000 tonna de shalann a sheachadadh chuig iostaí timpeall an chontae le soláthar phlean seirbhíse an gheimhridh a éascú. B'ionann an caiteachas in 2022 ar Chotheabháil Geimhridh agus thart ar €1.4m.

Scéimeanna Feabhsúcháin Pobail

Chumasaigh an Clár Rannpháirtíochta an Phobail pobail áitiúla comhoibriú le CCDG chun 26 scéim bóithre ar luach €1.09m a fheabhsú.

Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúil

Clár é seo ina gcistíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail athdhromchlú bóithre príobháideacha áirithe a fhreastalaíonn ar an phobal áitiúil a shásaíonn coinníollacha diana. Fuair Dún na nGall an leithdháileadh deontais LIS ba mhó sa tír in 2022, arbh ionann é agus beagán de bhreis ar €1.7m. Ar an iomlán, críochnaíodh 68 bóthar ar a raibh fad iomlán breis agus 24km agus chuaigh sé chun tairbhe 257 duine.



Bóithre Oileáin

I ndiaidh gur glacadh le beartas maidir le Bóithre Oileáin a thógáil i gcúram, d'aontaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun oibreacha athdhromchlaithithe a chistiú go hiomlán sular tógadh na bóithre i gcúram, ónar eascair leithdháileadh cistithe €2.09m i Márta 2022 do bhóithre ar Árainn Mhór, Toraigh, Inis Bó Finne agus Gabhla. Áiríodh leis na tionscadail féin oibreacha draenála, athdhromchlaithithe agus coimhdeacha eile. Cheadaigh seo 14 bhóthar neamhchontae a dheisiú a chruthóidh tairbhí ollmhóra do dhaoine áitiúla agus do thurasóirí a bhfuil cuairt á tabhairt acu ar ár nOileáin.

Cothabháil Páirceanna

Rinneadh Páirc na nEalaí (Swan Park) i mBun Cranncha a chríochnú agus a oscailt in 2022 tar éis go ndearnadh díobháil fhorleathan dó le linn na dtuillte millteanacha a thit amach ar Leithinis Inis Eoghain i Lúnasa 2017. Bronnadh €1.7m ar an tionscadal tríd an Chiste Athghiniúna Tuaithe agus sholáthair Comhairle Contae Dhún na nGall comhchistiú €500,000. Rinne grúpa stiúrtha maoirseacht ar an athfhorbairt ina gcuimsítear go leor páirtithe leasmhara áitiúla, cosúil le Coiste Bailte Slachtmhara Bhun Cranncha agus Cumann Slatiascairí Bhun Cranncha agus Cumann na hÉireann um Madraí Treorach, a d'oibrigh go comhoibríteach le Comhairle Contae Dhún na nGall. Chinntigh an fhoireann tionscadail go raibh an pháirc inrochtana do dhaoine ar gach cumas. Forbraíodh roinnt seastáin iascaireachta d'úsáideoirí cathaoir rothaí agus cuimsíodh gnéithe eile dóibh siúd a bhféadfadh lagú radhairc a bheith orthu. Áirítear leis an pháirc athfhorbartha fosta achar breise 3.5 heicteár a mhéadaíonn deiseanna an pháirc a úsáid do réimse fairsing imeachtaí agus gníomhaíochtaí pobail. Rinne foirne páirceanna agus bóithre áitiúla Chomhairle Contae Dhún na nGall oibreacha ar an pháirc a stiúradh le cabhair ó chonraitheoirí áitiúla éagsúla.

Chaith an Chomhairle €1.03m in 2022 ar pháirceanna poiblí agus spásanna oscailte a chothabháil sa Chontae, cosúil le Páirc Bhaile Bernard McGlinchey agus Páirc Bhaile Mhic Comhghaill i Leitir Ceanainn, Faiche Bhun an Phobail, Cnoc na Bearice i gCarn Domhnach agus Cladach Bhun Dobhráin.

Oibríonn an Chomhairle clár cóireála do Speicis Phlandaí Coimhthíocha Ionracha feadh bóithre poiblí agus cóireáladh thart ar 1000 fíniú aonair cois bóthair de ghlúineach in 2022.



Cúrsa Oiliúna Oibríochtaí agus Cothabhála Oibreacha Poiblí

Sheol Comhairle Contae Dhún na nGall agus Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) clár cúrsa oiliúna in 2022 agus é mar aidhm oibríthe atá réidh chun oibre a sholáthar do na hearnálacha tógála agus údaráis áitiúil. Cuireann an cúrsa lánaimseartha 35 seachtain deiseanna ar fáil le deimhniúchán ábhartha don tionscal sláinte agus sábháilteachta chomh maith le cáilíochtaí atá oiriúnach do ról i limistéir ar nós páirceanna agus spásanna oscailte, céanna agus calafort, seirbhísí uisce, tógáil bóithre agus pábhála, agus deiseanna ginearálta tógála. Chinntigh an BOO agus CCDG go ndearnadh réimse fairsing limistéir oiliúna oibrí ginearálta a chuimsiú isteach sa chúrsa.

Áirítear leo seo:

- ballaí gairdín agus galláin a thógáil
- teorainneacha a thógáil agus a chothabháil
- scileanna oibre talún tógála, colbhaí, leaca agus clocha pábhála a leagan
- úsáid a bhaint as lomaire atá rialaithe ag coisí agus limistéir a chur agus a ullmhú do chur

Cuimseofar san oiliúint fosta:

- sábháilteacht bhunúsach
- spásanna teoranta
- garchabhair
- eolas agus feasacht ar bhóithre a oscailt agus a athsholáthar
- láthair sheirbhísí faoin talamh
- láimhsiú
- Pas Sábháilte
- tógáil agus ábhair bhóithre
- sláinte agus sábháilteacht oibreacha bóthair
- cóiriú dromchla
- sláinteachas uisce.



*Athdhromchlú Mhín na Cuinge*

Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall

Tionscadail Dromchlaithre Bóithre Náisiúnta

I rith 2022, rinne Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall Riarachán Conartha a Phleanáil, a Dhearadh, a Sholáthar, a Mhaoirsiú agus a sholáthar maidir le 4 Thionscadal aonair Deisithe agus Athnuachana Sócmhainní Pábhála (PARR) ar an Ghréasán Bóithre Náisiúnta i nDún na nGall, ar a bhfuil fad iomlán 16km agus costas iomlán tógála beagán de bhreis ar €7m. Áiríodh leis seo stráice den N56 ag Mín na Cuinge, an N15 lastuaidh de Bhéal Átha Seanaidh go Ardgillew agus Seachbhóthar Bhun Dobhráin an N15.

Clár Bainistíochta agus Cothabhála Droichead BIÉ

I rith 2022, bhainistigh Foireann Droichead Réigiúnach BIÉ cigireacht agus críochnú gnáthoibreacha cothabhála ar dhroichid Bhóithre Náisiúnta sa chontae. Cheadaigh an conradh chomh maith tabhairt faoi oibreacha cothabhála frithghníomhacha cosúil le deisiúcháin tar éis díobháil de bharr imbhualtí feithiclí do bhallaí uchtbhalla, ailt infhairsingithe a athsholáthar agus a dheisiú tar éis teagmhais tuilte.

*Cigireacht Droichead Ghaoth Beara*

*Leitir Oilí go dtí na Gleannta*

An N56 ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta

Tá Scéim Bóithre Náisiúnta den Dara Grád Ísealtráchtá 29km an N56 ón Chlochán Liath go dtí na Gleannta ag bogadh i dtreo a críochnaithe anois. Tá an tionscadal foriomlán á sholáthar i sé chonradh neamhspleácha. Críochnaíodh cúig cinn de na sé scéim go dtí seo, agus tá an stráice eile go dtí Acomhal Chill Ráin le tosú in 2023. Áirítear leis an scéim áis do choisithe agus rothaíochta feadh fhad iomlán na Scéime.

Chruthaigh Scéim an N56 ó Leitir Oilí go dtí na Gleannta, a críochnaíodh le déanaí, dúshláin mhóra mar gheall ar mhóin fhorleathan a coimeádadh in situ, a chruthaigh tairbhí móra i dtaobh ceapadh carbóin agus tairbhí um ghníomhú ar son na haeraide dá bharr.

Tionscadail Sábháilteachta

I rith 2022, lean Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall le Láithreacha Ardlíon Imbhualtí a thabhairt chun cinn agus a réiteach agus buarthaí eile um shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chun solais ar an ghréasán bóithre náisiúnta. Tá sé Scéim Feabhsúcháin ar Shábháilteacht ar Bhóithre (RSIS) ag na céimeanna seo a leanas;

Ainm na Scéime	Stádas 2022
An N3 Lios an Chollaigh	Indéantacht agus Roghanna
N15 Loch Moirne	Dearadh/Cáipéisíocht agus Éadail Talún
N15 Laghey	Dearadh Tosaigh
Bearta sábháilteachta Eatramhacha N15 Laghey	Tógáil Críochnaithe
Bóthar Ceithre Lána an N56	Tógáil ar siúl
N14 an Fhaiche Ghlas	Dearadh/Cáipéisíocht agus Éadail Talún

Uisce agus Comhshaol

Borradh a Chur chun Cinn/Seirbhísí a Sholáthar/Ag Aistriú chuig Seasmhacht Aeráide Ísealcharbbóin




Bronnadh

14

Bhratach Ghorma

i nDún na nGall

12 Thrá agus **2 Mhuiríne** an comhlíon ba mhó sa Tír



100%

leibhéal **comhlíonta** mhicribhitheolaíoch i soláthairtí **uisce poiblí**

Bailíodh 14 thonna d'earraí toirtiúla



agus **298 tocht**

i rith **tréimhse**

um chur

chun cinn

2 sheachtain

177 scoil cláraithe i **gClár na Scoileanna Glasa**; **2 scoil** tar éis a gcéad bhratach ghlas a fháil, **31 scoil** tar éis a mbratacha glasa a athnuachan

979 sampla fuíolluisce bailithe agus tástáilte

Roghnaíodh **Baile Dhún na nGall** mar cheann de na **6 Chlár Phíolótacha Moil Ghlais**

Buaicphointí 2022



€2.7m de chistiú faighte don earráil **uisce tuaithe** sa chontae

6 as 6 láithreán líonta talún **go hiomlán réitithe**



€134,967 faighte faoin **Tionscnamh Frithdhumpála**

500 teaghlach tar éis páirt a ghlacadh sa **Tionscadal Dramhaíola Tí** faoin Tionscnamh Frithdhumpála



Seirbhísí Uisce

Soláthairtí Uisce Óil

Leanann an Comhaontú Seirbhíse idir Uisce Éireann (UÉ) agus an Chomhairle le soláthar a dhéanamh do bhainistíocht ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce i gContae Dhún na nGall. Áirítear leis seo 32 Soláthar Uisce Poiblí (PWS) a oibriú a tháirg 27.7 milliún méadar ciúbach d'uisce óil in 2022 a fhreastalaíonn ar dhaonra beagnach 160,000 duine. Ceannaíodh 69,098 milliún méadar ciúbach breise d'uisce ó Uisce Thuaisceart Éireann. Tá uisce ó fhoinsí soláthair uisce poiblí ar fáil fosta do thomhaltóirí trí Ghrúpscéimeanna Soláthair Uisce poiblí (GWS). Cuireadh Clár Athsholáthair Luaidhe agus Clár Bainistíochta Brú chun cinn thar ceann Uisce Éireann i rith 2022.

Oibrítear líon mór soláthairtí uisce príobháideacha rialaithe ar fud an chontae. Is é Comhairle Contae Dhún na nGall an t-údarás maoirseachta do na soláthairtí seo agus ní mór di torthaí ar mhonatóireacht ar chomhlíonadh a thuairisciú ag sonna tomhaltóirí chuig an GCC gach bliain. Áirítear leo seo 5 Ghrúpsoláthar Uisce phríobháideacha, 1 GWS Poiblí le 37 soláthar uisce atá go hiomlán príobháideach a dhéanann soláthar do ghníomhaíocht poiblí/tráchtála. Thosaigh Comhairle Contae Dhún na nGall cigireachtaí foirmiúla ar sholáthairtí príobháideacha in 2020 agus rinneadh iniúchadh ar 4 sholáthar phríobháideacha in 2022 (1 sholáthar díolmhaithe san áireamh). Rinneadh monatóireacht ar 4 sholáthar dhíolmhaithe, ar an iomlán, in 2022.

Fuair Comhairle Contae Dhún na nGall cistiú thart ar €2.7m don earnáil uisce tuaithe sa chontae ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoin Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil ó 2019 go 2021. Síneadh an clár seo mar gheall ar mhoilleanna a rabhtas thíos leo i rith phhaindeim Covid-19.

Tá súil anois le Clár Ilbhliantúil trí bliana nua i ráithe 2 2023 agus tacóidh an obair a rinne Comhairle Contae Dhún na nGall ó 2019 le hiarratas láidir don chlár seo.

Oibríonn an Chomhairle scéim bhliantúil fóirdheontais thar ceann na Roinne mar ranníocaíocht i dtreo costais oibríochtúla le haghaidh grúpscéimeanna soláthair uisce, Scéim Deontais do thobreacha aonair uisce óil agus scéim deontais chun ionaid chóireála fuíolluisce tí a athchóiriú nó a athsholáthar.

Tugtar achoimre sa tábla seo a leanas ar uisce óil a tháirgeadh i nDún na nGall in 2022:

Ceantar Bardasach	Uisce Óil (méadar ciúbach)
CB Inis Eoghain	7,894,950
CB Dhún na nGall	5,752,535
CB na nGleannta	4,603,176
CB Leitir Ceanainn/Bhaile na nGallóglach	6,468,413
CB Leifir/Shrath an Urláir	3,051,942
Iomlán	27,771,016

Cáilíocht an Uisce Óil

Is é an GCC an t-údarás maoirseachta le haghaidh Uisce Éireann (UÉ) maidir le Soláthairtí Uisce Poiblí (PWS) agus is é Comhairle Contae Dhún na nGall an t-údarás maoirseachta le haghaidh soláthairtí príobháideacha, ina gcuimsítear Grúpscéimeanna Uisce poiblí (GWS), Grúpascéimeanna Uisce príobháideacha agus Soláthairtí Príobháideacha Beaga (SPS). Rinne creatsaotharlann Soláthairtí Uisce Poiblí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Monatóireacht Comhlíonta sa ghréasán thar ceann Chomhairle Contae Dhún na nGall do Sholáthairtí Uisce Príobháideacha.

Bhí an leibhéal comhlíonta mhicribhitheolaíoch i Soláthairtí Uisce Poiblí Dhún na nGall 100% i gcónaí in 2022, agus ba é an leibhéal comhlíonta i dtaobh paraiméadair cheimiceán agus tháscaire 99.78% agus 98.88%, faoi seach. Ba é leibhéal foriomlán comhlíonta na reachtaíochta uisce óil thart ar 99%. Bhí 2 sholáthar fós ar an Liosta Gnímh Cheartaithigh (RAL) do Dhún na nGall ag deireadh na bliana. Réitíodh saincheisteanna cháilíocht an uisce ag ceann amháin de na scéimeanna seo mar gheall ar mhéadú ar chóireáil uisce agus táimid ag fanacht le baint na scéime ón RAL ag an GCC.

Ba é an ráta comhlíonta foriomlán do na soláthairtí uile príobháideacha rialaithe 97%. Ba é comhlíonadh micribhitheolaíoch i gcás GWS Príobháideach, GWS Poiblí agus soláthairtí Beaga Príobháideacha thart ar 87%, 93% agus 98%, faoi seach. Bhí 1 GWS poiblí, ar fhreastail soláthair trasteorann air, ceangailte i rith 2022 le PWS áitiúil; 1 SPS a bhí ceangailte leis an soláthar PWS i lár na bliana. Shuiteáil roinnt soláthairtí eile cóireáil bhreise uisce, nó tá siad á suiteáil acu, agus ba cheart go n-eascródh cáilíocht níos fearr uisce as seo go léir.

Scéimeanna Fuíolluisce

Sainaitníodh 89 sceitheadh fuíolluisce cathrach atá le húdarú ag an GCC agus astu siúd deonaíodh ceadúnais sceite ar 37 as 38 sceitheadh scéime i nDún na nGall go dtí seo, agus tá Teastais Údaraithe ag na 51 sceitheadh scéime níos lú. Lean Comhairle Contae Dhún na nGall ag oibriú an chuid is mó de na hionaid seo faoin Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann, atá mar an tÚdarás Seirbhíse Uisce freagrach. Bhailigh Saotharlann Dhún na nGall Láir 979 sampla fuíolluisce agus tástáladh iad in 2021. Bailíodh agus tástáladh 661 sampla breise faoin chlár monatóireachta comhthimpeallaí, a fhiosraíonn tionchar an sceite fuíolluisce ar an timpeallacht ina ndéantar é.

Comhlíonadh Cáilíochta Sceite Fuíolluisce

Lean Comhairle Contae Dhún na nGall le monatóireacht a dhéanamh ar gach sceitheadh fuíolluisce atá ceadúnaithe agus deimhnithe i gContae Dhún na nGall thar ceann Uisce Éireann, agus cuireadh torthaí míosúla in iúl d'Uisce Éireann agus don GCC, anuas ar Thuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil. Déantar comhlíonadh maidir le sceitheadh ceadúnaithe a mheas de réir cheanglais an Cheadúnais Sceite agus na Treorach maidir le Fuíolluisce Uirbeach. D'éirigh leis na hionaid nua agus níos nua-aimseartha comhlíonadh a bhaint amach, ach níor bhain roinnt de na hionaid ní ba shine comhlíonadh amach, agus tugann seo le fios an gá atá le hinfeistíocht bhreise a dhéanamh i gcóireáil fuíolluisce.



Caipiteal Seirbhísí Uisce

Tionscadail Soláthair Uisce

Tosaíodh an conradh tógála ar Scéimeanna Soláthair Uisce Réigiúnach Leitir Mhic an Bhaird/na gCealla Beaga ina raibh ionad cóireála uisce (WTP) nua ag Leitir Mhic an Bhaird, damba ag Loch na Deirce Móire, uasghrádú an ionaid cóireála uisce reatha ag na Cealla Beaga agus mol nua cóireála sloda a thógáil ag na Cealla Beaga.

Rinne dearadh agus pleanáil dul chun cinn ar chonarthaí do WTP na nGleannta agus WTP na nUillí.

Leanadh le hathsholáthar na píblíne faoi chlár laghdaithe sceite Uisce Éireann agus athsholáthraíodh stráicí den pháipílíne ar fud an chontae san Inbhear, ar an Inis, i mBaile Dhún na nGall, Baile Suingean, an Bun Beag, an Fál Carrach, Leitir Ceanainn, an Luinnigh agus Baile na nGallóglach. Cuireadh na píblínte nua seo in ionad píblínte reatha, a bhí ag cur le hardmhinióictaí pléasctha nó fadhbanna maidir le cáilíocht an uisce.

Tionscadail Fuíolluisce

Rinne tógáil/coimisiúnú dul chun cinn ar réimse tionscadail fuíolluisce i rith 2022:

Scéim Séarachais Ghaoth Dobhair

- Tá tionscadal taispeána go hiomlán oibríochtúil agus tá 40 réadmhaoin ceangailte, agus rinneadh oibrea cha móra ar réadmhaoin phríobháideach le gach obair scartha a dhéanamh agus le cochaill, caidéal agus rialuithe a shuiteáil a chríochnú.
- Tá oibreacha uasghrádaithe ionaid cóireála fuíolluisce ar siúl agus tá dáta críochnaithe go déanach in Aibreán 2023 ann. Cuireadh cora isteach in abhainn agus tá monatóireacht ar leibhéal ísealsreabhaidh ar siúl go fóill.

Scéim Séarachais na Ceathrún Caoile

- Tá oibreacha tógála 95% críochnaithe - Ag aistriú isteach i gcéim an choimisiúnaithe in Aibreán 2023.

Scéim Séarachais Chill Chárthaigh

- Tá oibreacha tógála 80% críochnaithe - Ag aistriú isteach i gCéim an Choimisiúnaithe i mBealtaine 2023.

Scéim Séarachais Ailt an Chorráin

- Tosaíodh an tógáil - 30% críochnaithe.

Leanadh le dearadh agus pleanáil mhionsonraithe ar thionscadail Infheistíochta Caipitil eile Uisce Éireann i rith 2022.



WTP Nua Leitir Mhic an Bhaird

Tionscadail Uasgrádaithe Fuíolluisce

Ag deireadh 2022, bronnadh dhá chonradh mhóra ar thionscadail uasgrádaithe Fuíolluisce faoi Chlár Bailte agus Sráidbhailte Dhún na nGall:

Conradh Uimh. 2 - Líonraí Bhun Cranncha agus Bhealach Féich/Shrath an Urláir

Áirítear leis an tionscadal seo líonraí séaraigh Bhun Cranncha agus Bhealach Féich/Shrath an Urláir a uasgrádú chun dul i ngleic le heasnamh i dtuille, cur thar maoil agus toilleadh.

Bealach Féich/Srath an Urláir

Uasgrádú ar Stáisiún Chaidéalaithe Líonra, uasgrádú ar Sceitheadh Uisce Stoirme, uasgrádú ar sceitheadh éigeandála ó Stáisiún Chaidéalaithe, agus dul i ngleic le heasnamh sa líonra.

Bun Cranncha

Toilleadh leordhóthanach stórála uisce stoirme a sholáthar ag Stáisiún Caidéalaithe Westbrook agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhun Cranncha (ICFU), uasgrádú ar Sceitheadh Uisce Stoirme, agus dul i ngleic le heasnamh líonra.

Titfidh an tógáil amach i rith 2023 agus 2024.

Conradh Uimh. 4 - Ráth Mealtain, Baile na nGallóglach agus Ráth Maoláin (RMR)

Is éard a bheidh i gceist leis na hoibreacha seo go príomha ceithre Stáisiún Caidéalaithe nua, dhá cheann i Ráth Maoláin agus ceann amháin i Ráth Mealtain agus Baile na nGallóglach, a sholáthróidh fuíolluisce d'Ionad Cóireála Fuíolluisce nua úrscothach ag Tír Rodaigh, Ráth Mealtain, trí fhad 19km de phríomhphíobán aníos. Anuas air sin, déanfar na hoibreacha cóireála reatha ag Baile na nGallóglach, dabhcha séarachais i Ráth Maoláin agus dabhach stórála i Ráth Mealtain a dhíchoimisiúnú fosta mar chuid den tionscadal.

Titfidh an tógáil amach i rith 2023 agus 2024.

Chuaigh Conradh Uimh. 3 faoi Chlár Bhailte agus Sráidbhailte Dhún na nGall, ina bhfuil Cill Mhic Réanáin, Carraig Airt agus Tamhnach an tSalainn, chun tairisceana go déanach in 2022.

Anuas air sin, tá tionscadal breise Ceirtleánaithe Neamhchóireáilte a fhreastalaíonn ar Coolatee leis an tógáil a thosú i ráithe 2 2023.



Derkmore Dam

Truailliú a Rialú

Tugann Saotharlann Láir na Comhairle faoi réimse cláir mhonatóireachta atá dírithe ar an chomhshaol a chosaint agus ar thruailliú a rialú i limistéir an Uisce, an Aeir agus an Torainn, an méid seo a leanas ina measc:

- Sceitheadh tráchtála/tionsclaíoch – críochnaíodh 80 sampla do shéaraigh do UÉ agus 99 cigireacht ar sceitheadh ceadúnaithe chuig uiscí
- Aibhneacha agus lochanna – bailíodh agus soláthraíodh 2366 sampla chuig Saotharlann an GCC
- Cigireachtaí ar umair sheipteacha faoin Phlean Náisiúnta Cigireachta – cigireacht déanta ar 112 DWWTs
- Monatóireacht ar uisce snámha, (Tránna Brataí Goirme agus Cósta Ghlais) ar aon dul leis an fhéilire uisce snámha
- Cigireachtaí ar fheirmeacha – rinne Sainchomhairleoir Talmhaíochta 59 cigireacht bhreise thar ceann na Comhairle in 2022, a chistigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Truailliú aeir – na Rialacháin um Péinteanna Maisiúcháin agus Tuaslagóirí, na Rialacháin um Breosla Soladach (crios ísealdeataigh) a fhorfheidhmiú
- 938 gearán comhshaoil (148 gearán uisce, 731 gearán aeir agus 59 gearán torainn) a imscrúdú, sampláil agus tástáil ar 111 sampla san áireamh.

Mar thionscnamh nua in 2022, bhunaigh foireann na Saotharlainne Láir seastán na Comhairle ag trí imeacht phoiblí – (i) an taispeántas Tithe Nuathógtha agus Atógtha i Leitir Ceanainn, (ii) Taispeántas Talmhaíochta Ghleann na Finne agus (iii) Taispeántas Talmhaíochta Chluain Maine.

Críochnaíodh 541 idirchaidreamh, ar an iomlán, a dhírigh ar do dhabhach shéarachais a fholmhú, trí úsáid a bhaint as Bogaigh Thógtha Chomhtháite chun uisce salach a chóireáil, toibreacha uisce óil, conas dip caorach a úsáideadh a dhiúscairt, agus conas a chabhraíonn líon na bhFeithidí Abhann linn a dhéanamh amach conas cáilíocht uisce abhann a dheimhniú.



Seastán na Comhairle ag an Taispeántas Talmhaíochta

Tionscadal CatchmentCARE

Is í Comhairle Contae Dhún na nGall an Comhpháirtí Ceannais ar an Tionscadal Cúraim Dobharcheantar cúig bliana a leathnaíodh agus a chríochnófar in Aibreán 2023. Tá an tionscadal á mhaoiniú faoi bheart Comhshaoil Chlár INTERREG VA an AE agus tá buiséad faofa €14 milliún aige. Is féidir teacht ar eolas mionsonraithe i dtaca leis an Tionscadal, na comhpháirtithe atá bainteach san áireamh ar láithreán gréasáin an Tionscadail www.catchmentcare.eu.

Tá an Tionscadal faoi stiúir Chomhairle Contae Dhún na nGall agus tá sé de chúram air trí thionscadal feabhsaithe cáilíochta uisce a fhorbairt i ndobharcheantair thrasteorann ag an Fhinn (Dún na nGall-Tír Eoghain), an Arna (Fear Manach-Cabhán-Liatroim) agus an Abhainn Mhór (Ard Mhacha-Tír Eoghain-Mhuineacháin), 50 stáisiún monatóireachta screamhuisce a shuiteáil ar fud an réigiúin chun tuiscint níos fearr a fháil ar an screamhuisce sna dobharcheantair thrasteorann, agus ar an idirghníomhú idir an screamhuisce agus dobharlaigh uisce dromchla.

I nDobharcheantar na Finne tá Gníomhaireacht na Lochanna i gceannas ar oibreacha ‘ionsrutha agus bruachánacha’ a thosaigh ag an Chomaircín agus dhírigh siad ar fhaomhadh na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) a fháil do na hoibreacha molta (Tástálacha i leith Measúnú Oiriúnachta/Ráitis Tionchair Natura), agus ceadanna úinéirí talún fosta.

Rinneadh dul chun cinn fosta ar shaincheist maidir le heaspórtáil ceimiceán ag an Fhinn agus rinneadh obair shuirbhéireachta agus léarscáiliú láithreacha tumtha caorach agus foraoiseachta. Tá próiseas samplála agus anailíse ag 5 shuíomh thar 12 mhí faighte agus tá sé fós ar siúl.

Rinne an Fhoireann Screamhuisce druileáil ar stáisiúin mhonatóireachta screamhuisce ag Coláiste Cholm Cille, Srath an Urláir agus ag Baile na Finne, a ndéanfar monatóireacht orthu le linn agus i ndiaidh thréimhse an tionscadail, rud a chabhraíonn le cur síos a dhéanamh ar stádas náisiúnta an screamhuisce.

Thug Tionscadal CatchmentCARE trí ‘Scéim Dreasachta Pobail’ tacaíocht fosta do cheithre ghrúpa pobail san Fhinn, lena n-áirítear:

1. Comhlacht Pobail Chomhtháite Bhealach Féich agus Shrath an Urláir (BASICC) – tionscadal “Mionamharc ar an Fhinn” (Finn Through The Lens);
2. Coiste Slí Thaobh an Mhuilinn, agus
3. Tionscadal Frith-Thruaillithe na Finne – FinnAPP, tionscadal spreagúil Comhshaoil/Caomhnaithe i gceantar na Coirre Leacaí.
4. Slatiascairí na Finne (Cumann Iascairí, Baile na Finne) – Seid Bád agus Lamairne agus sampláil do níotráití agus fosfáití ag roinnt suíomhanna laistigh den Loch agus a fho-aibhneacha.

Tá pleananna á gcur chun cinn ag an Tionscadal fosta chun plandáil sailí uiscithe a chur le leibhéal breise cóireála d’fhorbairt tithíochta atá faoi úinéireacht na Comhairle ag Lios Cúile.



Obair Innealtóireachta Ghlas arna chur i gcrích ar chuid de Abhainn na Finne faoi choimirce Thionscadal Cúram Abhantraí na Comairce

An Comhshaol

Bainistíocht Dramhaíola

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall ar cheann de na 9 nÚdarás Áitiúla atá mar chuid de Réigiún Dramhaíola Uladh-Chonnacht. Tá Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach i bhfeidhm ina leagtar amach aidhmeanna agus cuspóirí bainistíochta dramhaíola. Cuirfear Plean Náisiúnta nua Bainistíochta Dramhaíola do Gheilleagar Ciorclach in ionad na dtrí Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola go luath in 2023.

Bailiú Dramhaíola

Soláthraíonn bailitheoirí príobháideacha dramhaíola seirbhísí bailithe dramhaíola cholbha an chosáin. Tá bailitheoirí dramhaíola údaráithe ag an Oifig Náisiúnta do Cheadanna Bailithe Dramhaíola (an ONCBD) agus déanann an tÚdarás Áitiúil monatóireacht ar chomhlíonadh na gcoinníollacha.

Láithreáin líonta talún

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag comhlíonadh a cuid oibleagáidí fairsinge faoina sé Cheadúnas Dramhaíola (Baile na Carraige, an Baile Bán, Baile an Teampaill, Droim an Bhuadáin, Gleann Ealla agus Muicis). Tá gach ceann de na sé áis go hiomlán réitithe anois. Tá coimisiúnú an Bhogaigh Thógtha Chomhtháite a críochnaíodh le déanaí ag LLT an Bhaile Bháin ar bun faoi láthair.

Deimhníodh tacaíocht maoinithe deontais na Roinne arís do 2023 agus tá dul chun cinn á dhéanamh ag Bogach Tógtha Comhtháite do LLT Bhaile na Carraige.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Láithreáin Líonta Talún stairiúla (i.e. láithreáin líonta talún cathrach leagáide) tríd an Phróiseas Measúnaithe Riosca agus Deimhniúcháin le tacaíocht chistithe na Roinne. Cuirfear obair i gcrích agus déanfar iarratas ar dheimhniúchán do Láithreán Líonta Talún Stairiúil an Chlocháin Léith in 2023. Seoladh iarratais ar dheimhniúchán don Charraig agus Dún Cionnaola in 2021.

Leanann an Chomhairle le bonneagar rialaithe truailithe a oibriú agus a chothabháil ag na sé áis cheadúnaithe sa mhullach ar chláir fairsing monatóireachta i gcomhlíonadh riachtanais an Cheadúnais.

Dramhaíl a Athchúrsáil

Tá 6 ionad athchúrsála ag Carn Domhnach, an Clochán Liath, Baile na nGallóglach, Laghey, Leitir Ceanainn agus Srath an Urláir á n-oibriú faoi chonradh ag Bryson Recycling Ltd. Cuireann na láithreáin seo seirbhís athchúrsála ar fáil do réimse earraí dramhaíola. Bronnadh conradh nua chun bainistíocht a dhéanamh ar na 6 sheirbhís athchúrsála, agus áirítear leis na seirbhísí nua réimse níos fairsinge ábhar á n-athchúrsáil, agus glactar anois le hábhair bhoga phlaisteacha agus péint. Anuas air sin, cuireadh uaireanta oscailte nua sínte i bhfeidhm ag suíomhanna áirithe.

I mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2022, reáchtáil an Chomhairle Promóisean Earraí Toirtiúla ar leathphraghas ar feadh tréimhse coicise arna mhaoiniú faoin Tionscnamh Frithdhumpála (ADI). Bailíodh 14 thonna d'Earraí Toirtiúla i rith na tréimhse seo.

Tá breis agus 450 Ionad Fág Anseo ag 73 suíomh ar fud an chontae a bhailíonn earraí gloine agus cannaí. I measc na seirbhísí eile athchúrsála a chuireann Comhairle Contae Dhún na nGall ar fáil, tá pointí bailithe do Theicstílí.



Sampla de na hEarraí Toirtiúla a bailíodh i rith an Bhailithe Earraí Toirtiúla ag na sé Ionad Athchúrsála a chistítear faoi ADI 2022.

Rialáil Dramhaíola

Tá trí Phríomh-Údarás Réigiúnacha Forfheidhmithe Dramhaíola (WERLAanna) ann i bPoblacht na hÉireann. Tá Dún na nGall suite in WERLA Chonnacht-Uladh, agus is í Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le Comhairle Contae Liatroma, an comh-phríomhúdarás don oifig seo.

Tá na PÚRFDanna freagrach as gníomhartha forfheidhmithe dramhaíola a chomhordú laistigh de réigiúin, tosaíochtaí agus comhchuspóirí a leagan amach d'fhorfheidhmiú dramhaíola, a chinntiú go bhforfheidhmítear an reachtaíocht dramhaíola go comhsheasmhach ar fud na dtrí réigiún pleanála bainistíochta dramhaíola reatha agus an pearsanra údaráis áitiúil a bheith mar na chéad fhreagróirí i gcónaí ar an talamh do shárúithe ar leith na reachtaíochta dramhaíola.

Ceadú Dramhaíola

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as Ceadanna Saoráid Dramhaíola agus Deimhnithe Clárúcháin a dheonú agus a athbhreithniú. Tugann comhaltaí foirne faoi chlár oibre lena chinntiú go bhfuil saoráidí dramhaíola ardchaighdeán agus atá go hiomlán comhlíontach á n-oibriú ar fud an chontae.

Tionscadal Dramhaíola Tí

Fuair Rannóg Comhshaoil Chomhairle Contae Dhún na nGall cistiú in 2022 tríd an Tionscnamh Frithdhumpála le tionscadal a sholáthar a dhírigh ar dhramhaíl tí.

Ba í aidhm an tionscadail dramhaíola tí feasacht níos fearr ar agus rannpháirtíocht níos fearr i gcleachtais bhainistíochta dramhaíola inbhuanaithe, leithdheighilt dramhaíola, athchúrsáil agus úsáid na ngabhdán dramhaíola bia san áireamh. Bhí seo le baint amach trí rannpháirtíocht, cumarsáid agus feasacht.

Theastaigh ón Rannóg Comhshaoil fosta é seo a úsáid mar dheis le tuairimí daoine a fháil i dtreo seirbhísí athchúrsála agus bainistíochta dramhaíola agus, sa chás gur féidir, an t-eolas seo a úsáid le príomh-shaincheisteanna a chomhrac agus acmhainní a leithdháileadh amach anseo.

Tugadh cuairt i rith Lúnasa ar theaghlaigh i mBealach Féich, Bun Cranncha, Baile Dhún na nGall, na Gleannta agus Leitir Ceanainn agus tugadh an deis dóibh páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Chuaigh Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhpháirt le Voice of Irish Concern for the Environment (VOICE) Ireland (carthanas comhshaoil Éireannach atá bunaithe ar bhail) a thug faoi na suirbhéanna ó dhoras go doras.

Cuireadh bróisiúr eolais i bhfoirm eolaí póca a bhí líon lán le heolas áisiúil chun dramhaíl tí a bhainistiú agus athchúrsáil a dhéanamh agus le leideanna faoi conas airgead a choigilt trí chur amú bia a sheachaint, ar fáil do gach teaghlach a ghlac páirt sa suirbhé.

Bhí eolas sa bhróisiúr ar sheirbhísí athchúrsála agus bainistíochta dramhaíola, eolas ar conas gníomhaíochtaí neamhdhleathacha dramhaíola a thabhairt le fios, cosúil le dumpáil agus dó agus bhí naisc ann le láithreáin ghréasáin áisiúla, cosúil le mywaste.ie agus repairmystuff.ie.

Rinne 500 teaghlach an suirbhé, agus d'éirigh go geal leis an eolaí póca. Tá an treoir ar fáil anois i bhformáid chruachóipe ó gach Ionad Seirbhíse Poiblí agus i bhformáid chóipe boige ar láithreán gréasáin an Údaráis Áitiúil. Tá sé á úsáid fosta mar theimpléad ag údaráis áitiúla eile agus tá an tionscadal á úsáid mar shampla de dheachleachtas ag WERLA Chonnacht-Uladh.

A POCKET GUIDE OF USEFUL INFORMATION FOR MANAGING YOUR HOUSEHOLD WASTE AND RECYCLING IN COUNTY DONEGAL.



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council



Seoladh Achainí Rothair Scoile don Afraic

Oideachas agus Feasacht ar an Chomhshaol

Lean an Chomhairle de chlár cuimsitheach feasachta a chur ar fáil inar díriodh isteach ar scoileanna, sealbhóirí tí, agus gnóilachtaí, eagraíochtaí agus ar ghrúpaí pobail.

Cláraíodh 177 scoil i gClár na Scoileanna Glasa; bronnadh a gcéad Bhratach Ghlas ar 2 scoil, agus rinne 31 scoil a mBratacha Glasa a athnuachan.

Tacaíodh fosta le feachtais náisiúnta cosúil le “Cuir Stop le Cur Amú Bia” (Stop Food Waste) agus “Mí na hAthúsáide” (Reuse Month). D’eagraigh an Chomhairle ceardlanna i bpearsan i rith Mhí na hAthúsáide le 7 ngairdín pobail ar mhúirín a dhéanamh agus smaointe faoi athúsáid sa ghairdín.

I mí na hathúsáide fosta seoladh an feachtas rathúil “Rothair Scoile don Afraic” (School Bikes Africa) i gcomhpháirtíocht le Club Rothlach Leitir Ceanainn agus Bryson Recycling i mí Dheireadh Fómhair. Bailíodh 70 rothar oiriúnach lena ndeisiú agus lena n-athchóiriú sular seoladh chuig an Afraic iad.

Athúsáid Péinte

Baineadh triail phiolótach as an tionscnamh athúsáide péinte ag Ionad Athchúrsála Leitir Ceanainn in 2022.

Athúsáideadh 500kg de phéint tríd an tionscnamh athúsáide péinte i Leitir Ceanainn in 2022. Mar gheall ar an rath a bhí ar an chlár phiolótach, síneadh áis athúsáide péinte chuig trí Ionaid Athchúrsála eile ag Chlochán Liath, Srath an Urláir agus Carn Domhnach. Soláthraíodh cistiú do choimeádáin bhreise stórla tríd an Tionscnamh Frithdhumpála.





Litter Management

A Litter Team comprising 11 staff continues to work closely with Tidy Towns and Community Groups in preventing litter and coordinating clean ups throughout the County.

Holiday Maker Campaign

The Environment Team, with the assistance of the Tourism Unit, delivered a country wide online waste campaign targeting visitors to the county to raise awareness about responsible waste disposal and keeping our environment litter-free. The “Go Visit Donegal” social platforms were utilised in the delivery of the message.

This online campaign coincided with the launch of the Caravan & Camping Code of Conduct which took place in early July, allowing the Council to target both the Caravan & Camping audience and other visitors to the county.

Posters were distributed countywide to local shops and businesses.

Anti-Dumping Initiative

In 2022 Donegal County Council received €134,967 from the Anti-Dumping Initiative which was invested in additional equipment, including technological solutions, a bulky goods amnesty and also in addressing areas where littering and illegal dumping was occurring. This expenditure was in addition to the Council’s own resources and funding provided by the Department of Environment, Climate and Communications for waste enforcement activities.



Dumpáil neamhdhleathach á himscrúdaí ag Maor Bruscair in 2022

Éachtaí

- Cuireadh tús le hathbhreithnithe ar Cheadanna Bailithe Dramhaíola agus ar Cheadanna Saoráide Dramhaíola.
- Feabhas tagtha ar líon na mboscaí dramhaíola bia agus obair bhreise ar na bacáin don bhliain 2023
- Cinnteacht á thabhairt faoi deara san earnáil, tá oibreoirí dramhaíola atá ann cheana ag infheistiú ina n-áiseanna agus an bonneagar agus nósanna imeachta comhshaoil ag feabhsú orthu agus tá gnólachtaí agus cuideachtaí nua dramhaíola ag infheistiú sa Chontae Feabhsú 90% ar chomhlíonadh na rialachán bonn (clárú le REPAK).
- Acmhainní a infheistiú i bhfeabhsuithe ar an anailís sonraí ó bhailitheoirí agus áiseanna, ónar eascair iniúchtaí agus dúnadh áiseanna
- Rinneadh gníomh faoin Scéim Dramhaíola Pacáistithe, tá cuideachtaí breise cláraithe, eisíodh fógraí ag iarraidh faisnéis, tá trí chuideachta arna n-ionchúiseamh agus arna gciontú in 2020 comhlíontach anois.
- Mar thoradh ar chaidreamh oibre tras-stiúrthóireachta san Udarás Áitiúil tá comhlíonadh feabhsaithe comhshaoil i bhforbairtí nua, mar shampla rialáil agus forfheidhmiú dramhaíola ag obair go dlúth le forfheidhmiú agus rialú pleanála
- Comhairleoirí Comhshaoil ag tuairisciú méadú ollmhór ar a n-ualach oibre (faisnéis le cur in iarratas ar chead, measúnuithe riosca comhshaoil) mar thoradh ar na feabhsuithe a rinneadh ar an chóras
- Tá caidreamh níos láidre le go leor de na páirtithe leasmhara mar thoradh ar fhorfheidhmiú dramhaíola níos spriocdhírthe
- Cuireadh rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre agus ionchur ar fáil do phróisis chomhairliúcháin, e.g. Grúpa Oibre Bailíochtaí AR Waste agus foghrúpa do chóid Liosta Dramhaíola.

Baineadh amach an méid seo a leanas in 2022:

Uimhar	Tuairasc
564	Gearáin bruscair agus dramhaíola faighte ón phobal in 2022
2507	Gnáthchigireachtaí dramhaíola a rinneadh
1094	Neamh-Ghnáthchigireachtaí dramhaíola a rinneadh
4005	Gnáthphatróil/imscrúduithe bruscair
392	Cigireachtaí ón aer
55	Cigireachtaí PRI
110	Gníomhartha Forfheidhmithe Dramhaíola
48	Fíneálacha faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar
11	Cásanna Forfheidhmithe Dramhaíola á thabhairt tríd an Chúirt

Ba mhaith le Comhairle Contae Dhún na nGall buíochas a ghabháil leis na baill den phobal a thuairiscíonn dumpáil mhídhleathach agus gníomhaíocht neamhúdaraithe dramhaíola.

Tá sé thar a bheith tábhachtach fosta aitheantas a thabhairt do na 5,600 oibrí deonach i ngrúpaí pobail agus do Choistí na mBailte Slachtmhara, agus buíochas a ghabháil leo, as an dianobair a dhéanann siad gan stad gan staonadh i gcomhar leis an Chomhairle ar ár dturas chun a chinntiú gurb é Dún na nGall an contae is glaine agus is glaise in Éirinn.

Monatóireacht ar Bhainistíocht Cháilíocht an Aeir

Rialacháin nua um Breoslaí Soladacha - Tionscnamh Píolótach Forfheidhmithe

D'éirigh leis an Chomhairle in iarratas ar chistiú do Thionscnamh Píolótach ón DECC faoin Deontas Píolótach Forfheidhmithe Breoslaí Soladacha in 2022.

Thit an Tionscnamh Píolótach amach ó Dheireadh Fómhair go Nollaig 2022 go mbeadh sé ar siúl ag an tráth céanna leis na Rialacháin nua um Breoslaí Soladacha a thabhairt isteach an 1 Samhain 2022. Dhírigh an tionscnamh píolótach ar fheasacht a mhúscailt, cuairteanna a thabhairt ar mhiondóil, faireachas, sampláil guail agus monatóireacht ar cháilíocht an aeir.

Tá monatóirí ar cháilíocht an aeir socraithe agus tá siad ag feidhmiú go leanúnach ag láithreacha oiriúnacha i Leitir Ceanainn agus i mBun Cranncha, agus tá torthaí maithe do PM10 agus PM2.5, príomhtháscairí truaillithe aeir ó dhó guail toiteach léirithe sna cinn i mBun Cranncha. I gcás Leitir Ceanainn, tháinig borrrha móra faoi sna paraiméadair tháscaire seo ag tús an tséasúir dhóite, rud a dhearbhaigh go bhfuil sé ina dhúshlán i gcónaí gual deatach a dhó i “limistéar coisc”.

Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte

Tá Aonad Scéimeanna Faoisimh ó Thuilte (FRS) Chomhairle Contae Dhún na nGall ag bainistiú tionscadail ar fhorbairt scéimeanna i 7 láthair; Bun na hAbhann, Caisleán na Finne, na Gleannta, na Dúnaibh, Bealach Féich agus Srath an Urláir, Bun Cranncha, chomh maith le Ludán agus Ráth Mealtain

FRS Bheart 1 Dhún na nGall

Rinne na Comhairleoirí Innealtóireachta agus Comhshaoil atá freagrach as Bun na hAbhann, Caisleán na Finne, na Gleannta agus na Dúnaibh, ar a dtugtar FRS Bheart 1 Dhún na nGall le chéile, an measúnú hidreolaíoch agus an samhaltú hidrálach a thabhairt chun cinn do gach scéim le linn 2022.

Ba é an toradh air seo, rinneadh Measúnú Roghanna ar bhearta maolaithe tuilte do Bhun na hAbhann agus Caisleán na Finne agus cuireadh Laethanta Eolais Poiblí ar siúl do gach scéim i bpearsan i Samhain 2022. Táthar ag súil leis go seolfar cead pleanála do na roghanna is dócha a roghnófar don dá scéim i Samhradh 2023. Mar gheall ar a láthair chósta, rinneadh measúnú breise ar na Dúnaibh i dtaobh bheith tugtha d'athrú aeráide agus theastaigh am breise uaidh seo. Taispeánfar na roghanna is dócha a roghnófar do na Dúnaibh agus na Gleannta go déanach in earrach/go luath i samhradh 2023.



Lá Eolais Poiblí do Bhun na hAbhann in Óstán an Ghrianáin, Samhain 2022

FRS Bheart 2 Dhún na nGall

I measc na scéimeanna sna bailte eile, tá Bun Cranncha, Bealach Féich agus Srath an Urláir, agus Ráth Mealtain.

Tá an measúnú hidreolaíoch déanta agus tá na céimeanna deiridh bainte amach faoi láthair ag samhaltú hidrálach ar na dálaí bonnlíne. Gabhfaidh an Measúnú ar Roghanna i gcaitheamh shamhradh 2023.

Bronnadh conradh d'Imscrúdú Talún (GI) do Bhealach Féich agus Srath an Urláir, agus díreann ar chlaifort Bhealach Féich. Seo an chéad chéim sa phróiseas measúnaithe ar na claifort seo agus príomhní um chur chun cinn a bheidh ann lena nglacadh mar chuid den scéim ar deireadh thiar.

Lean an tAonad FRS de bheith ag tacú le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le FRS Leifear agus na Ceathrún Caoile a sholáthar le linn 2022. Rinne an tAonad idirchaidreamh idir tionscadail chomhchosúla, cosúil leis an Pháirc Phobail Abhann agus Ten-T laistigh de CCDG agus chuir sé comhordú le comhghleacaithe chun cinn ar fud na teorann ag oibriú ar Chonair Iompair A5 an lathair le soláthar comhcheangailte i measc na dtionscadal go léir a chinntiú.

D'oibrigh an tAonad go dlúth fosta le hlontaobhas Aibhneacha Inis Eoghain agus KPM Soils i rith 2022 ar thionscadal Cistithe Nuálaíochta Seirbhíse Poiblí KNOT (Knotweed, Novel Organic Treatment) ar chlár píolótach mórsála é de chóireáil glúiní trí úsáid a bhaint as móta agus láisteáit a bhfuil innealtóireacht déanta orthu. Tá clár monatóireachta i bhfeidhm le measúnú a dhéanamh ar thorthaí.

Bainistíocht Tránna

Bronnadh 14 Bratach Ghorm ar Dhún na nGall in 2022 ina raibh 12 ag tránna agus 2 cheann do mhuiríní ag an Chaisleán Nua agus Ráth Maoláin. Ba é seo an líon ab airde Brat Gorm a bronnadh sa tír, ar cóimhéid le Ciarraí. Ba iad na tránna ar bronnadh na Bratacha Gorma orthu ná Bun Dobhráin, an Charraig Fhinn, Cúil Dabhcha, na Dúnaibh, Fionntrá, Trá na Cille, Cnoc an Mharmair, Murbhach, an Fhearhainn, Port an tSalainn, Ros Neamhlach agus an Strúibh.

Bronnadh gradaim Chósta Ghlais ar cheithre thrá, ag Baile Thiarnáin, an Dumhaigh, Droim na Tinne agus Machaire Rabhartaigh.

Dúshlán leanúnach atá sa bhruscar ag ár dtránna, oibríonn na haonaid bhruscair aonaid, anuas ar na Maoir Bhruscair, na Gardaí Tarrthála agus an earnáil dheonach gan stad gan staonadh lenár dtránna a chothabháil.

Tá aitheantas tuillte ag an earnáil dheonach dá rannchuidiú as cuimse lenár dtránna agus ár n-imeallbhord.

Bhí an-tóir fosta ar cathaoireacha rothaí ar an trá ag Ráth Maoláin, Cnoc an Mharmair, na Dúnaibh, an Charraig Fhinn, Ros Neamhlach, an Fhearhainn, Fionntrá agus Bun Dobhráin in 2022 agus cuirfear ar fáil fosta iad i gCúil Dabhcha go luath in 2023.



Cathaoireach Rothaí Trá á seoladh ag Bun Dobhráin

Sábháilteacht Uisce

Thosaigh Comhairle Contae Dhún na nGall feachtas earcaíochta cuimsitheach do Ghardaí Tarrthála roimh Shéasúr Snámha 2022 agus 2023.

Chuathas i mbun bearta breise sa dara cuid de 2022 roimh Shéasúr Uisce Snámha 2023 agus áiríodh leo seo idirchaidreamh a dhéanamh le hollscoileanna agus aontais mhac léinn fud fad na tíre agus i dTuaisceart Éireann.

Eisíodh pacáí eolais do gach ceann de na príomhionaid fóillíochta i gcontaetha Dhún na nGall, Dhoire agus Thír Eoghain. Thaispeáin na trí phríomheagraíocht sábháilteachta uisce, Sábháilteacht Uisce na hÉireann, Garda Cóstá na hÉireann agus the Royal Life Saving Society póstaer eolais fosta ar a n-asraonta meán sóisialta.

Straitéis Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide Cósta

Mar thoradh ar na dúshláin maidir le hathrú aeráide, tá roinnt tionscadail oiriúnaithe cósta á gcur chun cinn ag an Chomhairle.

- Staidéir um Bainistíocht Riosca Tuilte agus Riosca Creimthe Cósta (CFERM) ar cheithre shuíomh laistigh de Cheantar Bardasach na nGleannta (an Fhearhainn/Gaoth Beara, an Machaire, Cuan Inis Fraoigh/an Bhráid agus Machaire Rabhartaigh/Droim na Tine).
- Monatóireacht ar an Chósta do chúig shuíomh ar Inis Eoghain ag Cuan Bhaile na Carraige, Trá na Tulcha, Trá Pholláin (Baile Lifín), Trá na gCúig Méar agus an Bhinn Bhán, tar éis CFERM
- Ag tacú le pobail cois cósta, ag obair leis an dúlra, chun iad féin a chur in oiriúint d'athrú cósta ag an gCarraig Fhinn, Droim na Tine, Machaire Rabhartaigh, an Dumhaigh, an Machaire agus Lios Fionnain.
- Dul i ngleic le speicis ionracha a dhéanann bagairt ar an bhithéagsúlacht dhúchasach agus ar iomláine ár gcósta. I measc na dtionscadal tá an draighean mara a dhíothú ar urthrú Ráth Maoláin agus Phort an tSalainn agus innilt a dhéanamh ar speicis ionracha a thabhairt isteach ag Cúil Dabhcha.

Scéim Cistithe Údarás Áitiúil an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2021-2022

Tá speicis ionracha neamhdhúchasacha tar éis achar thart ar 0.5 heicteár de na dumhcha ag Cnoc an Mharmair a choilíniú agus cruthaíonn seo bagairt d'fhásra dúchasach na ndumhcha.

D'éirigh le Comhairle Contae Dhún na nGall iarratas a dhéanamh ar chistiú faoi Scéim Cistithe Údarás Áitiúil an Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Náisiúnta 2021-2022 leis an tsaincheist a chomhrac. I gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, fostaíodh conraitheoir chun dul i ngleic le speicis ionracha ag Cnoc an Mharmair.

I measc na modhanna ina rialaítear speicis ionracha a dhéanann difear, tá rialú Meicniúil (gearradh le sábh agus tarraingt aníos de láimh) agus rialú Ceimiceach (luibhicíd a úsáid).

Líne nádúrtha chosanta cósta iad dumhcha a mbaineann tábhacht níos mó leo le himeacht ama de réir mar a thugaimid leibhéil farraige atá ag dul in airde agus teagmhais adhaimsire níos minice faoi deara. Cinnteoidh lámh chúnta a thabhairt don dúlra ag Cnoc an Mharmair go mbeidh na dumhcha slán amach anseo.

Straitéis Oiriúnaithe d'Athrú Aeráide

